

Beatha Cholm Cille



Anraí Mac Giolla Chomhail

Saothar eile leis an té a thiomsaigh an leabhar seo:-

Ó F.N.T.:

Díolaim Próis, A.D. 1450-1850 (1971)

Taisteal agus Iompar in Éirinn (1974)

Ó Chló Oirghialla:

Lúth na Teanga (1972)

Rogha agus Togha (1975)

Colm Cille: His Life and Work (1975)

Fíorscéal agus Fínscéal (1976)

Éadail (1980)

Deise Labhartha, Deise Scríofa (1980)

Ó C. J. Fallon:

Fás, A-I (1977-79), i gcomhar le Pádraig Ó hAodha

Saol ár Linne (1977) i gcomhar le Mícheál Ó Máirtín

Ó Chomhaltas Uladh:

Scéalta Johnny Shéamaisín—eagarthóir (1974)

Meascra Uladh—eagarthóir (1974)



Ara Coeli Ard Mhacha/Armagh

TULRÁ

Tá lúcháir orm gurb í “Betha Colaímh Chille” a toghadh mar an triú himleabhar sa tsraith “Saíocht ár Sean”. Agus gí gur díolaímh atá á foilsiú agus nach é an téacs iomlán, ní shílím go ndéanfar mórán díobhála lena linn sin, óir tá an-chuid sraitheanna de mhóitífeanna sa bhuntéacs—míorúiltí, fáistíní, comparáidí le naoimh eile, srl., gnéithe a mbíonn tú ag súil leo sa naomhsheanchas i dtólamh—agus is leor samplaí anseo is ansiúd as gach sraith acu a chur síos le Gaeilge chumasach, chlasaiceach an údair a bhlaiseadh.

Seo an saothar litríochta ón 16ú haois is cosúla le “caint na ndaoine”. Is é is cóngaraí do chanúint bheo Ghaeltacht Thír Chonaill. Ní fhéadfá é a léamh gan do chumas scríbhneoireachta sa teanga a shaibhriú.

Sagart a bhí sa Chéilleacharach a chuir eagar ar an bhun-scribhinn i 1918. Is deas mar a tharla gur ina shagart le cúpla mí anuas atá an t-eagarthóir nua, Anraí Mac Giolla Chomhaill, agus na “Sleachta” ar tí teacht amach.

Sibhse go léir a bhfuil fonn oraibh máistreacht a fháil ar an teanga agus stíl tharraingteach a chleachtadh inti, imigí ar thóir an leabhair seo agus léigi go mion agus go minic é.

+ Tomás Cárndínéal Ó hAicé

Ard-Easpag Ard Mhacha.

Saíocht ár Sean—3

BEATHA CHOLM CILLE

Sleachta as BETHA COLAIM CHILLE

a thiomsaigh

MÁNAS Ó DÓNAILL

Sa bhliain 1532 A.D.

*Arna cur in eagar i litriú na linne seo mar aon le réamhrá,
nótaí, foclóir agus innéacsanna*

ag

ANRAÍ MAC GIOLLA CHOMHAILL



FOILSEACHÁIN NÁISIÚNTA TEORANTA

29 SRÁID UÍ CHONAILL ÍOCH.

BAILE ÁTHA CLIATH 1

An Chéad Chló 1981

© Foilseacháin Náisiúnta Tta. 1981

*Arna chlóbhualadh ag Foilseacháin Náisiúnta Teoranta
ina gclólanann féin i gCathair na Mart, Co. Mhaigh Eo*

FOCAL BUÍOCHAIS

Ba mhaith liom mo bhuíochas croí a ghabháil leis na cairde fiala a spreag chun oibre mé agus a chabhraigh liom agus mé ag ullmhú na díolama seo as *Betha Colaim Chille* Mhánais Uí Dhónaill: leis an Mhonsignor Seán Ó Coinne, iar-Shagart Paróiste Dhún Geanainn, a chéadmhol dom tabhairt faoin téacs agus a chuir suim san obair ó thús go deireadh; lena Shoilse Tomás Cairdinéal Ó Fiaich, a chuir comhairle orm go minic agus a scríobh Tulrá; leis an Chanónach Cathal Mac Gairbheith, S.P., Oileán an Ghuail, a thug a chóip féin den *Betha* ar iasacht dom a fhad is bhí mé ag gabháil den díolaim seo; le Seán Mac Philib, a bhí ina leabharlannaí in Ollscoil na Ríona, Béal Feirste, agus a chuir fócastait ar fáil dom; le muintir F.N.T. agus go mór mór le Pádraig de Barra, a chuir comhairle orm ó thús go deireadh; agus le duine ar bith eile a chuidigh liom ar dhóigh ar bith.

Ní bheadh an díolaim seo ann ach ab é eagrán scolártha an Ath. Andrew O'Kelleher agus Gertrude Schoepperle den *Betha* a cuireadh amach in Illinois sa bhliain 1918, agus atá, faraor, as cló le fada an lá. Ba mhaith liom mo chomaoín ar an bheirt sin a chur in iúl anseo: go raibh solas na bhflaith-eas acu beirt!

Anraí Mac Giolla Chomhaill

Dún Geanainn,
Tír Eoghain.
Lúnasa 1980

CLÁR

Réamhrá	9
Giorrúcháin	27
Roghachlár Leabhar; Ailt	29
Tagraí	31
An Téacs	35
Nótaí ar na Sleachta	187
Innéacs Daoine	201
Innéacs Áiteanna	205
Innéacs Téacsanna a Luadh	209
Innéacs Sleachta	211
Foclóir	215

RÉAMHRÁ

1. COLM CILLE

Tá an-lear scéalta, ráflaí agus seanchais againn faoi bhreith, faoi bheatha agus faoi bhás Cholm Cille, ach fíor-bheagán fíricí.

Is iad na foinsí is intaofa dá bhfuil againn:

(1) *Vita Sancti Colombae*, a scríobh Adhamhnán, naoú hab Í, tuairim is ar chéad bliain i ndiaidh bhás Cholm Cille.

(2) Na hAnnála: tá scoláirí den tuairim, áfach, gur ó Adhamhnán a fuair lucht deachtaithe na n-annála cuid mhaith de na dátaí a bhaineas le Colm Cille.

(3) *Historia Ecclesiastica* a scríobh Sasanach darbh ainm Beda sa bhliain 731 (.i. 134 bliana i ndiaidh bhás Cholm Cille).

Níl na foinsí seo ag teacht le chéile faoi phríomhdhátaí shaol Cholm Cille. Ní luann ceann ar bith acu dáta a bhreithe, bíodh is go dtugann siad go leor eolais dúinn lena dhéanamh amach. Seo achoimre ar an eolas a thugtar dúinn sna foinsí atá luaite agam:

	Beda	Adhamhnán/AU(†)
Teacht Cholm Cille go hÍ	565 A.D.	563 A.D.
A aois san am sin	(*)45	41
Na blianta a chaith sé in Í	32	34
Dáta a bháis	597 A.D.	595 A.D.
A aois ag a bhás	77	75


(*) Is féidir sin a oibriú amach ó na figiúirí eile a thugtar.

(†) AU — Annála Uladh.

Má chuirimid an t-eolas sin le chéile, chífimid go bhfuil na foinsí ag teacht le chéile ar phointe amháin, .i. faoi dháta a bhreithe, 520 A.D.¹

I dtaca le dáta a bháis de, is ag Beda atá an ceart, óir maíonn na foinsí eile (Adhamhnán agus na hannála) go bhfuair Colm Cille bás (i) oíche Dhombnaigh, (ii) 9 Meitheamh.² Ba Dhomhnach an 9ú Meitheamh sa bhliain 597, agus sa bhliain sin amháin. Maidir le teacht Cholm Cille go hÍ de, is é is dócha gur ag Adhamhnán agus ag AU atá an ceart, óir deir Adhamhnán gur tháinig sé ann “dhá bhliain i ndiaidh Chath Chúil Dreimhne”, cath a troideadh sa bhliain 561 de réir na bhfoinsí uile.

Shíolraigh Colm Cille ó Niall Naoighiallach. Ba de Chinéal Chonaill, d’Uí Néill an Tuaiscirt, é. Seo í a chraobh ghinealaigh:



Ba í Eithne a mháthair: ba de Uí Bhairrche Laighean

í. Mar sin de, ba de shliocht ríoga Colm Cille ó thaobh na dtaobhann.

Criomhthann an t-ainm a baisteadh ar an naomh an chéad uair, focal a bhfuil an chiall “sionnach” leis. Tugadh an t-ainm crábhaidh air le linn a óige, deirtear linn. Bhí an t-ainm “Colm” coitianta go leor mar ainm crábhaidh san am sin.³

De réir Adhamhnáin,⁴ cuireadh ar oiliúint ag fear darbh ainm Cruithneachán é. Bhí Cruithneachán ina chónaí, is cosúil, i gceantar Chill Mhic nĒanáin, nach raibh rófhada ón áit ar rugadh Colm Cille, Gartán.

Níos moille, rinne Colm Cille staidéar faoi Fhinnian: ós rud é nach raibh Finnian Mhaigh Bhile mórán níos sine ná Colm Cille féin,⁵ is dócha gur Finnian Chluain Ioraird i gContae na Mí atá i gceist. Bhí clú agus cáil ar an Fhinnian seo mar oide manach. Bhí oide eile as an cheantar chéanna seo ag Colm Cille — Gemman — tamall sula ndearnadh sagart de. Oide sa léann dúchais a bhí ann, mar Ghemman.

De réir AU, bhunaigh Colm Cille a chéad mhainistir — i nDoire — sa bhliain 546. Aisteach go leor, gí go luann sé an áit a dó nó a trí de chuarta, ní luann Adhamhnán *mainistir* Dhoire ar chor ar bith, ná ní luann Beda ach oiread í, ach tá an traidisiún chomh láidir sin gur féidir linn glacadh leis gurbh é Colm Cille a bhunaigh an mhainistir chlúit-each sin.

Bhunaigh sé mainistir i nDarmhagh (Uíbh Fhailí) fosta, ach tá fianaise i leabhar Adhamhnáin gur bunaíodh an mhainistir sin tamall de bhlianta i ndiaidh do Cholm Cille dul go hÍ.⁶

Troideadh Cath Chúil Dreimhne sa bhliain 561.⁷ Tá Cúil Dreimhne suite idir Droim Cliabh agus Sligeach. Bhuaigh Uí Néill an Tuaiscirt maille le hAodh, Rí Chonnacht, ar Dhiar-

maid mac Cearbhaill, Rí Uí Néill an Deiscirt agus Ardrí Éireann. Ní abrann Adhamhnán in áit ar bith in VSC go raibh baint ar bith ag Colm Cille leis an chath fhuilteach seo, ná go raibh baint ar bith ag an chath le deoraíocht Cholm Cille in Albain. Ach tá traidisiún láidir seanbhunaithe sa tír seo go raibh baint ag an naomh leis an chath.

De réir an traidisiúin seo,⁸ bhí Curnán, mac Rí Chonnacht, ina ghiall ag Diarmaid mac Cearbhaill, Ardrí Éireann. Bhí cairdeas idir Colm Cille agus Curnán⁹ agus bhí barántas cosanta tugtha ag Colm Cille dó. Mharaigh Diarmaid Curnán d'ainneoin Cholm Cille, agus ghríosaigh sé siúd a mhuintir féin — Cineál Chonaill agus Cineál Eoghain — le teacht i gcabhair ar Aodh, Rí Chonnacht, agus ionsaí a dhéanamh ar Dhiarmaid in éiric bhás Churnáin. Deir réamhrá an dáin Laidine atá leagtha ar Cholm Cille, *Altus Prosector*,¹⁰ gur bhraith Colm Cille go raibh sé ciontach i mbás na ndaoine uilig a maraíodh le linn an chatha agus gur chum sé an dán ag iarraidh maithiúnais ar Dhia ina choir. Deir réamhrá don dán *Amhra Cholm Cille*, a chum Dallán Forgaill in onóir Cholm Cille,¹¹ go ndeachaigh Colm Cille ar deoraíocht go hÍ mar leorghníomh ina pheaca.

Bíodh is nach bhfuil an traidisiún seo ag Adhamhnán, is féidir go bhfuil bunús éigin leis, óir ag Sionóid Tailteann, a tionóladh sa bhliain 562 A.D. (i ríocht Dhiarmada mhic Cearbhaill, rud atá spéisiúil ann féin), iarradh go gcoinnealbháfaí Colm Cille ar chúis éigin nach luaitear. Agus bhí ráflaí faoi choir Cholm Cille ar eolas ag Beda,¹² cé go maíonn sé nach bhfuil rún aige aird ar bith a thabhairt orthu.

Is é a deir Adhamhnán faoi dheoraíocht Cholm Cille go ndeachaigh sé dá thoil féin *pro Christo peregrinari volens*, cuspóir a mbeifeá ag súil leis ag manach sa 6ú céad, nuair ba sméar mullaigh ag manaigh an deoraíocht ar son Chríost:

“Mioscais an cheantair, searc an alltair,” mar a dúirt Gael de chuid na linne sin.¹³

Cá bith faoi chuspóir Cholm Cille is é ag dul ina dheoraí go hAlbain, thug sé aghaidh an chéad uair ar Chonall mac Comhghaill, Rí Dhál Riada.¹⁴ Tá seans ann gurbh é Conall a bhronn Í ar Cholm Cille, gí nach luann Adhamhnán sin, agus gí go n-abrann Beda gur Píochtaigh na hAlban a bhronn an t-oileán ar an naomh.

Níorbh í mainistir Í an t-aon mhainistir a bhunaigh Colm Cille in Albain: i measc na mainistreacha eile a luaitear in VSC tá Hinba (níl a fhios againn go cinnte cá raibh sí sin) agus Etica (Tíree). Ach níl amhras ar bith ann ach gurb í mainistir Í ba thábhachtaí: i dtrian de na scéalta in VSC agus in BCC is in Í atá Colm Cille lonnaithe.

Sa bhliain 574, rinne Colm Cille Aodhán mac Gabhráin a rí in Í mar rí ar Dhál Riada. Faoin am seo, bhí col ceathrar le Colm Cille, Aodh mac Ainmhireach, ina ardrí ar Éirinn. Seo mar tharla sin: sa bhliain 563, le linn do Cholm Cille bheith ar cuairt ag Conall mac Comhghaill, bhuaigh Uí Néill an Tuaiscirt Cath Mhóin Doire Lothair ar Dhál nAraidhe (ríocht Chruithneach in oirthear Uladh). Mharaigh Aodh Breac, Rí Dhál nAraidhe, Ainmhire Mac Séadna, Rí Chineál Chonaill, agus beirt mhac Mhuircheartaigh mhic Earca de Chineál Eoghain. Sa bhliain 565, mharaigh Aodh Dubh mac Suibhne, comharba Aoidh Bhric i ríocht Dhál nAraidhe, Diarmaid mac Cearbhaill, an tArdrí. Fuair Uí Néill an Tuaiscirt greim ar an Ardríocht ansin, agus rinne Cineál Eoghain agus Cineál Chonaill sealaíocht inti go ceann i bhfad ina dhiaidh sin.

Bliain i ndiaidh rí Aodhán mhic Gabhráin, thug Aodh mac Ainmhireach Mórdháil Dhroim Ceat¹⁵ le chéile, d’fhonn easaontas idir é féin agus Dál Riada a réiteach. Tugadh

cuireadh do Cholm Cille mar chomhréiteoir. Trí rudaí a bhí le socrú, de réir cosúlachta: (i) an caidreamh idir Ríocht Dhál Riada agus an Ardríocht, (ii) ceist na bhfilí, a bhí ag éirí rófhlúirseach agus róchumhachtach, dar le hAodh, agus (iii) ceist Scannlán mhic Colmáin Rí Osraí, a bhí ina ghiall ag Aodh mac Ainmhireach.

Bhí deacracht faoi dhílseacht Dhál Riada don Ardríocht, ó tharla cuid den ríocht a bheith in Éirinn agus cuid di in Albain. Mhol Colm Cille go nglacfaí leis an bhreith a thug fear clúiteach dlí a bhí sa láthair, Colmán mac Comhghealláin, .i. go n-íocfadh Dál Riada Éireann cáin leis an Ardrí agus go gcuirfeadh siad a gcuid saighdiúirí ar fáil dó in aimsir chogaidh, agus go gcuirfeadh siad a gcuid fórsaí mara ar fáil d'Aodhán mac Gabhráin, Rí Dhál Riada Alban. Chuir Colm Cille aguisín beag dá chuid féin leis an mholadh sin — go ngeallfadh Rí Dhál Riada Alban gan cogadh a chur ar Ardrí Éireann go brách.

Bhí Aodh mac Ainmhireach ag iarraidh na filí a ruaigeadh as an tír ar fad. Bhí siad ag éirí i bhfad rólíonmhar agus i bhfad ródhána, agus bhí siad i ndiaidh aortha a dhéanamh air féin. Tharla bá ar leith a bheith ag Colm Cille leis na filí, agus ba é an moladh a rinne sé sa chás ná go ngearrfaí anuas ar líon agus ar phribhléidí na bhfilí ach gan a n-ionnarbadh as an tír ar fad. Glacadh leis an mholadh sin.

Maidir le Scannlán de, mhol Colm Cille go scaoilfí láithreach as a bhraighdeanas é. Dhiúltaigh Aodh glan sin a dhéanamh ach rinne Colm Cille tairngreacht go scaoilfí Scannlán saor d'ainneoin Aoidh agus, más inchreidte an scéal, tháinig an tuar faoin tairngreacht.

Anois, bhí Aodhán mac Gabhráin thar a bheith sásta le saothar Cholm Cille le linn Mhórdháil Dhroim Ceat, agus ó shíl sé go raibh sé in am aige réiteach a dhéanamh lena

chomharsana ar an taobh eile, na Piochtaigh, cé ab fhearr a chur mar thaidhleoir ná Colm Cille? Chuaigh Colm Cille ionsar Bhrude, Rí na bPiochtach, mar sin, agus ainneoin nach bhfuil a fhios againn ar éirigh leis cairdeas a shnaidhmeadh idir Aodhán agus Brude,¹⁶ táimid measartha cinnte de gur éirigh leis Críostaithe a dhéanamh de chuid mhaith de bhunadh na bPiochtach le linn a chuairte.

Deir Adhamhnán go raibh Colm Cille ar ais in Éirinn ar feadh roinnt míonna tuairim na bliana 585,¹⁷ tráth ar bhunaigh sé mainistir Dharmhaighe, más fíor d'Adhamhnán. Níl fáth ar bith, ar ndóigh, nach rachadh Colm Cille ar ais go hÉirinn le súil a choinneáil ar a chuid mainistreacha sa tír seo.

An cuntas atá againn ar laethanta deiridh an naoimh, agus ar a bhás, is dócha gur ar thraidisiúin a bhí beo in Í in aimsir Adhamhnáin atá sé bunaithe. Scríobh an seachtú hab, Cumméne (+669), leabhar dar teideal *Liber de virtutibus Colombae* — leabhar atá cailte anois — agus is é is dócha go raibh sin i measc na bhfoinsí ar bhain Adhamhnán feidhm astu.¹⁸

Bhí a fhios ag Adhamhnán¹⁹ cá háit a raibh Colm Cille curtha in Í. Níl craiceann na fírinne ar an scéal faoi chorp an naoimh teacht go hÉirinn is faoina athchur in aon uaigh le Pádraig is le Bríd i nDún Pádraig.²⁰ B'fhéidir go bhfuil bunús éigin leis an scéal mar tá sé againn, sa mhéid is gur dócha go ndearna na Lochlannaigh slad ar Í is gur thug siad creach leo as, ach is éadócha go bhfuil corp Cholm Cille áit ar bith ach in Í.

De na dánta uilig atá leagtha ar Cholm Cille, tá na scoláirí cinnte de nár chum sé ach dhá cheann Laidine, an *Altus Prosator* agus cuid den *Noli Pater indulgere*.²¹ Na dánta Gaeilge atá curtha síos dó, níl oiread is ceann amháin

acu a bhféadfaimis a rá gurbh é Colm Cille a chum é. Níl an teanga iontu ag cur le staid na teanga mar is eol dúinn í bheith le linn Cholm Cille. Bhí sé de nós ag na filí dánta a chur i mbéal duine chlúitigh — Oisín nó Fionn, mar shampla. Ionann sa chás na dánta a bhfuil ainm Cholm Cille leo. Ní hé go raibh na filí ag iarraidh dallamullóg a chur orainn; ní raibh ann ach go raibh siad ag cloí le traidisiún seanbhunaithe sa tír, agus ag tabhairt onóra do Cholm Cille, a raibh bá chomh mór sin leis na filí aige.

Tá clú ar Cholm Cille mar scríobhaí agus mar mhaisitheoir lámhscríbhinní. Arís, níl oiread is lámhscríbhinn amháin a dtig linn bheith cinnte de gur ó láimh dhílis Cholm Cille féin í. Tógaimis mar shampla an *Cathach*, an chóip úd de na sailm a d'iompraítí sna cathanna nuair a bhíodh Dálaigh Thír Chonaill ag troid. Is é a dtig leis na saineolaithe ar lámhscríbhinní a rá linn²² gur féidir gur scríobhadh i ndara leath an 6ú céad í: mar sin de, d'fhéadfaí gurbh é Colm Cille a scríobh í, ach sin a dtig linn a rá.

Sin achoimre ar fhíricí bheatha an naoimh chomh fada agus is féidir linn iad a dhéanamh amach. Níor mhaith liom a mhaíomh gur bréagach gach traidisiún eile atá againn faoin naomh: tá buanfas sa traidisiún bhéil — a shéanfadh cuid mhór staraithe — ach ó tharla nach staraí mé féin, ní miste liom cluas a thabhairt do ghuth an bhéaloidis corruair.

2. MÁNAS Ó DÓNAILL

Ba shaighdiúir, ba thaoiseach agus b'fhile Mánas Ó Dónaill, an té faoi deara BCC a chur i dtoll a chéile.

Ní fios dúinn go beacht cén uair a rugadh é, ach is cosúil gur tuairim na bliana 1490 a tháinig sé ar an tsaoil. Ba é

an mac ba shine é ag Aodh Ó Dónaill, taoiseach Thír Chonaill: tugann sé a chraobh ghinealaigh go hachomair dúinn sa réamhrá a chuir sé le BCC:

. . . Mánas, mac Aodha, mhic Aodha Rua, mhic Néill ghairbh, mhic Thoirealaigh an fhfona Uí Dhónaill . . . §10

Bhí a athair, Aodh, sa Róimh 1510-11²³ agus, bíodh is nach raibh Mánas ach faoi thuairim scór bliain d'aois, ghlac sé áit a athar le Tír Chonaill a chosaint ar a namhaid, Niallaigh Thír Eoghain.

Ní chluinimid rud ar bith eile faoi go dtí an bhliain 1527²⁴, tráth bhí a chaisleán á thógáil aige i bPort na dTrí Namhad (in aice le Leifear) ar an Fheabhal.

Níorbh fhada socair ina chaisleán úr é, is cosúil, go raibh sé ag cur suime sa tseanchas a bhain lena shinsear iomráiteach, Colm Cille, óir ba sa bhliain 1532 a cuireadh BCC i dtoll a chéile:

I gCaisleán Phort na dTrí Namhad, iomorro, do deachtadh²⁵ an *Bheatha* seo an tan ba shlán dhá bhliain déag ar fhichid, ar chúig chéad, ar mhíle bliain don Tiarna. §13

Tamall beag sular chuir sé BCC le chéile a thit Mánas amach lena athair, Aodh Dubh.²⁶ Bhí sé creidte go daingean ag Mánas gur chóir cairdeas a shnaidhmeadh idir na taoisigh Ghaelacha, agus go háirithe idir na sean-naimhde úd, Dálaigh Thír Chonaill agus Niallaigh Thír Eoghain. Nuair a thit sé féin is a athair amach le chéile, chloígh Mánas ar feadh seal leis na Niallaigh in éadan a mhuintire féin.²⁷

Ach, ar bhás a athar sa bhliain 1537, ba é Mánas a toghadh ina thaoiseach.²⁸

Ba bhliain thábhachtach an bhliain sin 1537. Tháinig na taoisigh Ghaelacha le chéile le hIarla Chill Dara a dhéanamh de Ghearóid Mac Gearailt.²⁹ Roimhe sin, bhí Anraí VIII na

Sasana i ndiaidh Fear Ionaid an Rí a dhéanamh d'athair Ghearóid, Gearóid Óg, ar mhaithe lena chuspóirí féin. Thug Anraí lánchead dó nósanna agus gnásanna na nGael a chur chun cinn, fiú sa Pháil, ach nuair a chuaigh Iarla Chill Dara thar fóir, dar le hAnraí, glaoth ar ais chun na Sasana air agus cuireadh tréas ina leith. Sular imigh sé, d'fhág sé a mhac, Tomás "an tsíoda", ina dhiaidh mar Leas-Fhear Ionaid, ach nuair a chuala seisean ar ball faoin drochbhail a bhí ar a athair, rinne sé ionsaí ar an Pháil, agus ba ar éigean a d'éirigh leis an Fhear Ionaid úr a bhí ceaptha ag Anraí — Skeffington — cúl a chur ar an ionsaí. Ba é an mín is an réiteach a bhí ar an scéal gur cuireadh Tomás "an tsíoda" chun báis, agus gur bascadh clann na nGearaltach go huile, amach ó Ghearóid, a coinníodh i bhfolach i gcoillte Uíbh Fhailí. Ba í an ainíde sin ba chúis leis na taoisigh Ghaelacha teacht le chéile i 1537 agus Iarla Chill Dara a dhéanamh de Ghearóid.

Sa bhliain 1538, phós Máнас Ó Dónaill deirfiúr le Gearóid Óg, Eileanór Mhic Cárthaigh — an bhean a raibh Gearóid, mac Ghearóid Óig, faoina cúram.

(Is dócha gur don bhean seo atá Máнас ag tagairt i gceann de na dánta grá a chum sé, "Croidhe seo dá ghoid uainne":³⁰

Uaimse ag infón an Iarla
trua gan iasacht mo chroidhe,
go dtuigeadh féin nach bhféadar
bréagadh croidhe i mbí tuirse.)

Ní raibh na Sasanaigh róshásta, ar ndóigh, leis an phósadh seo,³¹ agus rinne an Fear Ionaid úr a ceapadh san am, Lord Leonard Grey, a sheacht ndícheall leis an Chonradh Gearaltach a scriosadh. D'éirigh leis cumhacht na dtaoisigh each Gaelach a bhriseadh agus na Gearaltaigh a bhascadh

go huile is go hiomlán. Agus buadh ar Mhánas Ó Dónaill agus ar Chonn Ó Néill i gCath Loch Bhéal Átha hÓ sa bhliain 1539.³²

Is cosúil nach bhfacthas do Mhánas Ó Dónaill go raibh aon dul as aige ach a shíocháin a dhéanamh le Rí na Sasana. Ghéill sé d'Anraí sa bhliain 1540 agus d'iarr sé an “slabhra óir” — comhartha go raibh sé á chur féin faoi chumhacht an Rí — sa bhliain 1542.³³ Go gairid ina dhiaidh sin, ghéill Ó Néill is na taoisigh eile. Bhí deireadh go deo leis an aisling go gcuirfeadh na taoisigh Ghaelacha le chéile agus Mac Gearailt ar a gceann.

Dar le daoine áirithe gur tréas a bhí sa ghníomh sin Mhánaís. Cháin file anaithnid é i ndán chlúiteach, “Fúbún fúibh”:

Ó Dónaill Átha Seanaidh
nár ob deabhaidh ná doghraing,
d'Éirinn ba mhór an t-angar —
do mheath Mánaís Ó Dónaill . . .

Fúbún fán ngunna nGall nglas,
fúbún fán slabhra mbuí,
fúbún fán gcúirt gan bhéarla,
fúbún séanadh Mhic Muire!³⁴

Ní hiad na filí amháin a bhí anuas air ach a mhac féin, ar a dtugtaí “an Calbhach”. Níorbh fhada i ndiaidh “thréas” seo Mhánaís Uí Dhónaill a bhris an seanachrann idir Dál-aigh agus Niallaigh amach athuair (1544),³⁵ agus sa bhliain 1548³⁶ faighimid an Calbhach ag troid in éadan a athar, díreach mar throid sé siúd in éadan a athar féin, conabhlach fiche bliain roimhe sin. Ar dtús, ní raibh rath ar throid an Chalbhaigh, ach sa bhliain 1555,³⁷ le cabhair slua a chruinnigh sé in Albain, chreach an Calbhach Tír Chonaill is rinne príosúnach dá athair. Rinne an Calbhach taoiseach de féin.

Is dócha gur ag tagairt don ní sin a bhí Mánas sa dánfhocal seo atá curtha ina leith:

Is cuid de na saobhaibh saobha,
is iad araon 'na mbeatha,
“Ó Dónaill” ar an gCalbhach
's gan ach Mánas ar a athair!³⁸

Ba thubaisteach an buille é seo do Mhánas agus níor mhair sé i bhfad ina dhiaidh. Ar an 9ú lá Feabhra, 1563, a fuair sé bás, sa chaisleán a thóg sé féin i Leifear. I mainistir na bhFroinsiasach i nDún na nGall a cuireadh é.³⁹

Tá cúpla tagairt déanta againn do shaothar filíochta atá curtha síos do Mhánas Ó Dónaill. Tá cúig dhán grá ar marthain a bhfuil a ainm luaite leo.⁴⁰ An “grá cúirte” (*amour courtois*) a léirítear sna dánta seo — grá nósmaí, cúirtéis-each, uasal na Mór-roinne.

Ón dánfhocal a thugamar thuas, is léir go raibh ciall don íoróin ag Ó Dónaill, agus d'fhéadfá sin a thabhairt faoi deara sa dornán eile dánfhocal atá curtha ina leith. Tá an chuid is fearr díobh i gcló ag Tomás Ó Rathaille.⁴¹

Bíodh is go raibh Mánas Ó Dónaill saite i ngnóthaí polaitíochta a linne, is follas go raibh a chroí i gcúrsaí litríochta is staire, agus gur mhaith an t-oidhre ar Cholm Cille é.

3. BETHA COLAIM CHILLE

a. Modh a ceaptha

Riamh anall, nó ar a laghad ó aimsir an Athar Seán Mac Colgan (1592-1658) i Lováin, tuigeadh gur chum Mánas Ó Dónaill BCC, ach in alt tábhachtach a foilsíodh an chéad uair sa bhliain 1929⁴², chuir an tAthair Pól Breatnach ar

ár súile dúinn nach bhfuil cruthú ar bith againn gur *chum* Ó Dónaill BCC:

Is fiú dúinn a bhfuil le rá ag Ó Dónaill féin ina réamhrá a scrúdú:

Bíodh a fhios ag lucht léite na *Beatha* seo gurb é Máнас . . . Uí Dhónaill a d'fhoráil an chuid do bhí i Laidin den *Bheatha* seo do chur i nGaeilge, agus a d'fhoráil an chuid do bhí go crua i nGaeilge di do chur i mboige, ionas go mbeadh sí solas, sothuigseana do chách uile. §10

Agus do thiomsaigh agus do thionóil an chuid do bhí spréite ar feadh seanleabhar Éireann di, agus do dheacht as a bhéal féin í, ar bhfáil shaothair rómhóir uaithi, agus ar gcaitheamh aimsire faide ría, ag a staidéar conas do chuirfeadh sé gach aon chuid ina hionad iomchuí féin, amhail atá scríofa anseo síos. §11

Ar an chéad dul amach, baineann sé feidhm as an bhriathar *foráil*, a chiallaíonn “ordaigh” nó, b'fhéidir, “cur faoi deara”. Mar sin de, má scagaimid §10 go mion, chimid go bhfuil Ó Dónaill a mhaíomh *gurbh é faoi deara* (1) an méid a bhí i Laidin faoi Cholm Cille (.i. an chuid de VSC a bhí faoi lámh aige) a chur i nGaeilge, agus (2) an méid a bhí i nGaeilge dhothuigthe faoi Cholm Cille (.i. *Beatha* an naoimh a scríobhadh sa tSear-Ghaeilge, agus atá le fáil i *Leabhar Leasa Móire*) a chur i nGaeilge shothuigthe a linne féin.

Má scrúdaímid §11, tá Ó Dónaill a rá linn (3) gur thiomsaigh is gur chruinnigh sé a raibh de sheanchas faoi Cholm Cille i measc na seanleabhar, agus (4) gur “dheacht as a bhéal féin” é i ndiaidh cuid mhaith ama agus dua a chaithreamh ag cinntiú go mbeadh leanúnachas san insint.

De réir mar fheictear domsa é, is san fhocal *dheacht* atá an fhadhb. Ar chruinnigh Ó Dónaill scoláirí agus scríobhaithe ina thimpeall is a gcur a dh'obair ar na lámhscríbhinní, a fhad is bhí sé féin á stiúradh agus á dtreorú ionas

go mbeadh aontacht sa leabhar? Nó, an ceart dúinn glacadh lena ndeir sé go litriúil — is é sin gurb é féin a shiortaigh trí na lámhscríbhinní agus a dheacht an méid a bhí le dul sa leabhar do scríobhaí (nó scríobhaithe) a bhreacsíos a chuid focal ar phár? Tá dhá chiall ag an fhocal *deacht*, de réir Fhoclóir an Acadaimh Ríoga⁴³ (i) cum, nó (ii) deacht, sa chiall *dictate*. Mar sin de, níl cuidiú breise ar fáil ansin.

Déarfainn gurb éadócha go gcuirfeadh Ó Dónaill scoláirí a dh'obair ar an aistriú ó Laidin is ón tSean-Ghaeilge agus go dtabharfadh sé féin faoin siortú i measc na lámhscríbhinní. Is dóichí i bhfad go mbeadh an bhuíon scoláirí/scríobhaithe ag obair ar an tsaothar uile, agus Ó Dónaill — mar phátrún na hoibre — ina mhaoirseoir orthu. Ach ní féidir linn a rá go beacht. Rud anháin atá cinnte, is é sin go bhfuil aontacht in BCC, agus mar sin de gur furasta tuigbheáil dóibh siúd a mhaíonn gurbh é Ó Dónaill féin a chum an leabhar ó thús deireadh.

b. Foinsí

Seo iad na foinsí a bhí ag foireann tiomsaithe BCC:

(i) Cuid de VSC Naomh Ailhamhnán (a cuireadh le chéile am éigin idir 688 agus 692);⁴⁴

(ii) Beatha a cumadh le linn ré na Sean-Ghaeilge agus atá le fáil i *Leabhar Leasa Mpire* (agus i LSS eile);

(iii) Leabhair éagsúla a bhfuil tagairtí do Cholm Cille iontu (*Tromdhámh Ghuaire*, *Eachtra Chléireach Cholm Cille*, srl.);

(iv) Traidisiúin a bhí beo ar bheola na ndaoine le linn Mhánais Uí Dhónaill (cuid acu atá beo ar fad, mar a fheicfeas muid).

(i) I gceantar Ráth Bhoth i dTír Chonaill a rugadh Adhamhnán, tuairim na bliana 628. Ba é Rónán mac Tinne a athair agus Rennat a mháthair. Bhí sé gaolta le Colm Cille (sé ghlúin a bhí idir é agus athair mór Cholm Cille, Fearghas, mac Chonaill Gulban). Tháinig sé go hÍ agus rinneadh naoú hab na mainistreach sin de ar bhás Fhailbhe sa bhliain 679. Chuir sé VSC le chéile idir 688 agus 692, beagnach céad bliain i ndiaidh bhás Cholm Cille.

Deir sé linn gur bhain sé feidhm as scríbhinní, agus as comhráite le daoine a raibh aithne acu ar dhaoine a tháinig i dteagmháil le Colm Cille féin. Mar sin de, is é Adhamhnán an fhoinsé is intaofa dá bhfuil againn, ós é is cóngaraí do ré Cholm Cille, agus ó tharla é ina ab ar Í, áit a mbeadh traidisiúin — agus lámhscríbhinní, b'fhéidir — faoi Cholm Cille le fáil lena linn.

Ach níor mhiste dúinn cuimhniú air go raibh sé de dhualgas ar an té a bhí ag cur síos beatha naoimh a dhéanamh amach nach raibh duine ar bith ba naofa ná ba chráifí ná an naomh sin. Mar sin de, dá mhéad míorúilt dá gcuirfeadh sé i leith an naoimh, b'amhlaidh ab fhollasaí gean Dé ar an naomh sin. Níor mhiste leis an bheathaisnéisí faoi na fíricí stairiúla a bhfuil spéis ag daoine inniu iontu, ná faoi ord is eagar de réir dátaí a chur ar imeachtaí bheatha an naoimh. Ba thábhachtaí na himeachtaí féin ná a n-ord cróineolaíoch.

Dá ainneoin sin is uile, is é VSC Adhamhnáin an fhoinsé is intaofa dá bhfuil againn ar shaolré Cholm Cille.

(ii) Tá *Beatha* Ghaeilge Cholm Cille le fáil i Leabhar Leasa Móire agus, de réir gach cosúlachta, ní raibh an té a chuir le chéile í ag leanstan Adhamhnáin beag ná mór. Is mó de thraidisiúin bhéil agus de mhóitífeanna ó chraobh-acha eile den litríocht ná den fhíorstair atá le fáil inti. Ach ar a shon sin is uile, níl sí gan tábhacht. Bhain foireann

Mhánais Uí Dhónaill cuid mhaith feidhme as an *Bheatha* seo, go háirithe sa chéad chuid dá saothar.

(iii) I measc na dtéacsanna eile atá luaite in BCC tá (a) *Eachtra Chléireach Cholm Cille*,⁴⁵ (b) *Imeacht na Tromdháimhe*,⁴⁶ (c) leabhar a dtugtar Leabhar na Mórdhála air,⁴⁷ (d) *Cogadh Gael re Gallaibh*,⁴⁸ (e) beathaí naomh éagsúla, (f) filíocht atá curtha síos do Cholm Cille, do Dhallán Forgaill, do Naomh Mura, srl.

(iv) In alt a d'fhoilsigh sé sa bhliain 1956⁴⁹ cuireann an Dr Josef Szövérfy ar ár súile dúinn na traidisiúin, na pisreoga agus na móitífeanna béaloideas atá le fáil go flúirseach in BCC, agus cuireann sé iad sin i gcomórtas leis na leaganacha atá (nó a bhí) le fáil i mbéaloideas na hÉireann sa chéad seo.

Ar chéad léamh BCC dom féin, chuir sé iontas orm a oiread traidisiún a bhí ann a bhí cluinste agam féin (i mBéarla) i measc na ndaoine i nDoire agus in Inis Eoghain agus mé ag éirí aníos. Tá tagairtí do na nithe seo uilig sna nótaí do na sleachta thíos.

4. AN LEABHAR SEO

As na 435 alt atá in BCC, níl sa leabhar seo ach 134 — tuairim is trian an bhunleabhair. Mar sin, ní fhéadfaí a mhaíomh gur eagrán úr den bhunleabhar é seo. Níor chuir mé romham féin eagrán úr scolártha de BCC a chur ar fáil, ach díolaim, nó leabhar léitheoireachta, le go bhfaigheadh cuid de bhunadh na linne seo blas ar chuid éigin de shaothar na foirne a bhailigh Mánaas Ó Dónaill thart air, tá conabhlach 450 bliain ó shin ann.

Bhain sé feidhm as an eagrán scolártha de BCC a chuir an tAth. Andrew O'Kelleher agus Gertrude Schoepperle amach

in Illinois sa bhliain 1918, agus atá as cló le fada an lá. Chuir siad sin eagar ar BCC as LS in Ollscoil Oxford ar a dtugtar Rawlinson B.514. Ó tháinig an t-eagrán s'acu amach, áfach, tá cruthaithe ag an Ath. Pól Breatnach, in alt a foilsíodh sa bhliain 1929,⁵⁰ go bhfuil cóip níos sine den téacs le fáil i LS A8 i Leabharlann na bhFroinsiasach i gCill Iníon Léinín.⁵¹

Leis an leabhar a dhéanamh níos simplí don léitheoir, tá iarracht déanta agam an litriú a chaighdeánú. D'athraigh mé a laghad is ab fhéidir liom de ghramadach, de chomhréir is de chora cainte an bhunleabhair, sa dóigh is nach mbainfí de bhlas ná de stíl BCC. Mar sin de, is dócha go mbeidh beagán dua ag daoine le teanga na díolama seo, ach tá súil agam go n-aontóidh siad liom gur maith is fiú an dua sin í. Gheofar gach focal, gach foirm ghramadaí agus gach cor cainte nach bhfuil ag teacht le teanga an lae inniu san fhoclóir i ndeireadh an leabhair.

I measc na bhfoirmeacha stairiúla a choinnigh mé sa díolaim seo, b'fhéidir nár mhiste na príomhchinn seo leanas a lua:

- (a) seanfhoirmeacha briathartha nach bhfuil beo sa teanga anois, m.sh. *teasta* (d'éag), *aduaigh* (d'ith), *buich* (bhris).
- (b) an aimsir láithreach in *-(a)idh*, *-(a)idh*, m.sh., *mairidh* (maireann), *fulaingidh* (fulaingíonn).
- (c) an foirceann *-am*, modh ordaitheach, lú p. iol. (= *-aimis*), m.sh. *déanam* (déanaimis).
- (d) aimsir fháistineach na mbriathra coimrithe, m.sh. *in-eosad* (inseoidh mé), *agóram* (agróimid).
- (e) aimsir fháistineach a bhfuil *-é-* inti, m.sh., *do dhéan* (déanfaidh mé), *do bhéar* (tabharfaidh mé), *do ghéabh* (gabhfaidh mé), *ní chéal* (ní cheilfidh mé).

- (f) tabharthach iolra na n-ainmfhocal in *-(a)ibh*, *-(a)íbh*, m.sh. *ina scéalaibh*, *de thaisibh*.
- (g) ainmfhocail ar nós *déar* (deoir) agus *meor* (méar) a d'athraigh i lár baill ó aimsir BCC.
- (h) cónaisc nach bhfuil sa teanga bheo níos mó, m.sh. *iomorro* (mar sin), *iarum* (ina dhiaidh sin), *tra* (ar an ábhar sin).
- (i) an réamhfhocal *re* (le) agus a fhorainmneacha réamhfhoclacha, uath. *riom*, *riot*, *ris*, *ria*, iol. *rinn*, *ribh*, *riu*.
- (j) an réamhfhocal *ria/ré* (roimh).
- (k) an réamhfhocal *dochum* (chun).
- (l) réamhfhocail chomhshuite nach bhfuil sa teanga bheo níos mó, m.sh. *iomthúsa* (maidir le), *a haithle* (i ndiaidh).
- (m) an réamhfhocal *a h-* (as).
- (n) slua-ainmfhocail nach bhfuil sa teanga bheo anois, m.sh. *caolach* (cliatha), *craobhach* (scrobarnach), *éanach* (éanlaith), *fiach* (géim), *iarnach* (geimhle), *oirdneach* (ruainní).
- (o) tuiseal ginideach le ham a chur in iúl, m.sh. *gacha lae* (gach lá).



GIORRÚCHÁIN

ACM	<i>Annála na gCeithre Máistrí</i> (i. <i>Annála Ríochta Éireann</i> , eag. J. O'Donovan, 1856).
AIF	<i>Annála Inis Faithleann</i> (eag. S. Mac Airt, 1951).
Anderson & Anderson	A.O. & M.O. Anderson, <i>Adomnan's Life of Columba</i> , Dún Éideann, 1961.
AU	<i>Annála Uladh</i> (eag. Hennessy, McCarthy, 1893-1901).
BCC	<i>Betha Colaímh Chille</i> , le Mánas Ó Dónaill.
Dillon & Chadwick	Myles Dillon & Nora Chadwick, <i>The Celtic Realms</i> , Londain, 1973.
EIHM	Tomás Ó Rathaille, <i>Early Irish History and Mythology</i> , BÁC, 1946.
JRSAI	<i>Journal of the Royal Society of Antiquaries of Ireland</i> .
Kenney, Sources	J. F. Kenney, <i>The Sources for the Early History of Ireland</i> , Iml. I, Ecclesiastical, Nua-Eabhrac, 1929.
Laud	Cnuasach LSS faoin ainm i Leabharlann an Bodleian, Ollscoil Oxford.
Lis. Liv.	W. Stokes, <i>Lives of the Saints from the Book of Lismore</i> , Oxford, 1890.
LS(S)	Lámhscríbhinn(i).
RC	<i>Revue Celtique</i>
Rees & Rees	Alwyn Rees & Brinley Rees, <i>Celtic Heritage</i> , Londain, 1961.
ZCP	<i>Zeitschrift für Celtische Philologie</i> .
c.	Tuairim is ar.
+	D'éag.

ROGHACHLÁR LEABHAR

- A. O'Kelleher & G. Schoepperle, *Betha Colaim Chille: Life of Colum Cille Compiled by Manus O'Donnell in 1532*, Illinois, 1918.
- A.O. & M.O. Anderson, *Adomnan's Life of Columba*, Dún Éideann, 1961.
- William Reeves (eag.), *The Life of St. Columba . . . Written by Adamnan*, BÁC, 1857.
- Charles Plummer (eag.), *Venerabilis Baedae Opera Historica*, Oxford, 1896.
- J. H. Bernard & R. Atkinson (eag.), *The Irish Liber Hymnorum*, Iml. I, Londain, 1898.
- Whitley Stokes, *Lives of the Saints from the Book of Lismore*, Oxford, 1890.
- John Ryan, S.J., *Irish Monasticism*, BÁC, 1931.
- Alwyn Rees & Brinley Rees, *Celtic Heritage*, London, 1961.
- Myles Dillon & Nora Chadwick, *The Celtic Realms*, Zú heagrán, Londain, 1973.
- An tAth. ColmCille, O.C.S.O., *Deoraí Chríost*, BÁC, 1960.
- Séamas Ó Searcaigh, *Beatha Cholm Cille*, BÁC, 1967.
- Josef Szövérfy, *Irishes Erzählgut im Abendland*, Berlin 1957 (Cuid III — "Manus O'Donnell-Studien").

AILT

- Paul Walsh, "Two Franciscan Manuscripts and their Scribes," *Irish Men of Learning*, BÁC, 1947, (Caib. 12) (athchló ar alt as *Studies*, 1929).
- Josef Szövérfy, "Manus O'Donnell and the Irish Folk Tradition," *Éigse*, VIII, ii (1956), 108-132.

Seán Ó hEochaidh, "Colm Cille sa tSeanchas," *Irisleabhar Mhaigh Nuad*, 1963, 8-21.

An tAth. ColmCille, O.C.S.O., "Colm Cille; Manach agus Misnéir," *An tUltach*, Iml. 40, vi-vii (1963).

Liam de Paor, "Remembering St. Columba," *Irish Times*, 9.vi.1971.

Liam de Paor, "The Holy Island of Iona," *Irish Times*, 26.vi.1973.



TAGRAÍ

- (1) Ní aontódh scoláirí áirithe leis an dáta sin. B'fhearr leo 521 nó 522, ar fháthanna éagsúla.
- (2) v.id.jun., AU.
- (3) B'fhéidir gur "Colm Cille [Mhic nÉanáin]" a bhí ann, ar nós "Ciarán Saighir", srl.
- (4) Adam., III, 2.
- (5) D'éag sé 579 nó 580 A.D.
- (6) Adam., 1,3 (f. 14a).
- (7) AU.
- (8) Annála Tighearnaigh agus *Chronicon Scottorum*.
- (9) cf. sliocht Uimh. 32 thíos.
- (10) *Liber Hymnorum*, Iml. I, lch. 62.
- (11) *Liber Hymnorum*, Iml. I, lch. 179.
- (12) *Historia Ecclesiastica*, III, 4.
- (13) *Ériu*, VII, lch. 1976 ("fuath dod áit féin, grá don áit choimhthíoch").
 I ndán a cumadh sa 7ú céad, tugann an file faoin smál a ghlanadh de Cholm Cille — "crochais, nípu i cinta, / a chorp for tonna glasa" ("Ní mar gheall ar chionta a chéas sé a chorp ar thonnta glasa"), D. Greene & F. O'Connor, *A Golden Treasury of Irish Poetry*, A.D. 600-1200, Londain, 1967, lgh. 20-1.
- (14) Ríocht a raibh cuid di in oirthuaisceart Éireann agus an chuid eile (an chuid ba mhó) in Albain.
- (15) An Mullach (*Daisy Park*), in aice le Léim an Mhadaidh, Co. Dhoire.
- (16) Do thábhacht Cholm Cille mar thaidhleoir, féach Dillon & Chadwick, lch. 105 *et seq.*
- (17) Féach Anderson & Anderson, lch. 88.
- (18) Tugann Adhamhnán le fios dúinn gur bhreac an dara

- hab, Baoithín, focail Cholm Cille ar phár (Adam., III,18, f. 119a). Ba é Colm Cille féin a d'ainmnigh Baoithín mar chomharba air (1,2, f. 11b), agus ba ghnách duine de bhunadh Cholm Cille a thoghadh ina ab ar Í go ceann i bhfad i ndiaidh aimsir Adhamhnáin.
- (19) Adam, f. 129a, 135 ab.
 - (20) Féach Uimh. 66 thíos.
 - (21) Féach Kenney Sources, §91, lgh. 263-5.
 - (22) Féach E. A. Lowe, *Codices Latini Antiquiores*, Iml. II, Oxford, 1935, lch. 41.
 - (23) ACM, 1510-12 A.D.
 - (24) ACM, 1529 A.D.
 - (25) Pléitear cur le chéile BCC i gcuid 3a den réamhrá seo thíos.
 - (26) ACM, 1531 A.D.
 - (27) ACM, 1536 A.D.
 - (28) ACM, 1537 A.D.
 - (29) An Chéad Chonradh Gearaltach, 1537. Féach *Cal. State Papers, Ireland*, 10 Iúil, 1539 (lch. 49).
 - (30) Tomás Ó Rathaille, *Dánta Grádha*, Corcaigh, 1926, §49, lch. 70.
 - (31) Féach litir shuimiúil faoi in *Cal. Carew MSS*; 5 Meitheamh, 1538, §121, lch. 140.
 - (32) ACM, 1538 A.D.
 - (33) Féach *Cal. State Papers, Ireland*, 20 Meitheamh, 1540 (lch. 54) agus 22 Aibreán, 1542 (lch. 62).
 - (34) Féach Aodh de Blácam, *Gaelic Literature Surveyed*, BÁC, 1929, lgh. 125-7, áit a bhfuil an dán seo in eagar as LS de chuid Dhúghlais de hÍde.
 - (35) ACM, 1544 *et seq.*
 - (36) ACM, 1548 A.D.
 - (37) ACM, 1555 A.D.

- (38) Féach Tomás Ó Rathaille, *Dánfhocail*, BÁC, 1921, lch. 78.
- (39) ACM, 1563 A.D. (Fuair sé bás míle bliain go díreach ón bhliain a ndeachaigh Colm Cille ar deoraíocht go hÍ.)
- (40) Féach Tomás Ó Rathaille, *Dánta Grádha*, §§49-53.
- (41) Féach Tomás Ó Rathaille, *Dánfhocail*.
- (42) Féach Roghachlár Leabhar thuas.
- (43) *Dictionary of the Irish Language*, Fasciculus I D-Deg-óir, eag. Marstrander, BÁC, 1913, colún 202.
- (44) “blogh bheag den leabhar do dheacht Adhamhnán naofa i Laidin”: féach sliocht uimh. 2 thíos.
- (45) RC, XXVI, lgh. 132-4.
- (46) In eagar ag R. Thurneysen in ZCP, XII (1918), lch. 407 *et seq.*
- (47) Leabhar atá cailte anois, de réir cosúlachta.
- (48) Féach A. J. Goedheer, *Irish and Norse Traditions about the Battle of Clontarf*, Haarlem, 1938.
- (49) Féach Roghachlár Leabhar thuas.
- (50) Féach Roghachlár Leabhar thuas.
- (51) cf. *Catalogue of Irish MSS in the Franciscan Library, Killiney*, BÁC, 1969, lgh. 16-7.



AN TÉACS

1. BROLLACH: SPIORADÁLTACHT CHOLM CILLE

TIONSCNAÍTEAR BEATHA an aba naofa agus an uasal-athar agus príomhfháidh neimhe agus talún anseo, ea ón, Cholm Cille mhic Fheidhlimidh. An té do lig de ar son Dé gan chéim ab airde ná abdaine manach ndubh do bheith aige san eaglais, agus cliara Éireann agus Alban agus Iarthar domhain 'gá thoghadh mar uachtarán orthu féin. Agus ní bheadh an dínit sin féin aige ach do chosnamh luaíochta, óir níorbh áil leis an buaireamh ná an trioblóid a bíos i ndiaidh na ndínit ró-ard do bheith idir é agus a thrátha nó a urnaithe nó moladh Dé, do bhíodh seisean do dhéanamh de ghnách. Agus fós, an té do lig ríocht Éireann de mar an gcéanna, dochum ar toghadh go minic é, agus ba dual dó do bheith aige ó fholaíocht.

Is follas gur thuig Colm Cille an briathar atá scríofa i dtéacs an tsoiscéil, amhail mheabhraíos Greagóir in oifig na gcoinfeasóirí, .i. “Na daoine ghabhas na tíolactha ró-arda chucu de thaobh an tsaoil, is troimide breithiúnas Dé orthu”. Agus is é an t-ábhar é: an uair mhéadaítear na tíolactha, is éigean go méadaítear na cuntais.

Do thuig sé fós an briathar a dúirt San Agaistín, .i. “Do scar mé re hainmhian an tsaoil agus níor thogh mé bheith mar atáim; agus d’idirdealaigh mé eadram agus an drong lerab ionúin an saol, agus níorbh áil liom dul i gcosúileas ris na huachtaránaibh do bhíodh os cionn na bpobal”.

Do ghabh sé an teagasc seo thug an Tiarna dá dheisceab-

laibh, amhail mheabhraíos Matha soiscéalaí sa seisiú caibidil déag, .i. “Cibé lerab áil teacht im dhiaidhse, diúltaíodh sé é féin agus tógadh sé a chroch féin agus leanadh sé mise”.

Do thuig Colm Cille an briathar a dúirt Bernard in xxii *Sermone super cantica*: “Is díomhaoineach suáilce d’iarraidh i mbeatha eile ach i mbeatha Rí na Suáilce”. Óir do thréig sé beatha an tsaoil ar a smaointe do bheith go cónaitheach i mbeatha an Tiarna, agus ar a bheith go síor ’gá hól ina deochaibh rómhilse; óir, do lean sé Críost ina bheatha, ó thoil is ó ghníomh, is ó anam ghlan, is ó sméaróidíbh tintí a ghrá do bheith ina chroí go cónaitheach.

Agus fós, do thuig sé an briathar eile a dúirt Bernard in lxi *Sermone super cantica*, .i. “Is ó smaointíbh dúthrachta na mairtíreach i gcréachtaibh Chríost a tháinig a bhfoighide ina martra; agus ar a mhéad do bhíodar créachta Chríost ina n-anamaibh, nár mhothaíodar na hiarainn ag a snoí agus ag gearradh a gcorp”.

Agus deir Bernard nach iad na mairtírigh amháin do rinne an fhoighide seo ach go ndearnadar na coinfeasóirí í. Agus is follas dúinn go ndearna an coinfeasóir uasal, .i. Colm Cille, foighide sa mhartra shuthain do chuir sé ar a chorp féin, de réir mar tá scríofa i ndeireadh an leabhair seo ag tuarascáil a chrábhaidh féin. Agus ní hé amháin do bhíodh aige foighide ina ghalraibh agus ina thríoblóidíbh, ach do bhíodh sé go lúcháireach sólásach, agus do bheireadh buíochas mór do Dhia ar a son. Agus is é an t-ábhar é, nach ann féin do bhí a anam ach i mbeatha an Tiarna, ar a mhéad do chneáigh sí a chroí. Go mba air sin nach motháíodh sé na pianta rópheannaideacha, róghruama do chuireadh sé ar a chorp féin.

2. MAR CUIREADH AN BHEATHA LE CHÉILE

Bíodh a fhios ag lucht léite na *Beatha* seo go ndeachaigh sí i mbáthadh ó chéin mhair, agus nach raibh ar fáil di ach blogh bheag den leabhar do dheacht Adhamhnán naofa i Laidin, agus beagán eile i nGaeilge, arna dheachtadh go róchrúa d'fhilíbh na nGael; agus fós, an chuid eile ina scéalaibh i bhfad ó chéile ar fud seanleabhar Éireann.

Agus is dóigh liomsa gurb é dob ábhar dó seo: an uair thángadar Danair agus allúraigh do dhéanamh gabháltais ar tús in Éirinn, do mhilleadar agus do loisceadar ardchealla Éireann uile, agus do mhilleadar a scríne agus a screaptra, agus rugadar mórán de thaisíbh na naomh leo dá dtíorthaibh féin, amhail mheabhraíd seanleabhair oiris Éireann, agus go háirithe amhail mheabhraíos an leabhar darb ainm *Cogadh Gael re Gallaibh*.

Agus do loisceadar agus do mhilleadar ardchealla Cholm Cille go sonrach; agus is deimhin liom gurb í an uair sin do mhilleadar agus do loisceadar a leabhair, agus do chuaigh a *Bheatha* i mbáthadh, ach an beagán a fríth rena scríobh anseo síos.

Bíodh a fhios ag lucht léite na *Beatha* seo gurb é Mánas, mac Aodha Rua, mhic Néill Ghairbh, mhic Thoirealaigh an fhíona Uí Dhónaill, a d'fhoráil an chuid do bhí i Laidin den *Bheatha* seo do chur i nGaeilge, agus a d'fhoráil an chuid do bhí go crua i nGaeilge di do chur i mboige, ionas go mbeadh sí solas, sothuisceana do chách uile.

Agus do thiomsaigh agus do thionóil an chuid do bhí spréite ar feadh seanleabhar Éireann di, agus do dheacht as a bhéal féin í, ar bhfáil shaothair rómhóir uaithi, agus ar gcaitheamh aimsire faide rí, ag a staidéar conas do chuir-

feadh sé gach aon chuid ina hionad iomchuí féin, amhail atá scríofa anseo síos.

Agus ar ngabháil bá agus bráthairse dó rena ardnaomh agus rena chomhbhráthair ghinealaigh agus rena phátrún ghrách féin, dá raibh sé ródhúthrachtach.

I gCaisleán Phoirt na dTrí Namhad, iomorro, do deachtadh an *Bheatha* seo an tan ba shlán dhá bhliain déag ar fhichid ar chúig chéad ar mhíle bliain don Tiarna.

3. TAIRNGREACHT FAOI CHOLM CILLE A RINNEADH DO NAOMH PÁDRAIG

Do foilsíodh teacht Cholm Cille, i bhfad riana ghiniúin, do Phádraig amhlaidh seo. Feachtas dá raibh Pádraig ag fáil saothair agus anshocrach rómhóire ag tarraing fear nÉireann agus a mban dochum creidimh, agus do ba thrua leis gan a dheimhin aige conas do bheidís fá chreideamh agus fá chrábhaidh ina dhiaidh féin, nó céard í an chríoch do chuirfeadh Dia orthu agus méad an tsaothair do bhí sé féin d'fháil uathu, agus do bhí sé ag guí Dé go dúthrachtach um a fhios sin do thabhairt dó. Tháinig an t-aingeal chuige iar sin agus do labhair ris agus is ea a dúirt, gur de réir an taispeánta d'fhoilseofaí dó ina chodladh an oíche sin do bhí chuige a bheadh Éire rena bheo féin agus ina dhiaidh go brách arís fá chreideamh.

Agus is é taispeánadh a tugadh dó: Éire uile d'fheiscin re dearglasadh d'éirí di ag dul suas go nuige an aeir, agus ina dhiaidh sin do chonaic sé na cnoic féin arna múchadh, ach iontsamhail lóchrainn nó coinne arna lasadh in ionad gach cnoic díobh. Agus do chonaic sé iad sin ar ndul as arís agus sméaróideach nó aoibhil agus smál orthu, gí do bhíodar beo in ionadaibh tearca i bhfad ó chéile ar fud Éireann.

Tháinig an t-aingeal céanna chuige agus d'inis dó gurb iad sin na riochta ina rachadh Éire ina dhiaidh féin.

Arna chluinstin seo do Phádraig, do chaigh go géar agus do labhair de ghuth mhór agus is ea dúirt: “A Dhia na n-uilechumhacht, an é dob áil leat na daoine dochum ar chuiris mise, do thabhairt eolais ort féin dóibh, do dhamnú agus do thrócaire do tharraing chugat féin uathu? Gion gurb fhiú mise tú d'éisteacht riom, a Thiarna, cuir d'fhearg

ar gcúl leith riu, agus gabh lucht an oileáin seo na hÉireann id thrócaire féin”.

Ar gcríochnú na mbriathar sin do Phádraig, do labhair an t-aingeal go síochánta ris agus is ea dúirt: “Féach don taobh ó thuaidh díot,” ar sé, “agus do chífidh tú claochlú láimhe deise Dé”.

Do rinne Pádraig mar a dúirt an t-aingeal ris; óir d’fhéach den taobh ó thuaidh de agus do chonaic solas ag éirí ansin nár mhór ar dtús, agus é ag méadú agus ag scrios an dorchadais as a chéile, ionas gur las Éire uile de mar an chéad lasair, agus do chonaic ag dul ins na riochtaibh céanna iar sin í.

Agus d’fhoilsigh an t-aingeal ciall an taispeánta sin do Phádraig, agus a dúirt go mbeadh Éire ar lasadh de chreideamh agus de chrábhadh rena linn féin agus go rachadh dorchadas ar an tsoilsiú sin rena bhás. Ach gí go mbeidís daoine maithe in ionadaibh tearca in Éirinn ina dhiaidh, mar do bhíodar na cnoic sin re lasadh i bhfad ó chéile, agus mar do gheobhaidís na daoine maithe sin bás, go dtiocfadh daoine ba mheasa ná iad féin ina n-ionad ar iontsamhail an sméaróidigh ar a raibh an smál agus an ceo, nó go dtiocfadh mac na soilse suthaine, .i. Colm Cille. Agus gí go mba bheag ar dtús é ag teacht ar an tsaol dó, go mbeadh ag síoladh agus ag seanmóir bréithre Dé agus ag méadú an chreidimh nó go lasadh Éire rena linn, amhail do las sí re linn Phádraig, agus nach mbeadh an lasadh céanna go brách arís uirthi, ach gion go mbeidís daoine maithe crábhaidh ina dhiaidh; agus fós, go rachadh Eaglais Éireann in éagruth i ndeireadh aimsire iar sin ionas nach mbeadh beo den chreideamh ná den chrábhadh inti ach iontsamhail an sméaróidigh nó na n-aoibheal mbeag ar a raibh an smál agus an dorchadas dár labhramar roimhe seo.

4. TAIRNGREACHT FHEIDHLIMIDH REACHTMHAIR

Do tairngríodh fós d'Fheidhlimidh Reachtmhar, d'Ardrí Éireann, teacht Cholm Cille i bhfad riana ghiniúin amhlaidh seo. Thug sé iníon Rí Lochlann do mhnaoi agus do bhí sí aimsir fhada aige nach dtarla clann eatarthu, agus b'olc leis an rí agus le fearaibh Éireann uile sin.

Lá éigin dár éirigh an rí go moch ina aonar ar fhaiche na Teamhrach iar sin agus tháinig go Tiobra an Laoich Leisc d'ionladh a lámh agus a ghnúise agus a aghaidhe. Níor chian dó ann go bhfaca an triúr dá ionsaí in éadaibh ró-gheala, róshoilse, ródhealraitheacha. Agus ba ró-ionadh leis an rí a n-inneall agus a n-éagosc; óir ní fhaca sé a leithéid de dhaoineibh roimhe sin. Thángadar do láthair agus do bheannaíodar in ainm an Athar agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh don rí.

“Is neamhghnách linne an beannú sin do ní sibh dúinn,” ar an rí, “óir ní ina n-ainm sin chleachtaimidne beannú dúinn ach in ainm na ndéithe dá gcreidimid féin.”

D'fhiafraigh an rí scéala díobh, cá hionad as a dtángadar, nó céard iad na gnoithí um a dtángadar. D'fhreagraíodar sin é, agus is ea a dúradar: “Dia na n-uilechumhacht, .i. cruthaitheoir neimhe agus talún agus na n-uile dhúl, agus atá ina aondia agus ina thrí pearsanaibh, do chuir chugatsa sinn dá rá riot an reacht rí seo do bhí agat go trásta, .i. súil i súil agus cos i gcois agus lámh i láimh, do thréigean agus reacht nua do ghabháil chugat ab fhearr ná sin; óir dá mbaineadh drochdhuine a shúil nó a chos nó a lámh de dhuine mhaith, do ba bheag an éiric ansin a shúil nó a chos nó a lámh féin; agus dá mbaineadh duine maith a shúil nó a chos nó a lámh de dhrochdhuine, do ba rómhór agus do ba neamhiomchuí a shúil nó a chos nó a lámh do

bhuain den duine mhaith ar a shon sin.

“Agus, ó tá sin mar sin, bain éiric óir agus airgid, croidh agus ceathra, amuigh i ngach aon drochrud beag nó mór dá ndéantar fút, de réir mar do chífear duit féin agus do dhaoinibh eolacha eagnaí do ríochta agus do thiarnais, agus má ní tú seo, do bhéarfaidh Dia luach duit ar a shon. .i. do bhean atá aimrid re fada, ginfear mac eadtrat agus í, agus ba lán Éire agus Alba agus Sacsá agus iarthar domhain uile dá chlú agus dá scéalaibh, agus ba Conn céadchathach a ainm, agus ba ar a shliocht bheidh ríora Éireann go bráth.

“Agus fós, ginfear mac ar shliocht an Choinn sin agus ba Colm Cille a ainm, agus ba é an dara glún déag uaitse féin é, agus ba gin sochair do dhaoinibh iarthair domhain é, agus ba dalta do rí neimhe agus talún é, agus doirtfidh Dia a ghrása go hiomarcach air agus beidh sé ar lasadh de ghrá Dé, ionas go mbéarfaidh do chomhrá agus d’imagallamh ris féin gach Déardaoín ina fhlaithiúnas neamhaí féin é. Agus bíodh a fhios agat, a Rí Éireann, gurb in onóir an mhic sin, agus de cheann go dtiocfaidh sé ar do shliocht, thoilíos Dia sliocht do bheith ort, agus nach ar do shon féin nó id onóir do gheibh tú é.”

5. BREITH CHOLM CILLE I nGARTÁN

Feachtas d'Eithne, .i. do mháthair Cholm Cille, ins an ionad re n-abartar Gartán; agus an oíche ria Colm Cille do bhreith, do thaispeáin neach óg sciamhach, in éadach ró-dhealraitheach, é féin d'Eithne, agus a dúirt ria go mbéarfadh sí an mac do bhí i dtairngire di do bhreith arna mhárach. Agus d'inis di go raibh leac leathan chloiche ins an loch do bhí den taobh ó dheas den ionad sin a raibh sí, dá ngairtear Loch Mhic Ciabáin inniu. Agus a dúirt ria a thabhairt fá deara an leac sin do bhreith ins an ionad áirithe ris a n-abartar Ráth Cnó, agus go mba uirthi do thoileodh Dia di an leanbh do bhreith.

“Conas do gheobhaidh mise an leac sin atá faoin loch,” ar sí, “nó conas aithneos mé í seach na leacaibh eile?”

“Do gheobhair ag snámh ar uachtar an locha í,” ar sé.

Fuair Eithne an leac arna mhárach amhail a dúradh ria, agus d'fhoráil a breith as an ionad sin a dúramar romhainn; agus gí go raibh sí ag snámh ar uachtar an locha, agus gí gur rug muintir Eithne gan saothar leo í, is deimhin gurbh obair tríochad fear a breith ón loch gus an ionad a bhfuil sí inniu.

An uair, tra, tháinig tinneas linbh dochum Eithne, do chuaigh sí in altán uaigneach cois srutha bhig do bhí i gcóngar di agus do bhí sí ina suí in ionad áirithe ann, agus d'fhág sí den fhuil ba dual do theacht roimh an leanbh san ionad sin. Agus an chré do gheibhtear ann, ní míne agus ní gile plúr ná í; agus cibé duine chaitheas nó iompras ní den chré sin, ní loisctear agus ní bháitear agus ní mharáitear d'aon urchar an lá go n-oíche sin é, agus ní fhaigheann sé bás gan sagart. Agus gach bean bíos re n-íonaibh chaithneas ní di, fóirfidh an chéadóir í. Agus gach neach chuireas

ní ar a theanga di an chéad lá ghabhas fiabhras é, ní bhí blas searbh ina bhéal ó sin amach ar feadh an fhiabhrais sin, agus is dual go bhfóirfidh sí gach uile easláinte. Agus is duine éigin de dhúchasachaibh an bhaile sin Gartán is cóir do thochailt na cria seo, dá tabhairt do chách. Agus dá dhearbhadh sin, do chuaigh andúchasach dá tochailt uair éigin agus do theith sí roimhe, agus do chuaigh sí isteach i meán crainn nó bile mhóir do bhí dá cóir agus ní fríth ina hionad féin í nó gur croitheadh uisce coisreactha air agus gur beannaíodh é.

Théid Eithne as sin gus an ionad a rug sí Colm Cille an uair dob aois fiche bliain.

I nGartán, iomorro, i gCineál Conaill Gulban, rugadh Colm Cille, sa seachtú lá de mhí mheán an gheimhridh. Agus tharla an leac seo a dúramar romhainn faoi ag a bhreith, agus do lig an leanbh a chros uirthi, agus d'oscail an leac roimhe ionas gur lig sí ionad dó inti, agus atá fíor na croise sin sa leic ó shin i leith. Agus mairidh an leac sin fós san ionad sin, ag déanamh feart agus míorúil.

Agus rug a mháthair cloch chruinn ar dhath na fola in éineacht ris, agus “an Chloch Rua” a hainm, agus d’fhág i nGartán í ag déanamh feart agus míorúil, agus ní ghabhann sí a cumhdach le hór ná le hairgead, gí minic do tairgeadh a cumhdach, agus fulaingídh sí a cás airgid nó óir.

6. AINGEAL COIMHDEACHTA CHOLM CILLE — AXAL

Feachtas eile do Cholm Cille ina dhiaidh sin, agus do thaispeáin neach óg rósiamhach é féin dó, in éadach rógheal, ródhealraitheach, san oíche agus dúirt ris: *Deus tecum*, .i. “Dia maille riot, agus bí láidir, cobhsaí, daingean; agus do chuir Dia mise dod choimhéad go síoraí suthain sa saol seo ó gach uile choir agus pheaca”.

Agus do bhíog agus d’imeaglaigh an macaomh go mór leis sin, agus d’fhiafraigh de cé hé féin. Dúirt an neach óg: “Mise,” ar sé, “Axal, aingeal an Tiarna, agus is uime a ghairtear Axal díom gurb ionann *axal* re rá agus ‘fortaith-eoir’ agus is dod fhortachtsa ó gach uile ghuasacht agus chúram an tsaoil seo do chuir an Tiarna mé. Agus bí go calma láidir, óir atáimse agat im ridire stuama láidir do chathú is do chomhrac thar do cheann in aghaidh na locht agus ainmhianta na colna agus na ndiabhal agus na ndrochspiorad agus gach uile bhuairimh shaolta”.

D’fhiafraigh an macaomh naofa seo den aingeal: “An ins an aibíd ghlégheal sin, nó ins an aois ina bhfuilirse, a bhíd na hoird ainglí i bhflaitheas Dé?”

D’fhreagair an t-aingeal é agus is ea a dúirt: “Gí aibh-seach leatsa anois méad mo dhealraimhse agus mo sholaisse, bíodh a fhios agat gur rómhó mo dhealramh agus mo sholas i bhflaitheas Dé ná anseo. Agus bíodh a fhios agat nach bhféadfá féachain orm sa dealramh seo a bhfuilim anois féin mura mbeadh grása Dé go hiomarcach agat, agus má choimhéadann tusa do gheanmnaíocht agus d’óghacht sa saol seo go foirfe, gan mealladh do bhreith ort go críoch do bháis, beir go suthain síoraí idir ainglibh in aibíd ghlégheal thaitneamhach nach féidir a tuarascáil do thabhairt amach, ar mhéad a taitneamhaí agus a maise agus a glóire”.

Dúirt an macaomh naofa ansin: “Más ea, comharthaigh agus coisric mo chorp agus mo croí ionas go bhféadfainn m’óghacht agus oibreacha m’óghachta do chothú agus do chríochnú uile go ponc mo bháis”.

Agus do rinne an t-aingeal mar dúirt sé ris, agus do choisric sé broinne agus croí agus cliabh an mhacaoimh óig naofa seo; agus ón uair sin amach, do sheachain agus d’ionghabh an macaomh seo go maith é féin ar gach uile bhuaireamh agus fhís agus aisling, agus ar dhrochsmaointe an tsaoil seo agus na colna agus an diabhair. Agus do dhiúltaigh Colm Cille ansin do chúram agus do dheithide an tsaoil seo uile ó sin amach; óir do thuig sé an focal a dúirt Pól aspal — nach féidir le duine ar domhan ridireacht a dhéanamh do Dhia agus don tsaoil in éineacht. Agus thug sé móid agus gealladh do Dhia go gcomhlíonfadh sé gach ní a dúirt an t-aingeal ris ar feadh a bheatha.

7. TOGHANN COLM CILLE AN BÁS AB ÁIL LEIS

Feacht eile, tháinig an t-aingeal céanna a dúramar romhainn d'ionsaí Cholm Cille agus dúirt ris: “Togh féin an bás is áil leat d'fháil agus na hionaid agus na réigiúin inarbh áil leat do bheatha do thabhairt as seo god bhás”.

Is ansin a dúirt Colm Cille: “Toghaim bás d'fháil tar éis díomais na hóige do dhul tharam, agus sula mbéarfas místuaim na hársaíochta go mór orm; óir, is easláinte agus is místuaim agus is galar an ársaíocht féin, agus ní féidir leis an duine bíos ársa nó in aois mhór gan beatha mhaith shóúil d'fháil, agus ní háil liomsa beatha mhaith d'fháil dom chorp féin go brách. Agus toghaim an bás sin d'fháil trí ghorta thoilteanach agus tríd an aibstinians a chuirfead dem dheoin féin orm, agus gan galar ná easláinte eile do bheith orm i bponc mo bháis ach sin féin. Agus toghaim fós an bás sin d'fháil im oilithre shuthain in éagmais mo thíre agus mo thalaimh agus m'athartha dhúchais féin, maille re tuirse agus re haithrí rómhór; óir is tuirseach duine ó bheith ar deoraíocht, agus is furasta dó gan nithe díomhaoineacha do bheith ar a aire”.

Agus ansin dúirt an t-aingeal re Colm Cille: “Creid féin, agus ná bíodh amhras agat air, go bhfaighidh tú na nithe sin uile ó do Dhia féin”.

Thug Colm Cille buíochas do-áirithe do Dhia ansin, agus do líonadh ó ghrásaibh an Spioraid Naoimh é, agus do comhlíonadh gach ní dár iarr Colm Cille ansin, amhail dhearbhos an *Bheatha* ó seo amach.

8. DÉANANN COLM CILLE FÍON D'UISCE

Do chuaigh Colm Cille iar sin d'fhoghlaim eagna agus léinn agus do dhéanamh eolais sa Scriptorium agus an easpag naofa, .i. go Finnian Mhaigh Bhile. Agus aimsir áirithe dá rabhadar i bhfochair a chéile, rug saoire uasal orthu agus d'ullmhaigh Finnian é féin do rá an Aifrinn. Agus ar ngabháil chulaith an Aifrinn uime dó, dúradar lucht friothála an Aifrinn eatarthu féin nach raibh fíon acu; agus do bhí sin ina chás mhór orthu, óir níor lig eagla Fhinnéin dóibh an uireasa sin do bhí orthu d'insint dó, agus níorbh fhurasta leo a ligean dó an tAifreann do thionscnamh agus gan fíon aige.

Arna chluinstin sin do Cholm Cille, do ghlac an cruibhéad a mbíodh fíon na nAifreann de ghnách, agus rug leis é dochum srutha áirithe do bhí láimh ris, agus do chuir a lán d'uisce ann; agus do bheannaigh agus do choisric sé an t-uisce sin ionas go dtáinig de bhrí an bheannaithe sin Cholm Cille gur chlaochlaigh an t-uisce a nádúr dílis féin agus go ndearnadh fíon de. Agus d'fhill thar ais iarum dochum na heaglaise, agus do chuir an cruibhéad ar an altóir agus d'inis do lucht friothála an Aifrinn go raibh fíon ann.

Agus ar gcríochnú an Aifrinn d'Fhinnian leis an fhíon sin, d'fhiafraigh dá lucht friothála cá bhfuairadar an fíon rómhaith sin lena ndúirt sé an tAifreann. Agus a dúirt nach bhfaca sé a chómhaith d'fhíon riamh. Agus d'insíodar an lucht friothála dó mar tharla dóibh ó thús go deireadh timpeall an fhíona sin. Ar chluinstin na míorúile móire sin do rinne Colm Cille d'Fhinnian, do mhol sé Dia go hiomarcach trí mhéid a d'fhoilsigh sé a ghrása agus a shuáilce féin i gColm Cille, agus thug sé buíochas agus moladh mór do Cholm Cille féin ar a son. Agus do las sé féin agus gach

neach eile dá gcuala an mhíorúile sin i ngrá Cholm Cille ó sin amach; gur móradh ainm Dé agus Cholm Cille de sin.

Is follas as an scéal seo nach ea amháin do chuir Dia Colm Cille i gcosúileas ris na huasalaithreachaibh agus ris na fáithibh agus ris na naomhaibh eile a tháinig roimhe, ach gur chuir sé i gcosúileas ris féin é an uair do rinne sé fíon den uisce ar an mbainis sa Ghailile.

9. COINNEALBHÁ Á BHAGAIRT AR CHOLM CILLE

Feachtas do rinne easpaig na talún sin a raibh Colm Cille coinnealbhá air, ag suíomh peaca mharfaigh air nach ndearna sé. Agus is é dob ábhar dóibh chuige sin, tnúth acu ris fá mhéad na dtíolacadh do bheireadh Dia dó tharstu féin (mar do bhí ag Cáin, mac Ádhaimh, re hAibéal), agus ar mhéad a eagna agus a eolais, agus fós, diomú acu air fána mhinice do chuireadh sé a n-ainbhios agus a bpeaca féin ina n-aghaidh, amhail do bhí ag Iúdaíbh ar Íosa Críost an uair do chuireadar dochum báis é. Agus dá dhearbhu gur bréag dóibh sin a ndúradar re Colm Cille ansin, atá Adhamhnán naofa á mheabhrú, sa dara caibidil den treas leabhar do dheacht sé féin de bheatha Cholm Cille, nach ndearna Colm Cille aon pheaca marfach riamh, agus dá mb'fhéidir aoinneach de chlannaibh na mban do bheith gan pheaca solathach air, go mba é Colm Cille é.

Arna chluinstin do Cholm Cille go ndearnadh coinnealbhá air, do chuaigh mar a raibh an t-easpag agus a chaibidil. Agus d'éirigh Bréanainn Biorra, do bhí sa chaibidil fairis an easpag, roimhe agus thug póg dó, agus do rinne raibhirians agus onóir dó. Agus arna fheiscint sin don chaibidil, do chuadar do mhonabhar ar Bhréanainn fá phóg do thabhairt don té ar a ndearnadar féin coinnealbhá. D'fhreagair Bréanainn iad agus is ea a dúirt: “Dá bhfeiceadh sibh na nithe do chonacsa ag Dia á ndéanamh ar Cholm Cille, ní dhéanfadh sibh coinnealbhá air; agus is móide a luaíocht agus a choróin ó Dhia gach scainnear dá dtugann sibh go bréagach dó”.

Agus dúradar sin nárbh fhíor sin de réir údaráis an Scriptúir, noch a deir, “‘Gibé ní cheanglóir ar an talún seo, beidh sé ceangailte i bhflaitheas Dé,’ ar Críost re

Peadar, ag tabhairt cumhachta eochracha na hEaglaise dó, agus a chontrártha sin, ‘Gibé scaoilfeas tú ar an talúin seo, beidh sé scaoilte i bhfianaise Dé’ ”.

D’fhreagair Bréanainn iad agus is ea a dúirt gurb amhlaidh ba chóir an t-údarás do thuiscint do na daoine do cheanglófaí as a gcoirtheibh féin agus maille re cúis dlisteanach nó réasúnta; óir, ní tugadh cumhachta ceangail nó scaoilte don Eaglais ach an uair nach ndéanfadh sí seachrán ón riail áirithe a tugadh di. Agus dúirt go rabhadar sin ag déanamh seachráin agus mearaithe mhóir, .i. go rabhadar ag cur peaca bhréige in aghaidh Cholm Cille, nach ndearna aon pheaca marfach riamh; agus fós, dúirt go bhfaca sé féin piléar tintí ria Colm Cille ag déanamh solais ar an tslí dó, agus aingle Dé gacha taoibhe de á choimhdeacht ag teacht dó dochum an ionaid a rabhadarsan. Agus fós, dúirt, an té ar a raibh an cion sin ag Dia, nár chóir dóibh-sean coinnealbhá do dhéanamh air.

Agus arna chluinstin sin dóibh sin, ní hea amháin nach ndearnadar coinnealbhá ar Cholm Cille, ach do bhíodar lán de ghrá agus d’onóir air ó sin amach. Agus níor labhair Colm Cille mórán ar a shon féin riu ar feadh an chomhrá sin uile; óir dob fhearr leis duine eile do labhairt ar a shon ná é féin. Agus gí go bhféadfadh sé a gcloí ó eagna agus ó eolas agus ó údarás an Scrioptúir, dob fhearr leis a gcloí ó fhírinne agus ó umhla ná sin.

10. OIRNIÚ CHOLM CILLE

Feachtas do chuaigh Colm Cille do ghabháil grádh shagairt dochum easpaig naofa do bhí i gCluain Fada, i bhFearaibh Bile, i Mí. Agus mar ráinig Colm Cille don bhaile, d'fhiafraigh cá raibh an t-easpag. "Atá sé ag treabhadh ar dheireadh a sheisrí féin," ar neach de mhuintir an bhaile.

Téid Colm Cille gus an easpag agus fuair mar sin é.

"Is éagóir," ar a mhuintir re Colm Cille, "teacht d'iarraidh grádh ar dhuine mar siúd; óir ní heaspag é ach oir-eamh seisrí."

Is ansin a dúirt Colm Cille: "Ná beiridh breith den taobh amuigh air go bhfionna sibh céard na suáilcí atá den taobh istigh ó Dhia aige".

Agus do labhair Colm Cille ris an easpag agus d'inis dó gur do ghabháil grádh uaidh tháinig sé. Agus ní thug an t-easpag freagra air, agus ní mó do choisc sé den treabhadh.

"Bainidh an t-iarann as an chrann," ar Colm Cille rena mhuintir, "go mbeidh an tseisreach ina tost, dá fhios an móide do bhéarfadh an t-easpag freagra orainn é."

Agus gí gur mhaith le Colm Cille freagra d'fháil ón easpag, ní d'fháil uile a dúirt sé sin, ach tarcaisne do mhothaigh sé ag a mhuintir féin ar an easpag, agus do bhí a fhios aige go ndéanfadh an t-easpag míorúile ina bhfianaise tríd sin, ionas nach mbeadh amhras ná tarcaisne acu air ó shin amach. Agus do bhí a fhios aige go dtabharfadh Dia grása dó ar a shon féin, agus do ghuigh sé Dia ar a shon fán tarcaisne sin do chur ar gcúl; óir níorbh áil le searbhónta dílis Dé agus leis an té do thogh sé i mbroinn a mháthar, .i. Colm Cille, tarcaisne do bheith ag na daoineibh ar óglach eile Dé, óir dob áil leis a mhíorúile d'fhoilsíú air. Agus do

baineadh an t-iarann as an chrann, agus níor mhiste do bhí an tseisreach ag treabhadh é.

“Baintear capall as an tseisreach,” ar Colm Cille, agus do baineadh iarum, agus do chuir an t-easpag fá umhla ar dhamh allaidh do bhí sa choill rena thaobh teacht chuige in ionad an chapaill sin. Tháinig, iarum, agus do bhí ag treabhadh mar gach capall eile den tseisreach, agus níor scoir an t-easpag den treabhadh nó go dtáinig an t-am a scoireadh sé gach lá eile. Agus do lig a sheisreach iar sin, agus do lig an fia dochum a choille féin, agus d’fhear fáilte ré Colm Cille. Agus gí gur mhaith an t-easpag ann féin, is ar son guí Cholm Cille a d’fhoilsigh Dia na míorúilí móra sin dó. Agus dúirt go dtabharfadh sé grádha arna mhárach do Cholm Cille.

Is ansin a dúirt Colm Cille: “Dá mba inniu amháin do bhéarfá grádha domsa, do bheinn im ardeaspag os cionn cléire Éireann agus Alban, agus ós amárach do bheirir dom iad, ní bheidh dínit go brách san Eaglais agam ba mhó ná bheith im ab agus im shagart chrábhaidh. Agus gí ea, do dhéanfaidh Dia an oiread seo de dhíoltas ortsa de chionn gan grádha do thabhairt inniu dom, óir ní thiocfaidh aon duine d’iarraidh grádh ort féin re do bheo, nó id chill thar d’éis go brách ó seo amach. Agus is maith liomsa,” ar Colm Cille, “gan cúram is mó ná sin do bheith orm ins an Eaglais féin go brách. Agus ní bheadh an cúram sin féin orm murab é gur mó an luaíocht dom bheith fá umhla oird ag déanamh crábhaidh ná bheith ag déanamh crábhaidh i modh eile”.

Agus do fíoradh an fháidheadóireacht sin Cholm Cille i leith re gach ní dá ndúramar romhainn. Agus tugadh grádha sagairt dó arna mhárach, agus tháinig roimhe iar sin go Doire Chalgaiigh.

11. MÍORÚILT A RINNE COLM CILLE I nDOIRE

Feachtas do chuaigh Colm Cille ina aonar ó Dhoire go Carraig Eolairg os or locha fhíorálainn Feabhail, agus ba ghnách leis dul don ionad sin do dhéanamh dúthrachta do Dhia, óir ba álainn uaigneach é, agus ba rómhinic do thig-idís na haingil do chomhrá ris ann. Agus ar gcríochnú urnaí faide dó, do chonaic sé manach dá mhanachaibh féin chuige agus do bheannaíodar dá chéile, agus d'fhiafraigh Colm Cille scéala de.

“Atá drochscéal agam,” ar an manach, “.i. do bhráth-airse agus do dhalta spioradálta d'fháil bháis, .i. Maolcabha mac Aodha mhic Ainmhireach, mac Ardrí Éireann.”

“Trua sin,” ar Colm Cille.

“Fíor sin,” ar an manach.

Do hiachtadh agus do hacaoineadh an scéal sin go mór le fearaibh Éireann. Agus do chuaigh Colm Cille os cionn coirp an mhacaoimh iar sin, agus do lig ar a ghlúinibh é agus a dúirt nach n-éireodh de na glúinibh sin choíche nó go bhfaigheadh sé aiseag anama a dhalta féin ó Dhia. Agus do ghabh trí shaltair ansin agus do bhí ag guí Dé go ró-dhúthrachtach maille re caí agus re tuirse mhór, agus do bhain crois dá bhachaill ar ucht an mhacaoimh maille re dóchas láidir, agus a dúirt de ghuth mhór ris éirí in ainm Íosa Críost ó mharbhaibh. D'éirigh an macaomh i gcéadóir le briathar Cholm Cille, amhail d'éireodh as a chodladh. Agus an dólás agus an tuirse do bhí ar Rí Éireann agus ar Éireannachaibh uile roimhe sin fá bhás Mhaolcabha, do líonadh níba rómhó ná sin iad de lúcháir agus de shólás fána athbheo dóibh agus do mholadar Dia agus Colm Cille go hiomarcach tríd an mhíorúile sin.

Agus tugadh tríocha bó agus tríocha brat agus tríocha

de gach uile chrodh do Dhia agus do Cholm Cille ar a shon sin. Agus thug Maolcabha féin an cíós sin d'fhir ionaid Cholm Cille ar a shliocht féin go brách uair gacha bliana. Agus d'fhág sé coimirce ag mionnaibh agus ag muintir Cholm Cille ar a shliocht féin, gach minice uair do rachaidís i gcionn duine díobh choíche. Agus do bhí Maolcabha deich mbliana ina rí Éireann iar sin, agus do lig an rí ghe de agus do chuaigh i gcrábhadh gur naomhadh fá dheoidh é.

Is follas dúinn as an scéal seo gur méanair ag a mbí Colm Cille ina chara, óir níor leor leis an cara seo do bhí aige d'athbheo gan maitheas saolta do thabhairt dó, agus flaitheas Dé fá dheoidh.

12. COLM CILLE AGUS AN FEAR BOCHT

Feacht eile do Cholm Cille i nDoire agus tháinig cearrbhach agus duine bocht dá ionsaí. Agus thug sé bonn don chearrbhach agus pingin don duine bhocht. Agus do ba ró-ionadh le cách gur mó a thug sé don chearrbhach ná don duine bhocht. Agus d'fhoilsigh Dia do Cholm Cille cách dá chur sin in ionadh air, agus dúirt sé re daoineibh áirithe dá raibh do láthair ansin an cearrbhach agus an duine bocht do leanúint dá fhéachaint céard do dhéanfaidís ris an airgead sin a thug sé dóibh. Agus fuaradar an cearrbhach i dtábhairne ag ól luacha an bhoinn agus é á thabhairt do gach duine ráinig a leas é dá dtáinig chuige. Agus is amhlaidh a fuaradar an duine bocht marbh ar an tslí agus an phingin sin a thug Colm Cille dó agus cúig mharg eile fuaite ina éadach. Agus tháingadar leis na scéalaibh sin d'ionsaí Cholm Cille. Is ansin a dúirt Colm Cille:

“D’fhoilsigh Dia domsa nach raibh de shaol ag an duine bhocht úd ní dob fhaide ná sin, agus dá mb’fhada a shaol, nach gcuirfeadh sé i dtairbhe dó féin ná do dhuine eile aon ní dá mbeadh aige, ach a thaisceadh mar do rinne leis na cúig mharg; agus, gí gurbh olc an cearrbhach ann féin, ní hé taisceadh a bhfuair sé do rinne, ach do shás sé é féin agus daoine eile ar a raibh riachtanas a leas re luach a bhoinn; agus ar an ábhar sin thugas-sa níba mhó dó ná thugas don duine bhocht.”

13. COLM CILLE AGUS MONGÁN MAC FIACHNA

Feachtas dá dtáinig Colm Cille ina aonar ó Dhoire go Carraig Eolairg os or Locha fhorleathain Feabhail d'iarraidh uaignis do ghuí Dé agus do rá a thráth agus a urnaí, agus níor chian dó ann an uair do chonaic sé an t-aon óglach álainn iontach tríd an loch dá ionsaí, amhail do bheadh sé ag siúl tíre nó talún, agus as óir fána chois, agus an chos do bhaineadh re lár aige, is uimpi do bhíodh an t-as. Agus ar theacht do láthair dó, is ea a dúirt:

“Go mbeannaí na déithe adhartha duit, a Cholm Cille,” ar sé.

“Cé thusa féin do ní an beannú sin?” ar Colm Cille, “nó cá tír nó talamh as a dtáinig tú, nó cé is rí nó is tiarna duit, nó cá dia dá gcreideann tú?”

“Mé féin is tiarna dom,” ar sé, “agus is do na déithibh adhartha chreidim.”

“Is ionadh liom, dá mba rí nó mac rí thú, do bheith id aonar mar sin,” ar Colm Cille.

“Ataoise féin id aonar, a chléirigh,” ar an t-óglach, “agus bíodh a fhios agat, dá mb’áil liomsa, go mbeidís fiche céad óglach im choimhdeacht anseo,” ar sé. “Agus insím duitse gur mé féin Mongán mac Fiachna, .i. mac Rí Uladh, agus gur do chóimheas feasa agus eolais riotsa thánag.”

“Inis dúinn ní den fhios agus den eolas mhór sin atá agat, a Mhongáin,” ar Colm Cille.

“Ineosad,” ar sé, “óir, níl ón chormhioltóg go rige an míol mór beathach nach dtéimse ina riocht, agus is eolach mé ar mhórán de thíorthaibh agus d’insíbh agus d’oileánaibh diamhracha an domhain, agus go háirithe, is eolach mé ar thrí chaogaí oileán atá do thaobh thiar d’Éirinn san fharraige, agus atá trí oiread Éireann i ngach oileán díobh.”

“Cé áitreabhas na tíortha agus na talúna sin nach gcualamar gus inniu?” ar Colm Cille.

“Áitreabhaidh iontu,” ar Mongán, “daoine onóracha is maith dealbh agus déanamh, idir fhir agus mhná, agus atáid ba fionna eodearga iontu go laoihb a gcomhdhatha maille riu, agus atáid caoirigh fionna go hiomarcach iontu, agus is iad sin is spré agus is airnéis dóibh.”

“Is mór an fios agus an t-eolas aon duine sin, a Mhongáin,” ar Colm Cille, “agus gí mór é, is beag é ag féachaint an eolais agus an fheasa atá agamsa, óir is eolach mé i neamh agus i dtalúin agus in ifreann.”

“Is maith an t-eolach ar thalúin mé,” ar Mongán, “agus do chuala mé ifreann, agus ní fheadar céard é flaitheas Dé, agus cé is rí nó is tiarna ar an neamh sin a deirir, a chléirigh,” ar sé.

“Dia na n-uilechumhacht, .i. cruthaitheoir neimhe agus talún agus ifrinn agus na n-uile chréatúr, is rí ann,” ar Colm Cille, “agus go saora sé thusa, a Mhongáin, ar an mhearú agus ar an seachrán creidimh atá ort. Agus is trua liomsa fear d’fheasa agus d’eolais-se do bheith chomh hainbhiosach agus sin ann.”

“Is mór teist agus tuarascáil an óglaigh sin is aon dia ann agatsa,” ar Mongán, “agus in onóir do dhaonnachta agus ar ghrá an aon Dé sin, beir mise d’fhéachaint flaitheasa Dé agus ifrinn, agus gabhaim do choimirce-se fám roghain do thabhairt dom díobh, ar mbreith eolais orthu.”

“Tarsa chugamsa anseo amárach ar maidin, agus do bhéar freagra ort um gach ní dá bhfuilir d’iarraidh orm,” ar Colm Cille.

Do ghabhadar cead ag a chéile an oíche sin agus téid Mongán roimhe dá shíbhruíbh féin; óir b’iomarcach a chumhachta i ndraíocht agus i ndiabhdhánacht. Agus téid

Colm Cille roimhe go Doire agus do ghabh sé ag guí Dé go dúthrachtach an oíche sin fá Mhongán do ligean leis d'fhéachaint glóire flaitheasa Dé agus péine ifrinn. Agus tig an t-aingéal chuige agus is ea a dúirt sé ris:

“Gach ní is cead leatsa i dtalúin, is cead le Dia ar neamh é, agus is cead leis tusa do bhreith Mhongáin dá bhféachaint sin.”

Téid Colm Cille iar sin ar maidin go Carraig Eolairg, agus gí gur mhoch do chuaigh ann, fuair sé Mongán ar a chionn agus do bheannaíodar dá chéile. Is ansin a dúirt Mongán:

“An cuimhin leatsa an gealladh thugais domsa inné, a Cholm Cille?” ar sé.

“Is cuimhin,” ar Colm Cille, “agus tabhair do cheann fá bhinn mo bhrait, agus do chífidh tú gach ní dá bhfuilir d'iarraidh.”

Chuir Mongán a cheann fá bhrat Cholm Cille agus do foilsíodh ifreann gona ilphianaibh dó. Agus d'éigh go hard arna fheiscint sin, agus is ea a dúirt:

“Ó, a Cholm Cille, guím thú, as ucht an Dé dá gcreideann tú, an taispeánadh thugais dom do cheilt orm, óir is leor liom a bhfaca de.”

Do thóg Colm Cille a bhrat de cheann Mhongáin, agus d'fhiafraigh de céard í an áitreabh sin do chonaic sé.

“Ní furasta dom a tuarascáil do thabhairt uaim,” ar Mongán, “óir dá mbeadh míle teanga im cheann, agus saol go lá na breithe agam, ní fhéadfainn uile dhua oilc an tí úd agus na háitreibhe d'insint, ach amháin dá bhféachfaidís síol Ádhaimh ar an aon diabhal is lú gráin inti, do gheobhaidís bás fá chéadóir; agus is deimhin go bhfaighinnse bás go hobann murab é do choimhéadsa orm. Agus beir d'fhéachaint flaitheasa Dé anois mé.”

“Cuir do cheann fám choim,” ar Colm Cille.

Chuir Mongán a cheann fá choim Cholm Cille agus do foilsíodh flaitheas Dé dó, gona ghlóir agus gona aoibhneas agus gona ilcheolaibh. Agus do thit a chodladh air leis na ceolaibh sin; agus mar dob fhada le Colm Cille do bhí Mongán ina chodladh, thóg a bhrat dá cheann agus do mhúscaíl Mongán iar sin agus d’fhiafraigh Colm Cille de céard í a bhreith ar an taispeánadh sin a tugadh dó.

“Ní féidir liomsa breith do bhreith air,” ar Mongán, “óir dá mbeadh míle ceann orm agus míle teanga i ngach ceann díobh, ní thiocfadh díom an ghlóir is lú i bhflaitheas Dé d’insint duit; agus gabhaim do choimirce-se, a Cholm Cille, fám chuid den ghlóir sin do thabhairt go suthain dom iar mbás.”

“Do bhéarsa sin duit,” ar Colm Cille, “agus déan féin maith agus ba tú an treas mac uchta bheas im uchta lá na breithe ag d’anacal ar thine an bhrátha, .i. tú féin agus Maolumha mac Baodáin agus Suidheamhain mac Samhain.”

Cheiliúir cách dá chéile díobh agus do bhí Mongán ina óglach mhaith do Dhia agus do Cholm Cille ó sin amach gona bhás agus iar mbás.

14. CION CHOLM CILLE AR CHRAINN DHOIRE CHALGAIGH; AGUS AR CHLUAINÉ

Do bhí an oiread sin de ghrá ag Colm Cille ar Dhoire agus de dhoilíos aige fán doire choille do bhí ann do bhuain nó do ghearradh mar nach bhfuair sé ionad don dairtheach, re n-abartar an Duibhreigléas inniu, an uair do bhí sé 'gá dhéanamh ar chor go mbeadh éadan na haltóra de san aird soir le dlús na coille agus nárbh áil leis-sean an choill do ghearradh, gurb é a thaobh do fhoráil sé do thabhairt san aird soir. Agus dá dhearbhadh sin, is ina thaobh atá an altóir ar a n-abradh sé féin an tAifreann, agus is follas do chách gurb é sin suíomh an dairthí sin inniu.

Agus an crann do thitfeadh uaidh féin nó do leagfadh an ghaoth sa bhaile sin, d'fhág sé mar aithne ag lucht a ionaid ina dhiaidh gan a ghearradh go ceann nómhaí agus a roinn ansin ar dhaoineibh maithe agus shaoithe an bhaile, agus an treas cuid de do chur i dtigh na n-aíonn fá chomhair na n-aíonn féin, agus a dheachú do roinn ar na bocht-aibh.

Agus atá an rann do rinne sé féin tar éis a dhul ar deor-aíocht in Albain dó 'gá dhearbhadh nach raibh sa mbith ní ris nár chomholc leis coill Dhoire do ghearradh:

Ach gí eagal liom — gan fheall —
an t-éag agus an t-ifreann,
is eaglaí liom — gan chleith —
fuaim tua thiar i nDoire.

Feachtas do Cholm Cille san ionad re n-abartar Cluaine i bport Dhoire Chalgaigh den taobh thoir de Loch Feabhail agus do bheannaigh sé san ionad sin agus do rinne team-pall ann. Agus do labhair trí spiorad fáidheadóireachta agus is ea a dúirt:

“Tiocfaidh easpag gallda i gceann aimsire faide im dhiaidhse san ionad seo agus scaoilfidh an teampall seo do rinne mise do dhéanamh oibre eile dá chlochaibh san ionad re n-abartar Bun Seantoinne sa bhaile seo féin.”

Go mba ann do rinne an rann seo:

Mo thruaighe!
Tiocfaidh Gaill go Cluaine,
agus béarfaid mo theampall
go Bun Seantoinne fuaire.

Agus do fíoradh sin uile, amhail is follas do chách inniu, .i. tháinig easpag gallda go Doire darb ainm Niocól Bastún, agus is é do scaoil an teampall sin do dhéanamh cúirte de. Agus níor críochnaíodh an chúirt sin fós; agus is deimhin liomsa gur de mhíorúilibh Cholm Cille tháinig gan críoch do chur uirthi leis na clochaibh sin a theampaill féin.

15. COLM CILLE AGUS DEARTHÁIREACHA A ATHAR

Ghabh Feidhlimidh mac Fhearghasa cheannfhada, mhic Conaill Gulban, .i. athair Cholm Cille, ríocht Uladh, agus ar mbeith dó atha fhada sa ríge sin, agus ar dteacht a aoise agus a ársaíochta go mór, lig an ríge de agus roinn ar a bhráithribh í. Agus is iad seo ainmneacha na mbráithreach sin, .i. Bréanainn agus Ninnigh, Fiachaidh agus Fiodhraidhe, Cathrann agus Loarn, agus Séadna, an mac ab óige díobh. Agus do rinneadh fleá mhór iar sin le macaibh Fhearghasa san ionad re n-abartar Both Bhraín i dtír Fheargna inniu i dtearmann Chille Mhic nÉanáin. Agus do bhí Colm Cille an uair sin i gCúige Laighean ag beannú ceall agus eaglais. Agus d'fhoilsigh aingeal Dé dó gur lig Feidhlimidh, .i. a athair, an ríge de agus gur roinneadar na bráithre a dúr-amar romhainn a fhearann eatarthu féin.

Is ansin téid Colm Cille roimhe ó thuaidh gus an ionad a raibh a athair, .i. go Cill Mhic nÉanáin, agus níor chian dó ann an uair thángadar teachtaí a bhráithreach ar cheann an tseanórach, .i. Fheidhlimidh, dá bhreith do chomóradh na fleá. Is ea a dúirt Feidhlimidh nach rachadh sé ansin agus go raibh sé ársa éagrúa, agus dúirt riu Colm Cille do bhreith leo do bheannú na fleá. Téid Colm Cille leis na teachtaibh sin go Both Bhraín, agus ar ndul don bhaile dó, tharla Séadna mac Fhearghasa cheannfhada de chéad daoinibh dó, agus ba ró-fháilidh roimhe é. Agus d'fhiafraigh Colm Cille de nár roinneadar a bhráithre agus é féin fearann re chéile.

“Do roinneamar,” ar Séadna.

“Nár gabhadh deachú an fhearainn sin libh?” ar Colm Cille.

“Níor gabhadh,” ar Séadna.

“Is cead liomsa, más cead le Dia é,” ar Colm Cille, “gan an roinn sin do bheith ar bail nó do dhul i soirbheas eadraibh nó go ngabhtar deachú an fhearainn libh.”

“Do riar duit, a chléirigh,” ar Séadna, “.i. an chuid roinne ráinig mise den fhearann duit ar son na deachaí.”

Go mba é sin Tearmann Chill Mhic nÉanáin inniu.

“Do bhéarsa luach ar a shon sin duitse,” ar Colm Cille, “óir do bhéar ceannas agus tiarnas duit ar do bhráithribh is sine ná thú féin. Agus is ar do shliocht a bheidh ríora agus tiarnaí Sleachta Chonaill Gulban go bráth arís.”

Is ansin thángadar an chuid eile de mhacaibh Fhearghasa i gcoinne Cholm Cille agus d’fhear siad fáilte ris. D’fhiafraigh Colm Cille díobh, ó do fuair sé deachú an fhearainn ó Shéadna, an bhfaigheadh sé deachú na fleá agus gach neach eile as ar iomchuí deachú do ghabháil ó sin amach uathusan. D’éisteadar uile ris.

“Freagraídh Colm Cille,” ar Séadna, “agus ná héistidh ris um aon ní dá n-iarrann oraibh, óir is dó is cóir bhur ndeacháise, .i. do mhac bhur ndearthár, .i. an cléireach is fearr in Éirinn.”

“Tabhraidh bhur ndeachú do Cholm Cille,” ar Loarn mac Fhearghasa, “.i. an dara mac dob óige de chlann Fhearghasa cheannfhada.

“Fada gur labhraís,” ar Colm Cille, “agus dá n-abrófá mo riar níba luaithe ná sin, a Loairn, do bheidís ríthe agus tiarnaí in Éirinn féin ar do shliocht, agus ó nach ndúrais mo riar ach go mall,” ar sé, “ní bheidh ach ríthe in Albain ar do shliocht.”

Go mba ar shliocht an Loairn sin mhic Fhearghasa do bhíodar clann Mhaol Choilm mhic Dhonncha i ríocht Alban aimsir fhada. Agus do fíoradh gach ní dá ndúirt Colm Cille an uair sin.

16. DÉANANN COLM CILLE ÚLLA MILSE D'ÚLLA SEARBHA

Feachtas do Cholm Cille i nDarmhaigh agus tugadh úlla chuige. Agus tharla úll searbh drochbhlasta i measc na n-úll air, agus d'fhiafraigh Colm Cille cá háit a bhfríth an t-úll sin. Dúradar cách ris gurb abhaill áirithe do bhí san úllord agus gurb é sin ba bhlas dá húlalbh de ghnáth. Arna chluinstin sin do Cholm Cille, téid san úllord agus bheannaigh an abhaill sin agus is ea a dúirt:

“Beannaím thú agus cuirim ort as ucht aon Dé uile-chumhachtaigh, a abhaill úd, an nádúr searbh míbhlasta do bhí agat go trásta do chlaochlú agus nádúr milis deabhlasta do ghabháil chugat anois.”

Agus do rinne an dúil bhalbh amhail a dúirt Colm Cille ria an uair sin féin, ionas gurb iad a húlal úlla ba mhlse agus dob fhearr blas agus boladh dá bhfacadar cách riamh roimhe sin.

Agus is follas as sin nach ea amháin thug Dia cumhachta ar dhúil an uisce do Cholm Cille, leith re fíon do dhéanamh de, ach thug sé cumhachta dó ar dhúilibh na talún, mar atáid crainn agus clocha agus luibheanna agus gach dúil thalmhaí ó sin amach.

17. FÍIS A CHONAIC COLM CILLE

Feachtas eile do Cholm Cille agus do Chainneach re taobh farraige agus do bhí anfa mór ar an fharraige.

“A Cholm Cille,” ar Cainneach, “an bhfuil a fhios agat céard a deir an tonn?”

“Atá a fhios sin agam,” ar Colm Cille. “Deir sí go bhfuil do mhuintirse i nguasacht mhór ar an fharraige, agus go bhfuair duine díobh bás, agus do bhéarfaidh Dia chugainne sa phort seo iad sula dtí maidin amárach.”

Agus do fíoradh an fháidheadóireacht sin Cholm Cille, amhail ba mhinic leis.

18. COLM CILLE AGUS BAOITHÍN

Feacht eile do Cholm Cille agus do neach naofa eile darb ainm Baoithín ag siúl re taobh farraige in ionad áirithe agus do chonacadar long gá báthadh. Agus d'fhiafraigh Baoithín de Cholm Cille céard fár fhulaing Dia an long do bháthadh.

“Aon pheacach do bhí inti,” ar Colm Cille, “agus do chheadaigh Dia lucht na loinge do bháthadh chuige.”

“Dar linn,” ar Baoithín, “do rinne Dia éagóir ar lucht na loinge.”

Agus do lig Colm Cille sin thairis agus ní thug sé freagra an uair sin ar Bhaoithín.

Agus do thionóil sé lán a lámhainne de bheachaibh agus thug dá choimhead do Bhaoithín í. Agus tháinig beach as an lámhainn agus do chealg sí Baoithín go géar ionas gur ghortaigh go mór é, agus tháinig de bhrí an ghortaithe sin thug an bheach air gur mharaigh sé a raibh de bheachaibh sa lámhainn uile.

“Céard fár mharaís na beacha?” ar Colm Cille.

“Beach díobh do ghortaigh go géar mé,” ar Baoithín.

“Bíodh a fhios agat, a Bhaoithín,” ar Colm Cille, “amhail do chealg an bheach thusa, gurb amhlaidh chealgas an duine Dia ina pheaca, agus amhail do mharaigh tusa lán na lámhainne de bheachaibh as gortú na haon bheiche gurb amhlaidh sin fhulaingíós Dia bás mhóráin de dhaoinibh ar son peaca aon duine, amhail is follas, mar d'fhulaing sé lucht na loinge do bháthadh ó chianaibh ar son an aon pheacaigh do bhí inti.”

“Tuigimse, a athair naofa,” ar Baoithín, “gur maith do cuireadh sin in eiseamláir dom, agus ní chuirfidh mise

oibreacha Dé in ionadh ó seo amach, agus ní rachad do dhíospóireacht orthu feadh mo bheatha níos mó.”

19. "LEAC NA CUMHA" AGUS "FÓD AN BHÁIS"

Feachtas dósan (.i. do Cholm Cille) san ionad áirithe re n-abartar Gort na Leice i nGartán den taobh thiar den ionad a rugadh é féin, .i. de Ráth Cnó, agus tháinig duine áirithe den phobal ina cheann ansin óna bhfuair mórán dá chairdibh agus dá dhaoinebh muintire bás, agus do bhí tuirse agus dobrón mór air ina ndiaidh. Agus do bhí de mhéid a chumha gurbh fhearr leis bás d'fháil ná bheith beo ina ndiaidh. Agus arna fheiscint do Cholm Cille, do ghabh trua mhór uime é, agus do bheannaigh sé leac cloiche do bhí láimh ris agus thug sé ar an duine sin uisce d'ól di, go ndeachaigh a chumha ar gcúl: gur móradh ainm Dé agus Cholm Cille de sin. Agus d'fhág Colm Cille mar bhuaibh ar an leac sin, cibé neach ar a mbeadh cumha do ibhfeadh uisce di ó shin i leith, a chumha do dhul de. Agus atá sin 'gá fhíoradh ó shin; agus "Leac na Cumha" ainm na leice inniu i gcuimhne na míorúile móire sin.

Feachtas do Cholm Cille ag teacht ó Ghartán ag gabháil láimh ris an cheann oirthearach de Loch Bheathach, go bhfaca duine áirithe darb ainm Criomhthann ó Coinneanta ina rith thairis.

"Ag sin an t-óglaigh ina rith dochum fód a bháis," ar Colm Cille, "agus gabhtar libh é agus ná ligidh d'ionsaí an fhóid sin é."

Do ghabhadar muintir Cholm Cille an t-óglaigh an uair sin, agus mar nár ligeadh siúl dó, do chonacadar an fód chucu ina rith agus tháinig sé fá chosaibh an óglaigh, agus ní luaithe ráinig sé faoi ná fuair an t-óglaigh bás. Is ansin a dúirt Colm Cille:

"Bíodh a fhios agaibh, a dhaoine, gur mar eiseamláir thug Dia an taispeánadh úd, dá chur i gcéill nach féidir le

haon duine dár ghabh corp daonna uime fód an bháis do sheachnadh. Agus bíodh a fhios agaibh,” ar Colm Cille, “go bhfuilid trí fóide ann nach féidir do aoinneach a seachnadh, .i. fód a ghine agus fód a bháis agus fód a adhlactha. Agus dúirt an rann seo:

Tri fódáin nach seachantar
mar a deirid i mórfhocail:
fód a ghine, fód a bháis
agus fód a anacail.

Agus ina dhiaidh sin, do ghuigh Colm Cille Dia fán óglach d’athbheo ionas go ndéanadh sé aithrí ina pheacaí, agus go mbeadh sé ina óglach mhaith do Dhia agus dó féin ó sin amach. Agus fuair sé sin amhail d’iarr. Agus atá ula san ionad a ndearnadh sin mar chomhartha míorúile do Dhia agus do Cholm Cille. Agus d’athbheoigh sé duine eile san ionad chéanna sin, .i. Beaglaoch ó Beaglaoidh a ainm.

20. BÁS CHLANN RÍ NA hINDIA I dTORAIGH

Feachtas eile do Cholm Cille san oileán chéanna sin darb ainm Torach, agus do chuaigh clú a eagna agus a eolais, a chreidimh agus a chrábhaidh, fán uile dhomhan, agus thugadar clann naofa do bhí ag Rí na hIndia grá éagmaise dó fána thuarascáil, .i. seisear mac agus aon deirfiúr do bhí acu. Agus do thionscnaíodar teacht ar cuairt chuige do ghabháil rialach agus dea-eiseamláire uaidh agus do bheith tamall ina fhochair ag ceartú a mbeatha.

Do chuadar ina long iar sin agus ní aithristear a scéala nó gur ghabhadar tír sa cheann thiar de Thoraigh san ionad re n-abartar Port an Mhórsheisir inniu. Agus ar theacht i dtír dóibh, fuaradar bás le scís na mara agus na farraige. Do foilsíodh sin do Cholm Cille agus do chuaigh os a gcionn agus do bhí ag caí agus ag tuirsiú go hiomarcach ina dtimpeall, agus d'inis do chách gurb iad clann Rí na hIndia do bhí ansin. Do lig ar a ghlúinibh é iar sin agus do thóg a roisc agus do chuir urnaí mhilis dhúthrachtach dochum Íosa Críost um a n-athbheo dó. Ar gcríochnú na hurnaí sin do Cholm Cille, d'éiríodar clann Rí na hIndia ina seasamh i bhfianaise cháich uile mar dhaoinibh do bheadh ina gcodladh, nó mar dhaoinibh nach bhfaigheadh bás roimhe sin. Agus d'insíodar gurb iad féin do bhí ann, agus gach ní dár imigh orthu agus na tosca um a dtángadar. Agus d'inis Colm Cille iar sin dóibh féin agus do chách nach raibh d'fhuireach orthu gan bás d'fháil arís ach go dtugadh sé féin aspalóid dóibh agus go leasaíodh sé iad do mholadh na hEaglaise.

Do fíoradh sin amháil dúirt Colm Cille; óir thug aspalóid dóibh ar an phonc sin féin, agus fuaradar bás fó chéadóir. Agus do fhoráil a n-adhlacadh go ró-onórach agus séipéal

beag teampaill do dhéanamh os a gcionn; go mba Teampall an Mhórsheisir a ainm ó shin i leith.

Agus gach uair dá n-adhlaictí an iníon sin Rí na hIndia maille rena bráithribh, do gheibhtí a corp os cionn talún arís. Arna fheiscint sin do Cholm Cille, do bheannaigh agus do choisric ionad ar leith di féin leath amuigh den teampall, gairid beag uaidh den taobh thiar de, agus do hadhlacadh ansin í agus níor éirigh a corp os cionn talún ó shin suas. Agus is mór d'fheartaibh agus de mhíorúilibh do ní úir an adhlactha sin inar cuireadh í ó shin i leith.

Agus d'fhoilsigh Colm Cille do chách gurb é ábhar nár fhulaing corp na ban-naoimhe sin in aon tuama re corpaibh a bráithreach, an méid go raibh gráin aici ar chaidreamh na bhfear rena beo nárbh áil léi a corp do bheith in aon ionad rena bráithribh ina eiseamláir sin.

“Is furasta dúinn a thuiscint,” ar Colm Cille, “an uair do bhí an ghráin sin ag an bhan-naomh sin ar a corp do bheith in aon tuama ris na bráithribh naofa sin do bhí aici féin, gur mhaith ab ineachanta do na mnáibh, nó do na fearaibh, lerab áil a n-óghacht do choimhéad, caidreamh a chéile sa saol seo.”

21. COLM CILLE AGUS IASCAIRÍ BHUN LINNEADH

Feachtas do Cholm Cille san ionad áirithe re n-abartar Bun Linneadh i gcrích Chineál Conaill Gulban agus do bhíodar iascairí ag iascaireacht ar an inbhear sin, agus d'fhiafraigh Colm Cille díobh an raibh iasc acu.

“Níl,” ar siad, agus níorbh fhíor dóibhsean sin, óir do bhí iasc gearrtha ina oirneach acu, agus níor admhaíodar do Cholm Cille é.

“Mura bhfuil, go raibh, agus má tá, gura clocha!” ar Colm Cille.

Ar ndéanamh cloch den iasc leis an mbriathar sin, thugadar na hiascairí scannail chomhrá do Cholm Cille. Do mhallaigh agus d'eascain Colm Cille na hiascairí — muintir Gualann iad sin — agus dúirt nach mbeidís dhá thine in aon bhaile dá sliocht go bráth. Agus atá an briathar sin 'gá fhíoradh ó shin.

Agus do mhallaigh Colm Cille an t-inbhear sin ionas nár gabhadh iasc air ó shin i leith, agus atáid na clocha do rinneadh den iasc sin ar ula áirithe i gcill de cheallaibh Cholm Cille féin do bhí de chóir an ionaid sin dá ngairtear Cill mhic nÉanáin inniu. Agus is ar chuma an oirnigh do nítear den bhradán atáid na clocha sin, ionas go n-aithnítear seach clochaibh eile na hula iad.

22. TRÍ PHEATA CHOLM CILLE

Do bhíodar trí pheata ag Colm Cille, .i. cat agus dreoilín agus cuil. Agus do thuigeadh sé urlabhra gach beithígh díobh, agus do chuireadh an Tiarna teachtaireacht leo chuige, agus do thuigeadh seisean gach aon ní uathu amhail do thuigfeadh ó aingeal nó ó dhuine do chuirfí i dteacht-aireacht chuige.

Agus tharla dóibh gur ith an dreoilín an chuil agus gur ith an cat an dreoilín. Agus do labhair Colm Cille trí spiorad fáidheadóireachta agus dúirt sé gurb amhlaidh sin do dhéanfaidís daoine dheireadh aimsire, .i. go n-íosfadh an duine ba threise acu an duine ab anbhainne, .i. go mbainfeadh sé a spré agus a airnéis de, agus nach ndéanfadh sé cóir ná ceart ris. Agus dúirt Colm Cille, an uair do bheidís Gaeil Éireann mar sin, go mbeadh tréan allúrach orthu, agus gibé uair do bheadh cóir agus ceart ar coinneáil acu, go mbeadh a dtréan féin arís acu.

Agus do bhí de chion ag Colm Cille ar na beithíbh beaga sin do bhí aige gur iarr sé ar Dhia a n-athbheo dó, .i. aiseag na cuile d'fháil ón dreoilín, agus aiseag an dreoilín d'fháil ón chat. Agus fuair sé sin ó Dhia, agus do bhíodar maille ris ó sin amach, amhail do bhíodar ó thús, nó gur chaitheadar an saol nádúrtha do bhí acu.

23. CRÍOST AGUS PÁDRAIG LÁ AN BHRÁTHA

Feachtas do Cholm Cille in Ard Mhacha, agus do chuaigh do rá tráth agus urnaí timpeall cros agus ula agus reilig Phádraig, go bhfacadar na mairbh lomnochta, ach a mbrait roinne umpu. Ghabh eagla mhór Baoithín naofa do bhí i bhfochair Cholm Cille fán ní sin, agus do chuaigh do dhéanamh monabhair agus ithiomrá ar Phádraig fána leith-éid sin de thaibhsiú d'fheiscint ina bhaile. Feargaítear Colm Cille re Baoithín, agus is ea a dúirt:

“A Bhaoithín,” ar sé, “dá mbeadh a fhios agatsa, amhail atá agamsa, a theinne rachas Pádraig ar son fear nÉireann i ló an bhrátha, ní bheadh fodhord agat air.”

“Inis dom, a Cholm Cille,” ar Baoithín, “ó ataoi ’mo choiriú, céard é an taispeánadh úd tugadh dúinn.”

“Insím,” ar Colm Cille. “Ag siúd muintir dhílis Phádraig ’gá gcoinneáil gan truailliú i gcorp óna chumhachtaibh féin, ach ní fheicidh na daoine saolta iad le ceo an pheaca do bheith eatarthu agus iad.”

“Inis dom anois,” ar Baoithín, “conas rachas Pádraig ar son fear nÉireann i ló an bhrátha?”

“Ineosad ní éigin de,” ar Colm Cille, “amhail thoilíos Dia dom, .i. tiocfaidh Pádraig go Cluain Mhic Nóis i gcoinne fear nÉireann. Is ansin fholáirfeas sé an clog do bhuaín i gCruachan Aighle, .i. an “Bearnán Phádraig” a ainm, do bhris sé féin roimhe ar na deamhnaibh ’gá n-ionn-abadh don Chruach. Agus tiocfaidh fir agus mná Éireann fá ghuth an chloig sin, agus is mór an onóir do Chiarán gurb ina bhaile féin chruinnítear na sluaite sin.

“Agus ba mhór mo shochraide-se féin sa ló sin, a Bhaoithín,” ar Colm Cille, “óir, beidh tosach mo shluasa i gCluain Mhic Nóis agus a dheireadh i nDún Cuilinn in

Albain. Méanair bheas de réir Phádraig agus naomh eile Éireann sa ló sin, agus is mairg bheas dá n-aimhréir, agus is méanair ag a mbeadh re maíomh ar Phádraig an uair seo seirbhís do dhéanamh dó leith rena fhéile do dhéanamh go honórach, agus re hurnaithe agus re déirc agus re troscadh do dhéanamh ina onóir, óir is é ba aighne agus ba bhreith-eamh d'Éireannachaibh uile i ló an bhrátha.

“Agus racham uile um Pádraig go Crosa Cáil i Mí, agus fanfam re deireadh ár slua ansin, agus racham as sin go Máirtín, agus rachaidh Máirtín agus Pádraig romhainn go Peadar agus go Pól, agus racham uile um Peadar agus um Pól go Sliabh Oiliféad. Agus déarfaidh Pádraig ansin re Peadar agus re Pól agus re Máirtín dul roimhe féin go Sliabh Sióin do bheannú don Choimdhe. Agus suífidh Pádraig i gcathaoir óir os fearaibh Éireann ar an sliabh sin. Agus cuirfidh sé Ailbhe Imleach Iúir, go seacht n-easpagaibh uime, mar a mbeidh Críost i Sliabh Sióin dá fhios céard a déarfadh sé ris féin nó rena shluaite. Agus fearfaidh an Coimdhe fáilte re hAilbhe agus fiafróidh de cá háit a bhfuil Sraibhthine Iarthair Domhain, agus déarfaidh is fada do thig dochum na dála.

“‘Tiocfaidh chugaibh,’ ar Ailbhe.

“‘Is mór de pheacaibh agus de dhrochdhaoinibh atá maille ris,’ ar Críost.

“‘Sílidh seisean,’ ar Ailbhe, ‘gurb aos martra agus aithrí thug leis iar mbeith dóibh seacht mbliana fó thonnaibh mara, amhail fuair sé féin uaibhse farraige do thabhairt ar Éirinn seacht mbliana ré mbráth, ionas go mba lucht péine agus martra poibleacha na hÉireann uile sa choimhead do chuireabhairse air féin.’

“‘Abair ris an méid is olc dá shlua d’fhágáil,’ ar Críost.

“‘Is dóigh liom nach ndéanfaidh sé sin,’ ar Ailbhe, ‘óir

is lonn agus is feargach an fear atá ansiúd, agus ní de theachtaireacht a thánagsa uaidh ach do bheannú duitse agus do bhreith scéal uaidh, agus sílim go dtiocfaidh teachtaí go hullamh chugat uaidh.’

“Tiocfaidh Ailbhe dochum Phádraig iarum agus beannóidh dó.

“‘Nár agallais an Coimdhe?’ ar Pádraig.

“‘Do agallais,’ ar Ailbhe, ‘agus dúirt sé riotsa an méid ba olc ded shlua d’fhágáil.’

“‘Ní tosach fáilte an ní sin,’ ar Pádraig, ‘agus ní ba amhlaidh bheas,’ ar sé.

“Cuirfidh Pádraig mise agus Ciarán mac an tSaoir agus Cainneach mac uí Dhalann i dteachtaireacht dochum Chríost agus fearfaidh sé fáilte rinn, agus fearfaidh fó thrí re Cainneach, agus cuirfidh linn a rá re Pádraig a pheacaigh uile d’fhágáil. Rachamna go Pádraig leis an uirgheall sin agus ineam dó é, agus is ea a déarfaidh rinn:

“‘Ní fhuígeadsa,’ ar sé, ‘aon duine dá dtáinig liom anseo go mba fhollas d’fhearaibh Éireann m’fhónamh dóibh sa lá seo inniu.’

“Agus déarfaidh sé rinn dul arís go Críost agus a bhreith mar chomhartha chuige an lá do chuir sé é féin do shíoladh creidimh in Éirinn gur gheall sé dó go mba é ba bhreitheamh d’fhearaibh Éireann sa ló sin, agus gur gheall an t-aingeal dó an uair do rinne sé an troscadh fada ar Chruachán Aighle, ar aithris an troscatha do rinne an Tiarna féin agus Maoise, go mba é ba bhreitheamh dóibh mar an gcéanna, agus cuirfear Munna mac Tulchain, an ceathrú fear, linn.

“Rachamna, iarum, an ceathrar sin, go Críost agus do dhéanfam teachtaireacht Phádraig ris, agus agóram i ngach gealladh díobh sin é.

“ ‘Ní dícheall daoibhse,’ (ag cuimhniú dó) ar Críost.

“ ‘Céard í an anfháilte sin agat ria Pádraig?’ ar Munna mac Tulchain.

“ ‘Do bhis id dhraoi an uair do bhí tú óg,’ ar Críost.

“ ‘Dar mo dhraíocht,’ ar Munna, ‘ní thiocfaidh Pádraig as an sléibh ina bhfuil go mba riarach uaibhse é.’

“ ‘Más ea, tigeadh Pádraig chugainn gona shluaibh uile,’ ar Críost, ‘go n-agallam naoi ngrádh neimhe dá fhios céard is indéanta dúinn ris féin agus rena mhuintir.’ ”

Do baineadh clog an mheán lae in Ard Mhacha ansin.

“Freagram an clog,” ar Colm Cille, “óir is dá thoirmeasc umamsa na scéala seo d’insint níos mó do thoiligh Dia an clog do bhuain chomh luath agus siúd, agus ní cead dom níos mó de na scéalaibh seo d’insint.”

Agus níor críochnaíodh an taispeánadh sin ach mar sin.
Finit.

24. AISLING BHAOITHÍN

Aisling do chonaic Baoithín naofa, do bhíodh i bhfochair Cholm Cille de ghnáth, .i. mar do thaispeánfaí flaitheas Dé dó, agus idir gach taispeánadh dá dtugadh ann, do chonaic sé trí cathaoireacha folamha i bhfianaise an Tiarna, .i. cathaoir óir agus cathaoir airgid agus cathaoir ghloine, agus ba í an chathaoir ghloine ba ghaire don Tiarna féin acu. Agus ar múscladh as a chodladh do Bhaoithín, d'inis sé an aisling sin do Cholm Cille. Is ansin a dúirt Colm Cille:

“Ineosadsa ciall d’aislinge duit, a Bhaoithín,” ar Colm Cille. “An chathaoir óir sin do chonaic tú, is í sin ionad Chiaráin mhic an tSaoir i bhflaitheas Dé, ar uaisle agus ar dhaingne a chrábhaidh. An chathaoir airgid do chonaic tú, d’ionad féin i bhflaitheas Dé sin, a Bhaoithín,” ar Colm Cille, “ar dhaingne agus ar thaitneamhaí agus ar chruas do chrábhaidh. An chathaoir ghloine sin do chonaic tú, m’ionadsa féin i bhflaitheas Dé,” ar Colm Cille, “ar dhealraithe agus ar ghlaine agus ar aibrisce mo chrábhaidh. Óir, is é is nádúr don ghloine a bheith róghlan, ródhealraitheach inti féin ionas go bhfeiceadh cách gach aon ní inti agus tríthi, agus atá sí sobhriste, éadaingean ó nádúr.” Agus is mar seo, iomorro, do bhí Colm Cille, ach nach raibh sé éadaingean mar atá an ghloine.

Do bhí sé róghlan, rósholas, ródhealraitheach ann féin, ionas gurb é ba scáthán do naomhaibh iarthair domhain, agus gurb ann agus tríd do chídís mar ba chóir dóibh crábhadh do dhéanamh. Agus gí ea, do bhí an oiread sin de dhaonnaíocht agus de ghrá aige dá bhráithribh agus dá chairdibh collaí uile go mbíodh sé aibrisc do thabhairt aighthe dóibh, agus do bhíodh sé sochraí suáilceach riu, agus do bhí sé aibrisc dochum aighthe do thabhairt d’aos

ealaíne agus d'fhillibh Éireann mar an gcéanna, ar son a n-ealaíne agus na molta do nídís dó. Óir do bhí dá uaisle agus dá onóraí agus dá shochineálaí seach cách, nach ngabhfaidís uaidh gan aghaidh do thabhairt dóibh nach dtugaidís naoimh Éireann dóibh. Agus gí go mbeireadh seisean an aghaidh sin do chách, do níodh sé aithrí rómhór inti, agus gach gné a ndéanadh sé glóir dhíomhaoín le cách nó a dtugadh sé aghaidh dóibh do ghortaíodh a chogús, do níodh sé aithrí ar leith sa ghné sin féin, ionas go mbíodh glóir agus taitneamh agus soilse na n-uile ghrás ag Dia agus ag daoínibh ar a chogús agus ar a chrábhadh.

Agus féadtar a shamhlú ris an ghloine i ngach gné díobh seo, ach amháin é sin — ródhaingean i ngrá Dé agus sa chreideamh, gí go raibh sé aibrisc i leith re daonnaíocht do bheith aige ris na daoínibh.

25. *DIÚLTÁIONN COLM CILLE FAD A SHAOIL A INSINT DO DHUINE MUINTEARTHA LEIS*

Feachtas ann, tháinig comhbhráthair ginealaigh do Cholm Cille, .i. Annadh mac Duibh Inse, mhic Caibhdheanaigh, mhic Éanna, mhic Néill Naoighiallaigh, ar cuairt chuige, agus d'fhiafraigh de cá fhad a shaol. D'fhreagair Colm Cille é agus is ea a dúirt ris:

“Ná hiarr sin, a Annaidh,” ar sé, “óir ní háil le Dia a fhios sin do bheith ag aon duine sa saol seo ar thrí hábhar-aibh. An chéad ábhar díobh, dá bhfaigheadh duine a fhios go mba ghairid a shaol, ní dhéanfadh sé dea-oibreacha ná eagna ná eolas sa saol seo ar eagla an bháis. Agus an dara hábhar, iomorro, dá bhfaigheadh sé a fhios go mba fhada a shaol, do bheadh sé ag déanamh peacaí agus droch-ghníomhartha go deireadh a aimsire i ndóchas go mbéarfadh sé ar leorghníomh do dhéanamh iontu fá dheoidh. An treas ábhar, nach áil le Dia aon duine do chur i gcosúileas eolais ris féin sna nithibh bhaineas re diamhair a shicréide féin.

“Agus biodh a fhios agat, a Annaidh, go mbímse gacha Déardaoín ag comhrá rem Thiarna, agus go mbíd aingle Dé ag comhrá riomsa gach lae, agus an fios nach n-iarraimse ar Dhia, ní hoircheas duitse bheith 'gá iarraidh. Ach bíodh a fhios agat, a Annaidh, go ndúirt Dia ré cách uile bheith ullamh gach aon lá ar feadh a mbeatha in oirchill an bháis. Agus tuig féin, a Annaidh, dá bhfaighteá saol ó thósach an domhain gona dheireadh, go mba éigean duit bás d'fháil fá dheireadh, agus fós, nach mb'aibhsí leat sin uile ná aon mhóimint d'fhéachaint na haimsire atá romhat ar bhfágáil an tsaoil seo duit; agus déan féin dea-oibreacha ó seo amach, agus do ghéabhsa flaitheas Dé duit.”

26. TAIRNGREACHT CHOLM CILLE FÁ THODHCHAÍ NA hÉIREANN

Feachtas do Cholm Cille ag déanamh urnaí in ionad áirithe agus beagán dá mhanachaibh féin maille ris; agus do thuigeadar na manaigh dobrón agus atuirse mhór air, agus d'fhiafraíodar na manaigh de céard dob ábhar dá thuirse. Is ansin a dúirt Colm Cille trí spiorad fáidheadóireachta:

“Is trua liom a ndéanfaidh Gaeil Éireann i ndeireadh aimsire d'fheall is d'fhionaíl ar a chéile, agus a ndéanfaidh a ríthe agus a dtiarnaí d'éagóir agus d'aindlí ar na daoine ba laige ná iad féin, agus a dtabharfaidh de mhíchádhhas do cheallaibh agus d'eaglaisibh Éireann.

“Is truaí liom ná sin gach ní thiocfas dóibh as sin, .i. fearg Dé do theacht riu ar foráileamh naoimh na n-eaglaisí ar a ndéanfaidh éagóir, agus ar son a ndrochghníomhartha féin, ionas go scriosfar as a ndúchas agus as a n-athartha féin iad fá ghleanntaibh agus fá shléibhtibh agus fá aimhréidhibh Éireann, le neart agus le tréan eachtrann agus all-úrach.

“Gí ea cheana, is lúcháireach liom an uair do dhéanfaidh Gaeil cóir agus ceart eatarthu féin, agus do bhéarfaid onóir agus cádhhas do cheallaibh agus d'eaglaisibh Éireann, agus go háirithe do cheallaibh Phádraig, agus dom cheallaibhse féin agus do cheallaibh Bhríde.

“Agus an uair éireos cogadh agus easaonta idir Gallaibh féin agus do dhéanfaid aithris ar Ghaelaibh, leith re feall agus re fionaíl do dhéanamh ar a chéile, agus re héagóir agus re haindlí do dhéanamh ar cheallaibh agus ar eaglaisibh Éireann, go n-aiseagfaidh Dia a neart agus a dtréan féin do Ghaelaibh arís, agus go scriosfaidh siad Gaill agus

allúraigh a hÉirinn trím ghuíse agus trí ghuí na naomh
aircheana.”

27. TUGANN COLM CILLE BEAG MAC DÉ CHUN CREIDIMH

Lá áirithe dá ndeachaigh Colm Cille do Theamhair na Rí agus tharla Beag mac Dé dó, .i. draoi Dhiarmada mhic Cearbhaill Rí Éireann, agus do bhí spiorad fáidheadóireachta ó Dhia aige gí go raibh sé ina dhraoi; agus ní dhearna sé fáidheadóireacht bhréige riamh. Gí ea, do thairngir Colm Cille go ndéanfadh Beag fáidheadóireacht bhréige fá dhó sul do gheobhadh sé bás. Agus do bheannaigh Colm Cille dó agus do chuaigh i gcaoineas comhrá ris agus is ea dúirt:

“Is mór an fios seo agus an t-eolas seo agat, a Bhig mhic Dé, i leith re fios a mbáis do thabhairt do na daoinibh eile, agus an bhfuil a fhios agat cá huair do gheobhair féin bás?”

“Atá a fhios sin agam go deimhin,” ar Beag, “óir atáid seacht mbliana dem shaol agam.”

“Do dhéanfadh duine dea-oibreacha re haimsir ba ghiorra ná sin,” ar Colm Cille, “agus an deimhin leat féin go bhfuil an oiread sin de shaol agat?”

Do bhí Beag tamall ina thost agus do labhair ris, agus is ea dúirt:

“Ní deimhin,” ar sé, “óir níl de shaol agam ach seacht mí.”

“Is maith sin féin,” ar Colm Cille. “Agus an deimhin leat an oiread sin féin do bheith ded shaol gan teacht?”

“Ní deimhin,” ar Beag, “agus ag seo an comhartha, a Cholm Cille,” ar sé, “óir ní fhéadtar teacht in aghaidh na fáidheadóireachta do rinne tusa, óir do gheallais go ndéanfainse bréag fá dhó im fháidheadóireacht sul do gheobhainn bás, agus níl de shaol agam ach seacht n-uaire den lá

inníu amháin,” ar sé. “Agus tabhairse faoiside agus sacraimint dom.”

“Is dá dtabhairt sin duit thánagsa anseo inníu,” ar Colm Cille, “óir d’fhoilsigh Dia dom go bhfaighfeása bás inníu.”

Agus is ansin dó leasaigh Colm Cille Beag do mholadh na hEaglaise, agus thug comaoineach as a láimh féin dó. Agus fuair bás iar sin, agus do chuaigh a anam dochum neimhe trí mhaitheas Dé agus trí ghuí Cholm Cille.

28. BEANNAÍONN COLM CILLE GUAIRE AGUS MALLAÍONN DIARMAID

Feachtas do Cholm Cille ag beannú ceall agus eaglaisí i gCúige Chonnacht, agus do bhí duine óg uasal i gCúige Chonnacht an uair sin dar chomhainm Guaire mac Colmáin, agus ní raibh in Éirinn duine ba doicheallaí agus ba droch-eanáí ná an Guaire sin. Ó do clos do Cholm Cille sin, théid mar a raibh Guaire agus do bheannaigh agus do theagasc de bhriathraibh róghrácha, rómhilse é, agus is ea a dúirt ris:

“Is leor duit, a Ghuaire, a ndearnais d’olc fá dhuilliúr bhréagach dhíomuan an tsaoil seo, agus is iomaí ábhar agat fá nach déanta duit olcas uime, óir ní thug tú aon ní leat ar an saol seo ag teacht duit air, agus ní mó bhéarfas tú aon ní leat de ’gá fhágáil duit. Agus bíodh a fhios agat, gibé neach dá dtabhair Dia mórán de spré agus d’airnéis an tsaoil seo, go bhfuil d’fhiachaibh air a roinn ar na daoineibh do chífedh sé ina riachtanas a leas; agus fós bíodh a fhios agat gur ródhiomúch Dia do lucht na míthrócaire agus do na daoineibh nach ndéanfadh maith ar a bhochtaibh féin.

“Agus bíodh a fhios agat arís, dá léiteá an Scrioptúr diaga uile, nach bhfaighfeá scríofa go mba chomhartha slánaithe do dhuine gan a bheith fial, déirceach, daonnachtach. Agus dá dhearbhadh sin, níor éar an Tiarna, .i. Íosa Críost féin, aon duine riamh an feadh do bhí sé i gcolainn daonna, agus ní mó d’éaradar a aspail ná a dheisceabail; agus fós, níor éar Pádraig ná Bríd, agus níor éar mise féin aon duine riamh,” ar Colm Cille: go mba ann do rinne an laoi seo:

Déan, a Ghuaire, maith um ní,
na seoid a chí, is dorn um ceo;

i d'aonar tháinig tú i gclí,
do gheobhair ní, céin bheir beo.

Do ghabh Guaire an teagasc sin go maith chuige ionas nach dtáinig in Éirinn riamh an treas duine dob fhéile agus do ba náirí ná é, amhail a dúirt an neach naofa, .i. Baoithín mac Cuanach, sa rann seo:

Guaire mac Colmáin aniar,
Cú Chulainn, Colm na gcliar,
Is iad sin triúr, gan deibheach,
is fearr eanach tháinig riamh.

Agus fós, tháinig de bhrí an bheannaithe sin thug Colm Cille air agus an teagasc thug sé dó gur ghabh sé ríge Chonnacht iar sin. Óir, níor bheannaigh Colm Cille aon duine riamh nach dtiocfadh de bhrí an bheannaithe sin ríocht a dhúiche féin do ghabháil dó agus a chuid de ríocht flaitheasa Dé fá dheoidh.

Agus fós, is tríd an mhallachtain sin thug Colm Cille ar Dhiarmaid mac Cearbhaill, an uair rug sé breith ina aghaidh le Finnian fán leabhar, agus an uair do mharaigh sé mac Rí Chonnacht i dTeamhair thar a choimirce, thug cath Chúil Dreimhne do bhriseadh air, agus thug rath agus ríge do bhuain de iar sin, agus thug a shaol do ghiorrú, ionas go bhfuair sé ó Dhia bás do thabhairt dó, amhail dhearbhas Diarmaid féin ins na rannaibh seo:

Trí ní do bhuain díom mo rath,
's thug mé gan ríge Teamhrach:
mallacht Cholm Cille cháidh,
agus eascaine Ruadháin.

Breith leabhair Cholm Cille
agus Finnéin go mbinne
dár chanas trí mheabhal rá:
"re gach leabhar a leabhrán".

Agus is follas dúinn as na scéalaibh seo thuas gur méan-air ag a mbeadh beannacht Cholm Cille agus gur mairg ag a mbeadh a mhallacht.

29. NOCHTANN COLM CILLE PEACA FOLAITHE

Feachtas do Cholm Cille in ionad áirithe agus rug saoire an Domhnaigh air agus do chuaigh d'éisteacht Aifrinn i mainistir do bhí dá chóir re n-abartar Tréfhóid inniu. Agus ar ndul isteach dó, do chonaic sé sagart ag rá an Aifrinn, agus do bhí an sagart féin cráifeach de réir barúla cháich. Agus arna fheiscint sin do Cholm Cille, dúirt de ghuth mhór:

“Atá ní glan agus ní neamhghlan faire a chéile anois, óir do chím an tsacraimint naofa 'gá glacadh agus 'gá caith-eamh ag an tsearbhónta ag a bhfuil cogús neamhghlan ar a bhfuil peaca folaitheach nach ndearna sé aithrí ann fós.”

Agus ar gcluinstin na mbriathar sin dá raibh istigh, do bhíogadar go mór. Agus ar gcríochnú an Aifrinn don tsagart, do lig ar a ghlúinibh i bhfianaise Cholm Cille é, agus do dhoirt a dhéara agus do rinne aithrí rógheár, agus do chiontaigh é féin do Dhia agus do Cholm Cille sa pheaca sin, agus d'admhaigh go ndearna sé é. Agus ar bhfeiscint umhla agus aithrí an tsagairt do Cholm Cille, do bheannaigh sé é. Agus tháinig de bhrí an bheannaithe sin gur mhaith Dia a pheaca dó, agus go raibh sé ina óglach mhaith do Dhia agus do Cholm Cille ó sin amach.

30. BAINNEANN COLM CILLE DÉIRC DE RÍ DÁ MHÍLE AINNEOIN

Feachtas do Cholm Cille ag siúl re cois na habhann re n-abartar an Bhóinn agus tharla i gceann Rí Éireann é do chuaigh re teaspach na haimsire do shnámh agus d'onfaise ar an abhainn sin. Agus deirid araile go mba é Conghalach mac Maolmíthidh ba rí Éireann an uair sin. Agus más ea, ní fhaighimse gur lucht aon aimsire dá chéile Colm Cille agus Conghalach. Gí ea, cibé rí do bhí ann, níor mhaith a bheatha agus do ba mhíthrócaireach é, agus do chonacthas do Cholm Cille go raibh bás anama agus coirp i bhfogas dó, agus do bhí sé ag smaoineamh conas do shaorfadh sé anam an rí ar phianaibh ifrinn. Agus is amhlaidh do chonacthas dó neach naofa do bhí fairis, darbh ainm Baoithín, do chur d'iarraidh déirce air, ionas go mba slí leis féin dá fháil ó Dhia trócaire do dhéanamh ar anam an rí dá dtugadh sé an déirc sin uaidh.

Théid Baoithín d'iarraidh déirce ar an rí, agus ní hé amháin nach bhfuair sé sin uaidh, ach do bhagair sé a mharú agus a chur dochum báis. Tháinig Baoithín ar a ais mar a raibh Colm Cille agus d'inis sé sin dó. Agus ba thrua le Colm Cille an ní sin agus do chuaigh mar a raibh an rí agus d'iarr déirc air. Agus do ghabh fearg mhór an rí ris agus do b'áil leis bás d'imirt air. Agus mar nach raibh arm eile aige re ndéanadh urchóid dó, do chuaigh sé faoin abhainn d'iarraidh cloiche do theilgfeadh sé ris, agus níor éirigh sé nó gur bádh é. Agus do theith Colm Cille roimhe arna fheiscint sin dó, agus tharla a chos i lúb na sreinge síoda do bhí san éadach bheag phurpair do chuir an rí de ag dul ar an snámh dó.

“Céard fá mbeireann tú an t-éadach beag sin leat,” ar

Baoithín, “nuair do bhí an rí ag bagairt ár maraithé gan ábhar? Is deimhin go maródh sé sinn dá bhfeiceadh sé linn é.”

“Beidh sé i ndéirc agamsa uaidh,” ar Colm Cille.

“Dar linne, ní cosúil sin do dhul i dtairbhe dó,” ar Baoithín, “óir ní dá thoil féin do bheir sé duit é.”

“Ná habair,” ar Colm Cille. “Cibé déirc do bheir duine dá dheoin féin uaidh, do bheir Dia a luach dó, agus ní foláir liomsa go bhfaighe mé ó Dhia, cé nach fiú mé a fháil uaidh, an déirc seo do bhaineas dá ainneoin den rí a dhul i dtairbhe mhór dó amhail do bhéarfadh sé dá thoil féin uaidh í.”

31. COLM CILLE AGUS GUAIRE MAC COLMÁIN

Feachitas do chuaigh Seanchán seanfhile, ardollamh Éir-eann, gona thromdháimh go baile Ghuaire mhic Colmáin, Rí Chonnacht. Agus ba é seo a líon, .i. naonúr re gach aon cheird, agus trí caogaid éigeas, agus trí caogaid éigsín, agus dhá mhnaoi, agus giolla agus cú ag gach fear díobh, amhail a dúirt an file:

Trí chaoga éigeas nach mín,
agus trí chaoga éigsín,
dhá mhnaoi is giolla is cú gach fhir,
do bhiathaigh Guaire in aon tigh.

Do rinneadh rítheach rómhór ag Guaire fána gcomhair i nDurlas. Agus do bhíodar ceithre mhí agus bliain 'gá bhfreastal agus 'gá bhfriotálamh sa tigh sin aige, amhail a dúirt Seanchán féin ag imeacht ó Ghuaire:

Triallam uait, a Ghuaire ghlain,
fágaimid agat beannachtain;
bliain agus ráithe agus mí
bhíomar agat, a ard-Rí.

Agus ní thigeadh mian do neach acu ris an ré sin nárbh éigean do Ghuaire a fháil dó, nó an tromdháimh uile dá ghlámhadh agus dá aoradh; agus gí gur dhoiligh dhofhála na miana sin, amhail léitear sa leabhar re n-abartar *Tromdháimh Ghuaire*, do gheibhtí le Guaire uile iad trí ghrásaibh Dé, agus trí fheartaibh na féile.

Lá n-aon, tháinig Marbhán, mucaí Ghuaire — agus ba bhráthair do Ghuaire féin é, agus ba neach rónaofa é — do thigh na tromdháimhe do chur a n-oilc agus a n-éagóra agus a n-ainbhis ina n-aghaidh, óir ba thrua leis méid a n-ainbhreith ar Ghuaire agus ar Chonnachtaibh agus ar shaorchlannaibh Éireann aircheana. Agus do mhallaigh agus

d'eascain a hucht Dé na n-uilechumhacht iad, dá mbeidís dhá oíche in aon tigh, agus dá mbeiridís ainbhreith ar aon neach in Éirinn, nó go n-insídís scéala *Tána Bó Chuailgne* dó féin. Agus fuair Marbhán ó Dhia an uair sin a ndán do cheilt orthu ionas nach raibh ar bhreith dóibh aoir ná moladh do dhéanamh nó go n-insídís *Táin* dó.

Agus ba dhoiligh leis an tromdhámh sin, agus do bhíodar bliain ag iarraidh Éireann agus Alban do scéala *Tána*. Agus ní fhuaradar aon fhocal di. Agus is í comhairle thug Caillín naofa do Sheanchán, do bhí ina mhac máthar dó, dul mar a raibh Colm Cille d'fháil scéala *Tána* uaidh, ós air nach raibh aon ní ina ainbhios dá dtáinig roimhe nó dá dtiocfadh ina dhiaidh i neamh nó i dtalamh.

Théid Seanchán ansin agus d'iarr, a hucht Dé agus a hucht na héigse agus na healaíne, ar Cholm Cille seoladh éigin do dhéanamh dó as a bhfaigheadh sé scéala *Tána*. Níorbh fhurasta le Colm Cille duine ar bith d'eiteach fá aon ní dá n-iarrfaí ar son Dé air. Agus fós, níorbh fhurasta leis duine ealaíne sa bhith d'eiteach; óir ní tháinig riamh duine ba dhea-éanaigh ná é. Agus do bhí Colm Cille 'gá smaoineamh aige féin conas do gheobhadh na scéala sin. Agus is í comhairle do rinne sé, dul ar fheart Fhearghasa mhic Róich agus a fháil ó Dhia a athbheo d'insint scéala *Tána* dó; óir do bhí a fhios aige nach raibh sa domhan duine is fearr ag a raibh na scéala sin ná é an uair do bhí sé ina bheatha. Óir, do ba tríd féin tháinig an cogadh as a rugadh táin a hUltaibh i gConnachtaibh, agus do bhí sé ar slógadh tána ó thús go deireadh.

Théid Colm Cille, go naomhaibh Éireann uime, ar fheart Fhearghasa mhic Róich, agus do throisc re Dia fána chur ina bheatha dó. D'éirigh Fearghas as an fheart i bhfianaise fear nÉireann, idir laoch agus chléireach. Agus is é fad do

bhí sé marbh sa bhfeart roimhe sin, .i. ó aimsir Chríost do bheith i gcolainn daonna gus an aimsir sin Cholm Cille, agus Ghreagóra Óirbhéil do bheith ina phápa sa Róimh. Agus léitear sa leabhar re n-abartar *Tromdhámh Ghuaire* go raibh de mhéad Fhearghasa nach clos a bheag dá chomhrá an céin do bhí sé ina sheasamh nó gur lig sé ar a leathuillinn é, agus d'inis *Táin Bó Chuailgne* uile an uair sin. Agus do scríobh Ciarán Cluana i seiche na huidhre Chiaráin uaidh í. Agus do chuaigh Fearghas ina fheart féin iar sin agus do cláíodh air é.

Agus do cuireadh teachta ón tromdhámh ar cheann Mharbháin, mucaí, go Gleann an Scáil d'insint scéala *Tána* dó. Agus dúirt Marbhán nach dtiocfadh sé chucu nó go bhfaigheadh sé a bhreith féin uathu fá shlánaibh Cholm Cille agus naomh Éireann. Agus ar ngealladh a bhreithe féin amhlaidh sin, tháinig chucu agus do hinsíodh *Táin* dó. Agus is í breith rug orthu, gach ollamh acu do dhul ina thír dhúiche féin agus gan an tromdhámh do bheith faire a chéile go brách arís ag lot ná ag milleadh Éireann, agus gan bheith ní ba lia díobh ina bhuíon i bhfarradh gach ollún. Agus níor chomhlíonadar na filí an gealladh sin thugadar do Mharbhán, ach do bhuaileadar fána n-ainbhreithibh féin arís nó gur réitigh Colm Cille eatarthu agus fir Éireann i Mórdháil Dhroma Ceat, amhail léitear i leabhar na Mórdhála féin.

32. COLM CILLE AGUS A CHÓIP DE LEABHAR FHINNÉIN

Feacht n-aon do chuaigh Colm Cille i gceann Fhinnéin Dhroma Fhinn agus d'iarr iasacht leabhair air, agus fuair sé sin ó Fhinnian. Agus d'fhanadh sé i ndiaidh cháich tar éis na dtráth agus na nAifreann sa teampall do bhí sa bhaile sin féin agus do bhí sé ag scríobh an leabhair ann gan fhios d'Fhinnian. Agus an uair thigeadh an oíche chuige, is iad ba choinnle dó ag déanamh na scríbhneoireachta sin, .i. cúig meoir a láimhe deise do lasadh amhail cúig lóchranna rólásúnacha ionas go gcuiridís dealramh agus solas fán teampall uile.

Agus an oíche dhéanach do Cholm Cille ag scríobh deiridh an leabhair sin, do chuir Finnian duine d'iarraidh a leabhair air. Agus ar ndul go doras an teampaill a raibh Colm Cille dó, do b'iontach leis méad na soilse do chonaic sé istigh agus do ghabh eagla mhór é, agus d'fhéach sé go faiteach trí pholl do bhí ar chomhla dorais an teampaill, agus ar bhfeiscint Cholm Cille dó ar an inneall sin, amhail a dúramar romhainn, níor lig an eagla dó labhairt ris ná an leabhar d'iarraidh air. Do foilsíodh, iomorro, do Cholm Cille an t-óglach do bheith 'gá fheitheamh amhlaidh sin, agus do ghabh fearg mhór é fán ní sin, agus do labhair sé re peata coirre do bhí aige, agus is ea dúirt ria:

"Is cead liomsa, más cead le Dia, tusa do bhuain a shúl as an óglach úd do tháinig dom fhéachaint gan fhios dom féin."

D'éirigh an chorr i gcéadóir le briathar Cholm Cille, agus thug buille dá gob trí pholl na comhla i súil an óglaigh gur bhain a shúil as a cheann, gur fhág ar a ghrua amuigh í. D'imigh an t-óglach iar sin mar a raibh Finnian

agus d'inis dó mar d'imigh air ó thús go deireadh. Níor mhaith le Finnian an ní sin, agus do bheannaigh agus do choisric sé súil an óglaigh, agus do chuir ina hionad féin arís í, gan díobháil, gan uireasa do bheith uirthi, amhail do bhí sí ó thús.

Agus mar do chuala Finnian a leabhar do scríobh gan chead dó féin, do chuaigh sé d'agairt Cholm Cille ann, agus dúirt nár chóir a leabhar do scríobh gan chead dó.

"Do bhéarsa breith Rí Éireann dinn," ar Colm Cille, .i. breith Dhiarmada mhic Cearbhaill.

"Gabhfadsa sin," ar Finnian.

Do chuadar re chéile ina dhiaidh sin go Teamhair na Rí, mar a raibh Diarmaid mac Cearbhaill, agus d'inis Finnian a scéala ar dtús don rí agus is ea a dúirt:

"Do scríobh Colm Cille mo leabhar gan fhios dom féin," ar sé, "agus deirim gur liom féin mac mo leabhair."

"Deirimse," ar Colm Cille, "nach miste leabhar Fhinnéin ar scríobh mé as, agus nach cóir na nithe diaga do bhí sa leabhar úd do mhúchadh nó a bhacadh dom féin ná do dhuine eile a scríobh ná a léamh ná a síoladh fá na ciníochaibh; agus fós deirim, má do bhí tairbhe domsa ina scríobh, agus gurb áil liom a chur i dtairbhe do na poibleachaibh, agus gan díobháil d'Fhinnéin nó a leabhair do theacht as, gur ceadaithe dom a scríobh."

Is ansin rug Diarmaid an bhreith oirirc, .i. "Le gach boin a boinín (.i. a lao), agus le gach leabhar a leabhrán".

"Agus dá réir sin, is le Finnian an leabhar do scríobh tusa, a Cholm Cille," ar Diarmaid.

"Olc an bhreith sin," ar Colm Cille, "agus díoghltar ortsa í."

Agus do bhí Curnán mac Aodha mhic Eachach Tirmchar-na, .i. mac Rí Chonnacht, i ngiallaíocht óna athair ag Rí

Éireann an uair chéanna sin, agus tharla imreasain idir é agus mac reachtaire na Teamhrach fá liathróid agus iad ag iomáin ó gur bhuail sé mac an reachtaire de chamán ina cheann gur mharaigh i gcéadóir é, agus do chuaigh féin i gcoimirce Cholm Cille iar sin, agus d'fhoráil an rí mac Rí Chonnacht do tharraing as ucht Cholm Cille agus a chur dochum báis tríd an ghníomh sin do rinne sé.

33. AGALLAMH CHOLM CILLE LE CRUIMHTHIR FRAOCH IAR gCATH CHÚIL DREIMHNE

Do chuaigh Colm Cille iar gcath Chúla Dreimhne ar cuairt mar a raibh an neach naofa darb ainm Cruimhthir Fraoch. Dhá fhear déag a líon. Agus tharla dó bheith oíche i gCill Mhudháin.

Is ansin fuair sé an anfháilte mhór ó Mhudhán, .i. áith shalach dhearóil do thabhairt mar theach leapa dó, agus muc gona fionnadh do chur Dé hAoine mar bhia chuige, agus coire briste do chur léi agus beagán de chraobhach úr fearna do chur dochum tine chuige.

“Ní re maith rinn do cuireadh seo chugainn,” ar Colm Cille. “Gí ea, tairgidh an fheoil do bhrúith agus caithidh ní di, agus cuirfidh ár nDia féin sin in onóir dúinn de neamhthoil Mhudháin.”

Ar gcur uisce sa choire dochum na feola do bhrúith, ní nárbh ionadh, do bhí an coire briste ag ligean an uisce tríd.

“Cuiridh sop fón choire,” ar Colm Cille, “in ainm an Choimthe agus Chruimhthir Fraoch.”

Do rinneadh amhlaidh sin agus do ghabh an sop ris fó chéadóir agus gabhaidh re gach coire ó shin i leith. Agus ní hé nach bhféadfadh Colm Cille féin sin do chosc, ach gurbh áil leis a dhul in ardú anama do Chruimhthir Fraoch. Do chaith siad, muintir Cholm Cille, méid éigin den fheoil sin ar foláireamh Cholm Cille féin. Agus is é do ba bhia do Mhudhán agus dá mhuintir, .i. arán agus im agus iasc.

Rug fear friothálaimh Mhudháin fuilleach mhuintir Cholm Cille leis dá choimhead don tigh a raibh Mhudhán féin. Agus do thaiscigh fuilleach Mhudháin agus a mhuintire mar an gcéanna. Agus is amhlaidh fuair sé arna mhárach na míasa ar a raibh fuilleach mhuintire Cholm Cille lán d’arán agus

d'iasc, agus na miasa ar a raibh fuílleach Mhudháin lán de chrú agus d'fhuil.

D'eascain Colm Cille an baile iar sin agus dúirt go mbeadh fás folamh trí bhith síor, agus go mba choin allta a chlérigh agus a scoláirí gacha nóna go bráth.

D'imigh Colm Cille as an bhaile iar sin agus do dhearmaid Leabhar na Soiscéal san áith ina raibh sé an oíche roimhe sin; agus do las an áith uaithi féin gur loisceadh uile í, go nár féadadh anacal di. Agus tháinig an leabhar uaidh féin gus an ard do bhí os cionn an bhaile re n-abartar Eisceart na dTráth, go bhfuair an cléireach d'fhill Colm Cille dá iarraidh ansin é, gur móradh ainm Dé agus Cholm Cille de sin.

Do bhí Colm Cille ag siúl iar sin nó go raibh deireadh an lae ag druid ris agus go gcuala sé guth cloig easpartan na cille a raibh Cruimhthir Fraoch, agus do rinne cónaí ansin agus do sreathadh a phuball thairis; óir níor ghnách le Colm Cille tairmtheacht ó easparta Dé Sathairn go maidin Luain.

Do foilsíodh do Chruimhthir Fraoch Colm Cille do bheith i gcomhfhogas dó. Tháinig mar a raibh sé agus d'fhear fáilte ris, agus do bhí Cruimhthir ag tabhairt aiceaptha do Cholm Cille trísan chath sin do cuireadh tríd.

"Chan mise is ciontach ris sin," ar Colm Cille, "ach ainbhreatha Dhiarmada mhic Cearbhaill orm."

"Do b'fhusa do chléireach ainbhreatha d'fhulaing ná dul dá seasamh," ar Cruimhthir Fraoch.

"An uair lasas an fhearg sin duine bíos fá mhasla mhór, ní féidir leis sin d'fhulaing," ar Colm Cille.

"Múchadh na feirge ba chóir," ar Cruimhthir Fraoch, "d'eagla ní ab aithríoch do dhéanamh léi."

"Gí mór d'olc do ní duine le feirg," ar Colm Cille,

“maithfidh Dia dó é, ach go ndéanadh sé aithrí.”

“Do b’fhearr an t-olc do sheachnadh ná bheith ag iarraidh a mhaite,” ar Cruimhthir Fraoch.

“An ea nach bhfuil a fhios agatsa, a Chruimhthir,” ar Colm Cille, “gur lúcháirí Dia agus muintir neimhe roimh an pheacach fhilleas chucu féin le haithrí ná roimh an té nach ndéanann peaca agus fhanas de ghnách i ndea-staid? Agus nárb ionadh leatsa sin, a Chruimhthir,” ar sé, “óir is béas dúinne féin na daoine, gur forbhfáiltí sinn ris an duine ab ionúin linn agus do bheadh i bhfad ina éagmais, ná ris na daoineibh do bheadh de ghnách inár bhfochair. Agus bíodh a dheimhin agat,” ar Colm Cille, “nach bhfuil ar bith duine is luaithe shroicheas neamh ná an peacach do ní aithrí. Agus ní dhearnadh — agus ní dhéantar — gníomh ba mhó ná a ndearna Longinus,” ar sé, “agus do maitheadh dó é ar son a aithrí.

“Más ea,” ar Cruimhthir, “go ndéana Dia daoine maithe dinn araon.”

“Go mba fhíor!” ar Colm Cille.

Go mba ansin do rinne siad araon an duan darb ainm *Imagallamh Cholm Cille agus Chruimhthir Fraoch*, .i. “Mochean, a Choilm na gclog,” srl. Do rinne siad iar sin a gcodach agus a gcumann re chéile agus do cheiliúradar dá chéile.

34. CION CHOLM CILLE AR DHOIRE IS A DHUL AR DEORAÍOCHT UAIDH

Tháinig Colm Cille go Doire iar sin agus dob ionúin leis an baile sin agus ba leisc a fhágáil, agus do bhí á mholadh go mór; go ndúirt an rann:

Is uime charaim Doire
ar a réidhe, ar a ghlaine,
's ar iomad na n-aingeal bhfionn
ón chionn go dtí araile.

Agus a dúirt nár lia duilliúr ar crannaibh nó féar ar faiche ná aingil os cionn an bhaile sin, go mba ann a dúirt an rann seo:

Chan fhuil duilleog ar lár
i nDoire cuanna comhlán
gan dhá aingeal go n-óighe
in aghaidh gach duilleoige.

Agus a dúirt nach ea amháin do bhídís ar tír os a chionn, ach do bhídís feadh naoi dtonn ar muir ina thimpeall, agus a dúirt an rann seo:

Ní fhaighid ionad ar tír
d'iomad na n-aingeal maith mín;
ar naoi dtonnaibh amach dhe
is ea gabhaid ó Dhoire.

Agus go háirithe an t-iúr ag a n-abradh Colm Cille agus na naoimh a dtrátha de chóir an Duibhreigléasa, do bhíodh deich gcéad aingeal os a gcionn san iúr sin á gcoimhdeacht, amhail dhearbhas sé féin sna rannaibh seo:

Is é sin iúr na naomh
gona dtiginnse is iad araon
do bhíodh deich gcéad aingeal fionn
os ár gcionn taobh re taobh.

Is ionmhain liomsa an t-iúr
mé féin do chuir ina ionad,
dom' láimh chlí ba shuairc an gréas
ag dul dom sa Duibhréigléas.

Agus cérbh ionúin leis an baile sin, do thionscain a fhágáil agus dul dá oilithre in Albain de chomhairle an aingil agus naomh Éireann.

Agus do bhí an oiread sin de ghrá aige ar an mbaile sin gur chuir sé a long thairis suas i Loch Feabhail gus an ionad re n-abartar Glais an Ionlaidh inniu; agus do chuaigh sé féin do thír ina gcoinne ansin agus d'ionlaigh a lámha sa sruth sin, gur Glais an Ionlaidh a ainm ó shin i leith. Agus do bheannaigh sé cloch do bhí re taobh an tsrutha sin agus d'iompaigh sé deiseal uirthi, agus aisti do chuaigh sé ina long; agus dúirt sé, cibé d'iompódh deiseal uirthi ó shin amach ag dul ar séad nó ar siúl, go mba dual go dtiocfadh sé slán. Agus is é ábhar fá rug sé a long thar an mbaile sin suas sa loch, mar a dúramar romhainn, ionas go mba fhaidide do bheadh amharc an bhaile aige, dul thairis suas agus bheith ag dul riana thaobh síos arís.

Agus ar ndul do Cholm Cille agus dá naomhaibh ina long, do bhí duine áirithe sa phort agus lorg beangánach ina láimh, agus do chuir an lorg leis an long dá cur amach ó thír. Mar do chonaic Colm Cille sin, dúirt: "Fágaim bua deoraíochta ded ainneoin ort fán oiread sin de chúnamh do thabhairt dom d'fhágáil Éireann ar deoraíocht, agus fágaim na buanna céanna sin ar fhear d'ionaid ag a mbeidh lorg beangánach go brách".

Do ligeadar an long ar shiúl ansin agus do bhíodar a bhráithre féin, .i. Conallaigh agus Eoghanaigh agus a dtíortha uile gach taobh de Loch Feabhail an uair sin, agus mar do chonacadar Colm Cille ar chríochnú imeachta uathu

dáiríribh, do ligeadar aon gháir ghoil agus chomhairce ina dhiaidh.

“Is trua liomsa na gártha seo a chluinim,” ar Colm Cille; “gáir Chonallach agus Eoghanach, mo bhráithre grácha féin, ag eolchaire agus ag tuirsiú im dhiaidh, agus do bhuair-eadar m’intinn go mór, agus ní fhéadaim a n-éisteacht ná a bhfulaingt.”

Agus do bhí Colm Cille ag doirteadh a dheor go hiom-arcach ansin agus dúirt gur comaoin dá bhráithribh tuirse do dhéanamh ina dhiaidh, agus go mbeadh an oiread sin de thuirse air féin ina ndiaidh sin nach mbeadh sé aon lá ar feadh a bheatha gan a dheora do dhoirteadh dá gcumha. Go mba ansin do rinne sé na ranna seo;

Trua liomsa na gártha goil
de gach taobh de Loch Feabhail,
gáir Chonaill, gáir Eoghain, tra,
ag eolchaire im dhiaidhse.

Ó fhuigfead mo bhráithre féin.
ineosa mé fios mo rúin,
ní bhead aon oíche — ní chéal —
nach dtiocfaidh déar ar mo shúil.

Mo dhealú re Gaelaibh
ina tharla mo spéis-se;
cuma liom, gí aon oíche,
mo shaol tar a n-éise.

Is ansin a dúirt Odhrán, naomh do bhí sa long maille re Colm Cille: “Éistse riu agus ná tabhair d’aire dóibh, agus cuir d’aire sa té ar ar thréig tú iad, .i. Dia na huilechumhachta”.

“Is maith a deir tusa sin, a Odhráin,” ar Colm Cille, “agus gí ea, is scaradh coirp re hanam do dhuine scaradh rena bhráithribh agus rena thír dhúiche agus dul uathu i

dtíorthaibh ciana coimhthíocha ar deoraíocht agus ar oilith-re shuthain.” Agus dúirt an rann seo:

Gí maith a deir tusa sin,
a Odhráin uasail iodhain,
is scaradh coirp re croí
dom deighil rem dheirbhfhine.

Do ghluaiseadar rompu nó gur fhágadar Doire ina ndiaidh, agus do chuala Colm Cille gáir ábhalmhór ag muintir Dhoire. Is ansin a dúirt sé: “Gí trua liom gach gáir dá gcluimim, is truaí agus is tuirsí liom an gháir seo mhuintir Dhoire ná iad, agus do rinne sé ceithre chuid dem chroí im chliabh, agus ní rachaidh a foghar as mo chluasaibh gom bhás”. Go mba ansin do rinne sé na ranna seo:

Ó na gárthaibh seo a chluimim,
céard fá bhfuilim im bheatha?
gáir mhór mhuintire Dhoire
do bhris mo chroí i gceathair.

Fágaidh dúinn Doire dairgneach
dúch, déarach, domheanmnach,
scaradh ris is crá croí,
is dul uaidh go hainbhfhine.

Ionmhain fíodh
as ar cuireadh mé gan chion,
b’ainimh d’ainniribh Chlainne Néill
mo chur i gcéin, is do gach fear.

Is anbha luas mo churaigh
agus a dhroim re Doire;
saoth liom mo thoisc ar ardmhuir,
ag triall go hAlbain mbroinigh.

Is ansin do chuireadar an long ar siúl ar feadh Locha Feabhail gus an ionad a dtéid an loch san fharraige mhór, re n-abartar Tonnta Ceananna inniu. Agus ní hea amháin do bhí cumha nó tuirse ar dhaoinibh a thíre féin i ndiaidh

Cholm Cille, ach do bhí cumha ar éanacha agus ar ainmhithe éigiallda ina dhiaidh. Agus do dhearbhadh an scéil sin, do bhíodar faoileáin agus éanacha Locha Feabhail de gach taobh dá long ag imeacht dó agus iad ag screadaigh agus ag scréachadh ar a olcas leo Colm Cille d'fhágáil Éir-eann. Agus do thuigeadh seisean a n-urlabhra ag déanamh na tuirse sin, amhail do thuigfeadh sé ó dhaoineibh í; agus bhí a oiread sin de dhaonnacht agus de ghrá ag Colm Cille ar a thír agus ar a athartha dhúchais féin nach mór gur mó an tuirse do bhí air ag dealú re faoileáin agus re héanlaithibh Locha Feabhail. Go mba ansin do rinne sé an rann seo:

Faoileanna Locha Feabhail
romham agus im dhiaidh,
ní thigid liom im churach
uch! is dúch ár ndeighil!

Agus do dhearbhadh an scéil sin, do chuaigh corr ar cuairt dochum Cholm Cille ó Éirinn in Albain go hÍ, amhail mheabhraíos Adhamhnán naomh air.

35. TEACHT CHOLM CILLE GO hÍ

Agus do cheiliúradar d'Éirinn iar sin, agus do ligeadar do shiúl mara agus farraige iad, agus do bhí Colm Cille ag feitheamh na hÉireann nó gur fholaigh an fharraige air í, agus ba dhúch, dhobrónach do bhí Colm Cille an uair sin. Go mba ann do rinne sé na ranna seo síos:

Mo radharc thar sál sínim,
do chlár na ndarach ndíoghainn;
mór déar mo roisc ghlain ghlémhaill,
mar fhéachaim thar m'ais Éirinn.

Fuil súil nglais,
fhéachas Éirinn thar a hais;
is ní fheicfidh sí re a lá
fir Éireann ná a mná.

Mochthráth is um nóin caoinim,
uchán an turas téim;
is é m'ainmse — rún a deirim —
“cúl re hÉirinn”.

Agus ní aithristear a scéala ó sin amach nó go rángadar an t-oileán darb ainm Í Cholm Cille inniu, agus is ann a dúirt an rann seo:

Do chím Í,
beannacht ar gach súil do chí!
an té do ní leas a chéile,
is é a leas féin do ní.

A Dhia! Is iomaí ionad inar lean Colm Cille a Thiarna féin, .i. Íosa Críost, ina bheatha; agus is follas dúinn anois go bhfuil sé 'gá leanúin ina ionnarbadh agus ina dheoraíocht san Éigipt.

Oíche Chincíse do chuadar i dtír san oileán sin, agus do bhíodar draoithe san oileán sin, agus thángadar i riochtaibh easpag d'ionsaí Cholm Cille. Agus dúradar ris nár chóir dó

theacht don oileán sin, agus go rabhadar féin ann roimhe ag síoladh creidimh agus crábhaidh, agus nach ráinig sé a leas daoine naofa eile dá bheannú.

“Ní fíor daoibhse sin,” ar Colm Cille, “óir ní heaspaig iarbhír sibh ach draoithe diabhláí atá in aghaidh creidimh, agus fágaidh an t-oileán seo; agus ní daoibh do dheonaigh Dia é.”

Agus d’fhágadar na draoithe an t-oileán le briathar Cholm Cille.

Is ansin a dúirt Colm Cille rena mhuintir: “Is maith dúinn ár bhfréamha do dhul fón talúin seo a dtángamar; agus gíbé neach naofa dár muintir d’aontódh bás d’fháil agus a chur fá úir na hinse seo, do bhéarfainnse flaitheas Dé dó”.

Is ansin a dúirt Odhrán, naomh do bhí maille re Colm Cille: “Aontaimse bás d’fháil ar an chonradh sin”.

“Do bheirimse flaitheas Dé duitse,” ar Colm Cille, “agus fós do bheirim duit, gach neach iarrfas achainí ag mo thuama, nó ag mo luí, ormsa, gan a fháil dó nó go nguí sé thusa ar dtús.”

Agus fuair Odhrán bás ansin de thoil Dé agus Cholm Cille, agus do hadhlacadh fá úir na hinse sin é. Go mba Reilig Odhráin in Í ainm an ionaid sin inniu.

Do bheannaigh Colm Cille an t-oileán sin agus do chumhdaigh eaglais onórach ann, agus do thóg reiligi agus ulaí ann, agus crosa iomaí fá mbíodh sé féin agus a naoimh ag rá a dtráth agus a n-urnaí. Agus do rinne sé fáidheadóir-eacht don bhaile sin, agus a dúirt go mba mhór de chiníochaibh an domhain do thiocfadh dá n-oilithre don bhaile sin. Do fíoradh an briathar sin Cholm Cille.

Agus ar ndéanamh cónaí an bhaile sin dó, d’ordaigh sé ord manach ann agus do bhí sé féin ina ab orthu. Is mór

d'fheartaibh agus de mhíorúilibh do rinne Colm Cille ann ar Éireannachaibh agus ar Albanachaibh agus ar Bhreannachaibh agus ar Shacsanachaibh agus ar thíorthaibh an domhain ó sin amach.

36. BEATHAÍONN COLM CILLE MEITHEAL OIBRITHE GO MÍORÚILTEACH

Feachtas eile do Cholm Cille in Í, agus do chuir sé meitheal do bhuaín arbha do bhí ag an chomhthionól, agus do chuir sé Baoithín agus na manaigh leo, agus d'fhan féin re coda na meithle d'ullmhú; agus d'fhoráil mart do chur dá bhruith fána gcomhair. Agus do bhí seanlaoch mór d'fhear-aibh Éireann fara Cholm Cille an uair sin, agus ba bhráthair dó féin é, .i. Maolumha mac Baodáin de Chineál Eoghain mhic Néill. Agus do mhothaigh Colm Cille ocras ar an seanlaoch, agus do ghábh trua mhór ina thimpeall é, agus d'fhiafraigh de céard í an tsáith is mó d'itheadh sé an uair do bhí sé óg. Dúirt an seanlaoch go n-itheadh sé mart de sháith.

“Féach do sháith anois ar an mhart seo na meithle,” ar Colm Cille.

D'fhéach Maolumha sin agus d'ith sé an mart uile. Tháinig Baoithín chucu iar sin agus d'fhiafraigh de Cholm Cille nárbh ullamh cuid na meithle, agus do chuaigh Baoithín do mhonabhar go mór ar Cholm Cille tríd sin.

“A Bhaoithín,” ar sé, “dob fhurasta le Dia ár n-anacal ort.”

Agus d'fhoráil Colm Cille cnámha an mhairt do chruinniú ina fhianaise, agus do thóg a lámha os a gcionn agus do bheannaigh iad; agus tháinig a bhfeoil féin orthu, agus thug a sáith do na manachaibh agus don mheitheal de; agus ní hea amháin, ach dá dtigidís lucht na hinse uile chuige, do gheobhaidís a ndíol den mhart sin trí bheannachtain Cholm Cille.

37. CUIREANN COLM CILLE A DHÁN, AN tALTUS, CHUIG AN PHÁPA GREAGÓIR

Thug Colm Cille buíochas rómhór do Dhia agus don Phápa sna tíolacthaibh rómhóra fuair sé uathu agus do thionscain moladh do dhéanamh do Dhia ansin, .i. an t*Altus Cholm Cille* ainm an mholta sin. Agus léann róchrúa, ró-onórach, ró-uasal an moladh sin ina dtug sé eolas uaidh i sicréidibh na diagachta, agus go háirithe inar labhair sé go mór do thuiscint na Tríonóide; agus d'fhoilsigh sé mórán d'eolasaibh diamhracha ann, leith ris na dúilibh talúnda. Agus idir gach eolas dá ndearna sé ann, dúirt sé go bhfuil daoine faoin talamh seo agus a gcosa aníos, agus go bhfuil siad ag áitreabh a dtíre agus a dtalún féin mar atáimidne ag áitreabh ár dtíre féin, agus gurb ionann Dia dá gcreideann siad agus sinne.

Agus do chuir sé triúr cléireach dá mhuintir féin leis an mholadh bheannaithe naofa sin do rinne sé do Dhia dá thaispeánadh don Phápa dochum go moladh sé é. Agus do bhí an Pápa sin rónaofa ann féin. Agus do chuireadar na cléirigh sin Cholm Cille trí chaibidil uathu féin ar lár an mholta seo, agus do bhaineadar trí chaibidil dá ndearna Colm Cille as, dá fhéachaint an aitheonadh an Pápa a léann féin thar an léann do rinne Colm Cille, nó an ionann moladh do bhéarfadh sé orthu. Agus do chuadar iar sin dochum na Róimhe. Mar do chuala an Pápa muintir Cholm Cille don bhaile, d'fhoráil sé a ligean ina cheann féin, agus d'insíodar na cléirigh gur leis an mholadh sin do chuir Colm Cille iad dá thaispeánadh dósan.

“Gabhtar dúinn é,” ar Greagóir.

Agus mar do thionscain siad an moladh do ghabháil, d'éirigh an Pápa ina sheasamh, agus mar do thionscain siad

na trí chaibidil do rinneadar féin do ghabháil, do shuigh an Pápa; agus mar do thionscnaíodar an chuid eile do rinne Colm Cille den mholadh sin do ghabháil, d'éirigh an Pápa ina sheasamh, agus do bhí sé ina sheasamh nó gur gabhadh an moladh uile. Agus do ba ró-iontach le a raibh do láthair mar do rinne an Pápa sin, agus d'fhiafraíodar de céard fá ndearna sé sin.

“Do rinneas,” ar sé; “an uair do thionscnaíodar na cléirigh tosach an mholta úd do ghabháil, do chonacsa aingil Dé maille riu agus iad go ró-onórach ina dtimpeall, agus mar do thionscnaíodar na trí chaibidil áirithe úd den mholadh do ghabháil, d'imíodar na haingil uathu, agus do shuíos-sa mar do chonac na haingil ag imeacht. Agus mar do thionscnaíodar an chuid eile den mholadh do ghabháil, d'iompaíodar na haingil chucu arís. Mar do chonacsa na haingil ag iompú, d'éiríos agus do bhíos im sheasamh nó gur gabhadh an moladh uile.”

“Is fíor sin, a athair naofa,” ar na cléirigh. “Is maith an t-ábhar do bhí agat, agus is orainne féin do bhí an scéal sin ag na hainglibh le ar fhág siad sinn.”

Agus d'insíodar na cléirigh ó thús go deireadh gach ní dá ndearnadar féin, agus d'iarradar a maitheamh ar an Phápa; agus dúirt an Pápa, gí gurbh olc a ndearnadar, go maithfeadh sé dóibh é in onóir Cholm Cille. Agus do mhol sé Colm Cille go rómhór ansin, agus dúirt sé nach dtáinig agus nach dtiocfadh, in éagmais dhaonnachta Chríost, duine ab fhearr ná é i ngach uile shuílce, agus do mhol sé an *Altus* go rómhór mar an gcéanna, agus d'fhág sé de bhuaibh air, gibé do ghabhfadh uair gach lae é nach ndamónfaí choíche é.

38. A UMHAILE A BHÍ COLM CILLE DO CHLOG NA NÓNA

Feachtas eile do Cholm Cille agus dá chomhthionól in Í, agus ar dteacht aimsire na nóna chucu, dob áil leis an saicriosta clog na nóna do bhuain, agus do chuaigh sé d'iarraidh Cholm Cille sa dairthigh a ngnáthaíodh sé a dhúthracht do dhéanamh do Dhia, dá cheadú de chlog na nóna do bhuain; agus ní bhfuair sé ansin é, agus d'iarr sé gach ionad eile inar shíl sé a bheith agus ní bhfuair sé é; agus tháinig sé mar a raibh an comhthionól agus d'inis sé sin dóibh.

“Bainse an clog,” ar siad, “agus gibé ionad a bhfuil Colm Cille, tiocfaidh sé fá ghuth an chloig.”

Do bhain an saicriosta an clog iar sin, agus do chonacadar Colm Cille chucu agus dealramh rómhór ina aghaidh agus lasracha tintí ina thimpeall. Agus arna fheiscint don chomhthionól amhlaidh sin, do shíleadar go raibh fearg air agus do ligeadar ar a nglúinibh uile iad, agus d'iarradar, má do rinneadar místuaim fána luas do bhaineadar an clog, a mhaitheamh dóibh. Ar bhfeiscint umhla agus eagla an chomhthionóil do Cholm Cille, dúirt sé riu gan eagla do bheith orthu agus nach raibh fearg air riu; agus d'fhiafraíodarsan scéala de cá raibh sé an fad do bhí sé ina n-éagmais féin. D'fhreagair Colm Cille iad agus is ea a dúirt:

“Do bhíos féin agus Cainneach naofa,” ar sé, “ag cathú re deamhnaibh san aer in airde, ag cuidiú le heaspag, Eogh-an Ard Sratha, anamchara dó féin do bhí 'gá phianadh acu re haimsir fhada do bhuain díobh, agus níorbh áil liomsa gan teacht do fhreastal na nóna an uair do chuala an clog 'gá bhuain; agus is fána luas do baineadh é do bhí fearg orm ribhse, gan a ligean dom fuireach ris an anam do

bhuain de na diabhlaihb; agus gí ea, rug aingéal Dé orm ag teacht in bhur bhfianaise dom d'eagla go mbeadh fearg orm ribh, agus dá insint dom gur shaor Dia an t-anam sin a dúramar romhainn im onóir féin, ó nár fhéad mé fuireach rena bhuain amuigh gan teacht fá ghuth an chloig do fhreastal na dtráth."

Gur móradh ainm Dé agus Cholm Cille de sin.

39. SAORANN COLM CILLE MANACH AR PHEACA AN ÉADÓCHAIS

Feachtas do chuir an neach naofa, .i. Findia mac Uí Fhiathach, manach dá chomhthionól féin, re gnoithibh ina aonar gan compánach leis, agus tharla bean dó ar an slí agus do chuaigh sí dá ghuí, agus ní raibh seisean 'gá ghabháil sin uaithi, agus do chuir sí lámh ann fá dheireadh nó gurbh éigean dó a comhairle do dhéanamh. Agus do líon tuirse agus aithreachas é iar sin fán pheaca sin do dhéanamh. Agus ar bhfilleadh ar ais dó mar a raibh Findia, thug sé a chulpa dó, agus thug Findia aspalóid dósan agus dúirt nach raibh pudhar ann sin agus gur mhór de dhaoineibh maithe do mheall an t-áibhirseoir roimhe sin agus gur ghabh Dia aithrí uathu agus go ngabhfadh uaidhsean mar an gcéanna.

Agus ar n-éirí don mhanach ó Fhindia, tháinig an t-áibhirseoir i ndeilbh duine chuige agus d'adaigh sé tine pheaca an mhídhóchais ann agus dúirt sé ris nárbh fhearrde dó an aspalóid sin a thug Findia dó, agus gur beag an bhreith aithrí do chuir sé air, agus dúirt ris dul mar a raibh Comhghall Bheannchair agus a chulpa do thabhairt dó agus breith aithrí do ghabháil uaidh.

Théid an manach iarum mar a raibh Comhghall agus thug a chulpa dó; agus is í breith aithrí do chuir Comhghall air, .i. an bhreith do chuir Findia roimhe sin air, agus dúirt ris mar an gcéanna aithrí do dhéanamh ina pheaca agus go mbeadh Dia réidh ris.

Agus ar bhfágáil Chomhghaill don mhanach, tharla an t-áibhirseoir sa deilbh chéanna dó agus do labhair ris, agus dúirt gan creideamh do aon ní dá ndúirt Comhghall ris, agus gur rómhó a pheaca ná an bhreith aithrí do chuir sé

air; agus dúirt sé ris dul mar a raibh Colm Cille agus breith aithrí do ghabháil uaidh.

Théid an manach mar a raibh Colm Cille agus mar dob áil leis a chulpa do thabhairt dó, d'fhoilsigh Colm Cille féin dósan gach ní dár imigh air ó thús go deireadh, agus d'admhaigh an manach gurbh fhíor do Cholm Cille sin.

“Go mbeannaí Dia thú,” ar Colm Cille, “is mór an buaireamh agus an mearú sin do chuir an diabhal fút. Nár thuig tú gur leor duit méad na mbreith aithrí do chuir Findia agus Comhghall ort? Agus bíodh a fhios agat,” ar sé, “dá ndéantá peacaí fear ndomhain, nach bhfuil breith aithrí dá laghad do chuirfeadh an sagart dá dtabharfá do chulpa ort agus a híoc, nach bhfuil tú réidh le Dia id pheacaí ach go raibh aithrí agat. Agus is dod chur ar seachrán agus ar mearú do chuir an t-áibhirseoir i mídhóchas thú, agus do chuir sé i gcéill duit gur bheag na breatha aithrí do chuir Findia agus Comhghall ort, ionas, dá bhfaigheadh sé ar an seachrán creidimh sin thú, go dtabharfadh sé bás duit agus go mbéarfadh sé d'anam i bpianaibh síoraí suthaine ifrinne.

“Agus bíodh a fhios agat nach bhfuil peaca ris nach cómhór an mídhóchas; agus dá dhearbhuí sin, is mó do pheacaigh Iúdas ina mhídhóchas ná i mbrath an Tiarna. Agus ó do chuaigh tusa i mídhóchas, agus ó do chreid tú ón diabhal nár maitheadh do pheacaí duit ar son laghad na mbreith aithrí do chuireadar na naoimh sin ort, cuirimse cúig bliana déag ar arán agus ar uisce ort ionas gur móide chreidfeas tú go maithfidh Dia do pheacaí duit, an bhreith aithrí mhór sin do chur ort.”

Do bheannaigh agus do choisric Colm Cille an manach iar sin; agus ní raibh ar bhreith don diabhal an peaca sin an mhídhóchais do chur faoi ó sin amach tríd an mbeannú sin Cholm Cille. Agus is follas dúinn as seo, nach ea amh-

áin do chloíodh Colm Cille na diabhail i leith ris féin ach go gcloíodh sé i leith ris na daoineibh eile iad. Agus fós, is follas dúinn as, na nithe nach bhféadaidís naoimh iarthair domhain do shoirbhiú, gur chuige do chuireadh Dia a soirbhiú agus a réiteach.

40. SAORANN BEANNACHT CHOLM CILLE BEIRT MHANACH AR PHÉISTEANNA MARA

Lá áirithe dá raibh Colm Cille in Í agus tháinig manach áirithe darbh ainm Beara dá ionsaí do bhí ag dul in oileán eile darbh ainm Etica le gnoithibh na manach. Agus d'iarr ar Cholm Cille a bheannacht do ligean leis. Agus d'fhreagair Colm Cille é agus is ea a dúirt:

“Ligfeadsa beannacht leat,” ar sé, “agus ar a shon sin, seachain an t-eolas comhchoiteann ghabhas cách dochum an oileáin sin, agus gabh timpeall na n-oileán mbeag eile atá romhat d’eagla go bhfeicfeá ní do chuirfeadh adhuafaireacht ort.”

D'imigh an manach iar sin ina long agus do ghabh sé an t-eolas do thoirmisc Colm Cille uime, óir ní raibh eagla air ó fuair sé beannacht Cholm Cille. Agus níor chian dó ag siúl na farraige an uair do chonaic sé péist adhuafar ag tógáil a cinn as an mhuir, agus nár mhó cnoc sléibhe ná í. Agus d'oscail a béal agus dob áil léi an long gona foireann do shlogadh ina bráid.

Agus arna fheiscint sin dóibh, do leagadar a seol agus d'iomraíodar an long thar a n-ais, agus do chuir an péist an oiread sin d'anfadh agus de chomhbhuaireamh ar an fharraige, murab é coimhéad Dé orthu agus an bheannacht do lig Colm Cille leo, nach rachaidís i dtír gan bháthadh. Agus d'aithníodar gurb ar eagla na péiste sin a dúirt Colm Cille riu gan an t-eolas sin do ghabháil. Agus do ghabhadar an t-eolas a dúirt Colm Cille riu iar sin, agus rángadar slán gan ghuasacht.

Agus is follas as an scéal seo nach ar tír amháin thug Dia radharc a shicréide féin do Cholm Cille, ach go dtug

sé radharc agus eolas ar phéistibh na mara agus na farr-
aige dó.

Feachtas eile do Cholm Cille in Í agus do bhí Baoithín
naofa ag dul dochum an oileáin sin a dúramar romhainn.
Agus dúirt Colm Cille ris go dtáinig péist adhuafar i meán
oíche roimhe sin sa chuan idir Í agus an t-oileán inarbh áil
leis dul agus go mbeadh gach duine d'imeodh an cuan sin i
nguasacht rómhór uaithi. D'fhreagair Baoithín é agus is ea
a dúirt:

“Atáimse agus an phéist sin fá chumhachtaibh Dé,” ar
sé.

“Imigh,” ar Colm Cille, “maille re beannacht Dé agus
re mo bheannachtainse, agus saorfaidh an creideamh dain-
gean atá agat ar an phéist úd thú.”

Théid Baoithín ina long iar sin, agus níor chian dó ag
siúl na farraige an uair d'éirigh an phéist dóibh. Agus do
ghabh eagla agus adhuafaireacht a raibh sa long uile ach
Baoithín amháin, agus do thóg a lámha agus a rosca suas
dochum neimhe agus do bhí ag guí Dé go dúthrachtach um
a shaoradh ar an ghuasacht sin a raibh sé. Agus ar gcríochnú
na hurnaí sin do Bhaoithín, do bheannaigh sé an mhuir
agus an fharraige agus do theith an phéist roimhe. Agus ní
fhacthas san ionad sin í ó shin suas.

41. *TÁ COLM CILLE RANNPHÁIRTEACH I SICRÉIDÍ DÉ*

Feachtas do Cholm Cille in Í agus é ag léitheoireacht, do ghabh tuirse mhór é. Agus arna fheiscint don Lughaidh chéanna seo do bhí maille ris an uair sin, d'fhiafraigh céard dob ábhar dá thuirse. D'fhreagair Colm Cille é agus is ea a dúirt gur dis de dhaoinibh uaisle na hÉireann do thit le chéile i gcomhrac san uair sin féin de ló, .i. Colmán Liath agus Rónán a n-ainmneacha, agus a dúirt gurb é ionad a ndearnadh an comhrac sin láimh re Cill Rois sa Mhumhain.

“Agus fá cheann ocht lá ó inniu, do chluinfinse glao duine thioctas a hÉirinn an uair sin i bPort na hInse ag iarraidh iomlochtaidh, agus ineosaidh sé na scéala seo duit,” ar Colm Cille.

Agus, ar chur na haimsire sin tharstu dóibh go nuige an lá sin, do chualadar an ghlaio sa phort. Is ansin a dúirt Colm Cille re Lughaidh:

“Is í seo glao an duine dár labhras id fhianaise sna laethaibh seo do chuaigh thart agus éirigh ina choinne agus tabhair leat é.”

Thug Lughaidh an t-óglaigh i bhfianaise Cholm Cille agus d'inis na scéala seo a dúramar romhainn amhail a dúirt Colm Cille. Gur móradh ainm Dé agus Cholm Cille de sin.

Rug Lughaidh iar sin Colm Cille leis in ionad uaigneach agus do ghuigh sé é um a insint dó conas do gheibheadh sé na scéala sicréideacha sin, an é a gcluinstin nó a bhfeiscint do níodh, nó céard é an modh eile ar a bhfoilsítí dó iad.

“Is mór an ní iarras tú,” ar Colm Cille, “agus geall dom, fá ainm Dé, go ndéanfair rún ar gach ní inesas mé duit an fad bheas mé féin im bheatha.”

Arna ghealladh sin do Lughaidh, do labhair Colm Cille ris agus is ea a dúirt, go rabhadar daoine áirithe ann ag a

raibh an méid seo de ghrásaibh ó Dhia ionas gur comhsholas dóibh i bhfianaise a n-intinne flaitheas Dé agus ifreann agus an talamh agus an fharraige agus a bhfuil iontu agus eatarthu, in aon mhóimint.

“Agus is tearc duine dá dtugtar na grása sin,” ar sé.

Agus atá Adhamhnán naofa 'gá mheabhrú gurb ag Colm Cille féin do bhíodar na grása sin go speisialta, ach gí go ndúirt sé a mbeith ag daoineibh áirithe do sheachnadh glóire díomhaoine d'fháil dó féin, ionas go leanadh sé Pól aspal do bhí ina shoitheach thofa ag Críost, neach a dúirt na briathra seo fán radharc fuair sé ó Dhia:

“Is aithne dom duine a rugadh gus an treas neamh.”

Agus ní dúirt gurb é féin an duine sin, ach gí gurbh é go fírinneach rugadh ann. Agus fós, is mar sin do lean Colm Cille lorg an aspail um fhoilsíú na sicréide diaga dá chompánachaibh.

Agus d'inis Lughaidh na nithe seo do dhaoineibh naofa eile, agus d'insíodar na daoine sin d'Adhamhnán iad go fírinneach. Agus is follas as an scéal seo gur fhoilsigh Dia a shicréidí féin go hiomarcach do Cholm Cille, agus go dtug sé grása na humhla, agus na glóire díomhaoine do sheachnadh, dó amhail thug sé do Phól aspal.

42. CUIREANN AODHÁIN MAC GABHRÁIN CATHÚ AR CHOLM CILLE

Feachtas eile do Cholm Cille in Albain agus do chuir sé Baoithín naofa le gnoithibh áirithe i gceann Aodháin mhic Gabhráin. Agus d'fhiafraigh Aodhán de céard é an duine sin ar a raibh an tuarascáil mhór ag lucht iarthair domhain, .i. Colm Cille.

“Is maith é,” ar Baoithín, “óir níor bhris sé a óghacht agus níor oibrigh sé go beag ná go mór sa díomhaoineas agus ní dhearna sé bréag riamh.”

Do bhreathnaigh Aodhán ina intinn féin conas do bhréag-nódh sé sin, agus thug sé Colm Cille ina cheann iar sin agus do chuir sé a iníon féin, .i. Coincheann iníon Aodháin, ina suí i gcathaoir i bhfianaise Cholm Cille go n-éadach ríonaí uimpi.

“Is álainn an iníon úd,” ar Aodhán.

“Is ea, ón,” ar Colm Cille.

“Arbh fhearr leatsa luí léi?” ar Aodhán.

“Dob fhearr,” ar Colm Cille.

“An gcluín sibh an té seo re a n-abartar nár bhris sé a óghacht riamh 'gá rá go mb'fhearr leis go mbeadh sé ag luí leis an iníon?” ar Aodhán.

“Níorbh áil liomsa bréag do dhéanamh,” ar Colm Cille, “agus bíodh a fhios agatsa, a Aodháin, nach bhfuil duine ar bith nár mhian leis peaca do dhéanamh. Gí ea, is é an duine ligeas an mhian sin de ar son Dé a choróntar i bhflaitheas Dé. Agus fós, bíodh a fhios agat, ar thiarnas an bheatha nach luífinn leis an iníon, gí go mba mhian liom luí léi ó ainmhian an choirp dhaonna seo atá umam.”

Dá n-abradh Colm Cille, iomorro, nár mhian leis luí leis an iníon, do chuirfeadh Aodhán sin mar bhréag ina aghaidh

de réir an údaráis sin a dúirt sé féin, .i. nár chuir corp daonna uime, in éagmais daonnachta Chríost, duine nár mhian leis peaca do dhéanamh.

43. COLM CILLE AGUS BÁS AOIDH MHIC BHRIC

Do bhí easpag rónaofa in Éirinn, .i. Aodh mac Bric é sin, agus do bhí manach áirithe dá mhanachaibh féin 'gá ghuí go gnách, gíbé uair ba mhithid le Dia a bhreith do chaitheamh na glóire suthaine, gan é féin d'fhágáil i míchiúnas an tsaoil seo ach a bhreith leis in éineacht ris féin i gciúnas flaitheasa Dé.

“Béarfad, más áil leat féin,” ar an t-easpag.

Ar mbeith dóibh aimsir áirithe iar sin ag ridireacht do Dhia, dúirt an t-easpag naofa ris an mhanach a ullmhú agus gur mhithid le Dia é féin do bhreith leis as an phríosún sin an choirp dhaonna a raibh sé, d'éisteacht re hilcheolaibh na n-aingeal trí bhith shíor. Do rinne an manach droch-chomhairle an uair sin, arna dhalladh do sheoltaibh an áibhirseora, agus dúirt nár mhithid leis an saol d'fhágáil a chomhluath sin. Agus do bhí bodach áirithe den phobal do láthair an uair sin agus a dúirt gur trua nach ris féin a dúirt an t-easpag an t-ullmhú sin do dhéanamh.

“Déansa an t-ullmhú,” ar an t-easpag, “agus luigh ar aon leaba riomsa anocht, agus béarfad liom in ionad an mhan-aigh thú.”

Do rinne siad amhlaidh sin agus fríth marbh arna mhárach iad agus do chuaigh a n-anamnacha dochum neimhe.

Agus do bhí Colm Cille an uair sin san oileán darb ainm Í i ríocht na hAlban agus do foilsíodh sin dó ar an phonc sin féin. Agus do labhair go fáidhiúil rena mhanachaibh agus d'inis dóibh gach ní dár imigh ar Aodh mac Bric agus ar an manach agus ar an mbodach. Agus a dúirt gur láidir agus gurb iomarcach na grása thug Dia d'Aodh mac Bric lena rug sé an peacach nár chosain flaitheas Dé go rige sin leis do chaitheamh na glóire, d'ainneoin na ndiabhal, agus nárbh

fhéidir leo toirmeasc do chur air, agus gurb ar aithris Chríost agus gadaí na láimhe deise rug sé leis é.

Agus do mholadar na manaigh Colm Cille go mór trísna suáilcibh sin thug Dia dó nach raibh aon ní i neimh ná i dtalúin ina dhorchadas air.

44. COLM CILLE AGUS MACAIRIUS SA RÓIMH AGUS I dTORÓN

Feachtas dá ndeachaigh Colm Cille dá oilithre don Róimh, agus do chuir sé gairm ar Mhacairius, .i. a dheisceabal féin, agus do thogh sé mar chompánach slí é thar gach uile mhanach dá naofacht dá raibh aige. Agus ar ndul dochum na Róimhe dóibh, do chuadar i gceann Ghreagóir Pápa agus ar mbeith ag comhrá dóibh re chéile, d'fhiafraigh Greagóir de Cholm Cille cá hainm do bhí ar a chompánach.

“Mochonda, nó Macairius, a ainm,” ar Colm Cille.

Mar do fuair Greagóir a fhios ó Cholm Cille gurbh easpag Macairius agus gur neach rónaofa rómhíorúilteach é, d'aithin dó, maille re honóir rómhór, bheith ag freagar eaglaise Torón do bhí an uair sin gan easpag, .i. an eaglais inar hadhlacadh Máirtín naofa.

Ar gcríochnú a ngnoithí re Greagóir dóibh, agus ar ndéanamh oilithre na Róimhe go hiomlán, do ghabhadar a gcead aici agus do lig a beannacht leo agus d'fhágadar a mbeannacht aici. Agus do ghabhadar go Torón. Agus ní raibh a fhios ag lucht na cathrach sin cá hionad áirithe inar hadhlacadh Máirtín. Agus arna chluinstin dóibh nach raibh aon ní i neimh ná i dtalúin in ainbhios do Cholm Cille, agus go raibh sé ina fháidh ag an Tiarna neamhaí, do thairgeadar mórán óir agus airgid agus aiscí eile dó de chionn a fhoilsíú dóibh cá raibh an t-adhlacadh sin.

“Ní ghéabhsa aiscí óir ná airgid uaibh,” ar Colm Cille, “agus foilseod adhlacadh Mháirtín daoibh má fhaighim an ní eile atá san adhlacadh fairis an chorp.”

Thugadar lucht na cathrach coir agus mionna dó iar sin. Agus d'fhoilsigh Colm Cille an t-adhlacadh iar sin. Agus arna oscailt dóibh, fuaradar Leabhar Aifrin ann, agus dúirt

Colm Cille gurb é an leabhar sin do bhí sé féin d'iarraidh agus gurb uime do rinne sé coir re lucht na cathrach. Do bhreathnaíodar lucht na cathrach briseadh air agus gan an leabhar do thabhairt dó, agus dúradar mura bhfágadh sé neach naofa éigin dá raibh fairis go suthain acu, nach bhfaigheadh sé an leabhar. D'fhág seisean Macairius naofa acu de réir foráilimh an Phápa do fhreagar oifige easpaig dóibh, mar do bhíodar an uair sin gan easpag, agus tugadh an leabhar do Cholm Cille. Agus is mar sin a deir *Beatha* Eoghain agus *Beatha* Mhacairius an leabhar sin d'fháil.

Agus d'fhoilsigh Máirtín é féin do mhórán de lucht na cathrach an oíche sin agus iad ina gcodladh, agus is ea a deireadh riu:

“Onóraigh Macairius mar mise féin, óir is é mo mhac grách féin é, agus is air tháinig toil Ghreagóir Pápa agus Cholm Cille, dá chur do fhreagar na heaglaise Toron.”

45. COLM CILLE AGUS AN CHORR A THUG CUAIRT
IN Í AIR

Feachtas do Cholm Cille in Í, ar gcrióchnú oifige Dé dó Dé Sathairn do shonrach, do ghair sé manach áirithe dá mhanachaibh féin chuige agus do labhair go fáidhiúil ris agus is ea a dúirt:

“Éirigh, a mhic ghráigh,” ar sé, “i ndiaidh nóna de ló Dé Luain seo chugat cois na farraige san oileán seo féin, agus do chifidh tú aoi uasal ag teacht chugat, .i. corr Éir-eannach atá ag teacht ar cuairt chugamsa ó Éirinn, agus beidh sí cortha, tuirseach, agus rachaidh a neart ar gcúl go mór trí mhéad a siúil agus a haistir, agus trí fhad na heiteoige bhéarfas sí; agus rachaidh a lúth agus a luail as a sciathánaibh ionas go dtitfidh sí i gcomhrac na toinne agus na trá, agus beidh an tonn ’gá bualadh amach agus isteach agus ní bheidh neart aici féin air sin d’fhágáil.

“Agus tabhairse fortacht di,” ar sé, “agus tabhair leat don chistin í agus tabhair bia agus friothálamh go ceann trí lá agus trí n-óiche di; agus ní fhanfaidh sí níos faide ná sin againn agus rachaidh sí ar a hais go hÉirinn arís.

“Agus is uime a chuirimse sin d’fhiachaibh ortsa thar manach eile gur d’aon dúiche agus d’aon talúin duit féin agus don chorr sin, ionas go mbíodh comhbhá agus comhthrua agat di, agus go dtigeadh do thrócaire uirthi agus go mb’fhearrde do dhéanfá friothálamh di é.”

Ar gcur na haimsire thairis don mhanach go nuige an uair sin a dúirt Colm Cille ris, do chuaigh sé cois farraige agus do chonaic sé an chorr chuige, agus d’imigh gach ní dá ndúirt Colm Cille uirthi; agus do thóg sé leis don chistin í, agus do bhí ’gá friothálamh mar is fearr gur fhéad agus do thairg sé bia di agus níor ith sise sin uaidh. Agus do

chuaigh an manach mar a raibh Colm Cille dá insint sin dó, agus níor fhiafraigh Colm Cille scéala de, óir ní raibh ainbhios air féin fá aon ní; agus do labhair ris an mhanach agus is ea a dúirt:

“Go mbeannaí Dia thú, a mhic ghráigh,” ar sé, “óir is maith do rinnis seirbhís don chorr bheag Éireannach tháinig dá hoilithre chugainn, agus tabhair leat chugamsa í, óir ní chaithfidh sí bia ná deoch go bhfeice sí mise féin.”

Thug an manach an chorr leis iar sin mar a raibh Colm Cille agus, ar theacht do láthair di, d’fhill a glúin agus do chrom a ceann i gcomhartha umhla dó agus do rinne lúcháir iomarcach ina fhianaise agus do chaith sí bia as a láimh féin fó chéadóir, agus níor dhealaigh sí ris ó sin amach an fad do bhí sí sa mbaile; agus do bhíodh sí fairis ina shealla agus do théadh sí leis don eaglais agus i ngach ionad eile a dtéadh sé féin.

Agus i gceann an treas lae iar sin, tháinig an chorr i bhfianaise Cholm Cille agus do bhí sí ag screadaigh agus ag scréachaigh agus ag bualadh a sciathán fá chéile; agus d’fhiafraíodar na manaigh de céard fá ndearna sí sin. D’fhreagair Colm Cille iad agus is ea a dúirt:

“Ag gabháil cheada agamsa atá sí,” ar sé, “agus rachaidh sí ar a hais dá dúiche féin anois, agus atá sí lán de thuirse agus de dhobróin trína olcas léi bheith ag dealú riomsa di, agus mar atá a dháil aici nach bhfeicfidh sí mise go brách arís. Agus is comaoín dise sin,” ar Colm Cille, “óir atá tuirse agus dobrón ormsa ina diaidhse.”

Agus do chaigh sé go géar iar sin agus is ea a dúirt sé gurb aobhne don chorr bheag sin ná dó féin, trína cead do bheith aici dul ar a hais go hÉirinn arís.

Cheiliúraigh an chorr iar sin do Cholm Cille agus do ligsean a bheannacht léi; agus d’éirigh sí as fianaise cháich

uile an uair sin agus thug a haghaidh dochum na hÉireann; agus do bhíodarsan 'gá feitheamh go ndeachaigh sí as a n-amharc. Gur móradh ainm Dé agus Cholm Cille de sin.

Agus is follas as an scéal seo gur fhoilsigh Dia diamhair a shicréide féin go hiomarcach do Cholm Cille. Agus, fós, is follas as nach ea amháin do bhí grá ag Colm Cille ar dhaoinibh a thíre dúchais féin ach go raibh grá aige ar a héanacha agus ar a feithidí agus ar a beithíbh brúidiúla uile. Agus is follas as grá do bheith ag na beithíbh airsean mar an gcéanna.

46. SÁBHÁLANN GUÍ CHOLM CILLE CORMAC Ó LIATHÁIN AR GHUASACHT MHARA

Feachtas eile do chuaigh an Cormac seo dá bhfuilimid ag labhairt d'iarraidh an oileáin chéanna seo ré n-abartar Oil-eán na Naomh; agus ar ndul dó ina long, fuair sé gaoth ina dhiaidh gach ndíreach ionas nár leag sé a sheolta go ceann cheithre lá ndéag; agus is minic do bhí sé i nguasacht a bháite ris an ré sin. Agus ar an deichiú uair den cheathrú lá déag sin tharla i bhfarraige adhuafar é agus í lomnán de phiastaibh ró-uafara nach bhfaca sé féin ná duine eile a leithéid riamh agus iad ag éirí gacha taoibhe den long, agus fós iad 'gá gearradh lena bhfiacilaibh agus lena n-ingnibh mar do dhearbh Cormac féin agus a raibh fairis ar dteacht ar a n-ais dóibh, agus iad i méid rána nó lafan; agus ní raibh eiteoga mar éanacha orthu agus ní mó do bhíodar ag snámh mar iasc nó mar bheithibh éagsúla na farraige féin, ach iad ag léimnigh os cionn na farraige agus na loinge agus ag éirí leis na maidibh rámha as an bhfarraige aníos agus a n-ingne agus a bhfiacila sáite iontu. Arna bhfeiscint do Chormac agus dá mhuintir, do ghabh eagla adhuafar iad agus do bhíogadar go hiomarcach agus do ghuíodar Dia agus Colm Cille fá fhortacht d'fháil dóibh.

Agus gí gurbh fhada Colm Cille uathu ó chorp an uair sin, do bhí sé fairiu ó spiorad; agus dá dhearbhadh sin, do ghair sé a mhanaigh féin leis don eaglais agus do labhair go fáidhiúil riu agus is ea a dúirt go raibh Cormac agus a mhuintir sa ghuasacht mhór sin agus go rabhadar ar a nglúinibh sa long ag dortadh a ndéar agus iad ag guí Dé go dúthrachtach fá fhortacht d'fháil dóibh as an ghuasacht mhór sin a rabhadar agus fá ghaoth aduaidh d'fháil dóibh lena dtiocfaidís thar a n-ais.

“Agus guímidne Dia leo go dúthrachtach,” ar sé, “fá fhortacht d’fháil dóibh óir is cóir dúinn comhthrua do bheith againn dár gcomhbhallaibh féin, óir is baill de Chríost sinn re chéile.”

Agus ar gcríochnú an chomhrá sin do Cholm Cille, do lig ar a ghlúinibh i bhfianaise na haltóra agus do dhoirt a dhéara agus do ghuigh sé Dia go dúthrachtach fá gach ní dá ndúramar romhainn d’fháil do Chormac. Agus ar gcríochnú na hurnaí sin do Cholm Cille, d’éirigh dá ghlúinibh agus thug buíochas do Dhia ina thíolacaibh agus d’inis do na manachaibh go bhfuairadar gach ní dár iarradar an uair sin ar Dhia; agus d’inis dóibh go dtiocfadh Cormac i gceann uimhreach áirithe de laethaibh iar sin; agus dob fhollas do chách gurbh fhíor sin, óir tháinig an ghaoth aduaidh ar an phonc sin féin.

Agus do bhí an comhrá sin ar coimhead ag na manachaibh nó go dtáinig Cormac slán chucu san uair chinnte a ndúirt Colm Cille a theacht. Agus d’inis sé gach ní dár imigh air ó thús go deireadh amhail d’inis Colm Cille dá mhanachaibh ria Cormac do theacht; gur móradh ainm Dé agus Cholm Cille de sin. Agus is follas as seo, nach ea amháin thug Dia spiorad fáidheadóireachta do Cholm Cille, ach do shaoradh sé gach neach ar a nguíodh sé ón ghuasacht a mbíodh ar muir nó ar tír.

47. DÁN AR NA hIONAID IN ÉIRINN AB ANSA LE
COLM CILLE

Thug Colm Cille dreas mór adhmholta ar a ardbhailtibh féin in Éirinn iar sin agus go háirithe ar Dhoire Chalgagh agus ar Ceanannas agus ar a ardcheallaibh eile aircheana, agus do rinne eolchaire mór ina ndiaidh:

Do dhéan eolchaire trua-bhinn,
trua m'eolchaire fá Éirinn!
Doire thiar, ionmhain baile,
atá ar m'aire, gion go dtéim.

Tréidhe is dile liom d'fhágas
ar bith bhuíonach:
Darmhagh, Doire, dinn ard aingleach,
is Tír Luighdheach.

Ionmhain Darmhagh is Doire,
ionmhain Ráth Bhoth go nglaine,
ionmhain Droim Thuama is mín meas,
ionmhain Sord is Ceanannas.

Ionmhain Droim Cliabh mo chroí
is bheith thiar ag Trá Eochaille,
féachaint Locha Feabhail fhinn
gona ealaibh, is aoibhinn!

Is aoibhinn sin, is is aoibhinn
farraige rua adhraid faoilinn,
ar ndul dom ó Dhoire i gcéin,
is réidh sin is is aoibhinn.

Dá mba liom Alba uile
ó tá a broine go a bile,
dob fhearr liom áit tí
agam ar lár caomhDhoire.

48. *SÁBHÁLANN GUÍ CHAINNIGH COLM CILLE AGUS FOIREANN A LOINGE AR GHUASACHT MHARA*

Feachtas eile do bhí Colm Cille ag siúl na farraige céanna agus d'éirigh an oiread sin de stoirm agus d'anfa uirthi ionas go ndeachaigh a gciall agus a réasún féin óna raibh fairis sa long re heagla, agus do ghlaodar go ró-ard ag iarraidh air fortacht d'fháil ó Dhia dóibh ón ghuasacht sin a rabhadar.

"Ní hormsa thig guí ar bhur son inniu," ar sé, "ach ar an ab naofa, .i. ar Chainneach, atá ina mhainistir féin in Achadh Bó i ríocht na hÉireann."

Agus do chuala Cainneach an comhrá sin Cholm Cille, gí gurbh fhada uaidh é, arna fhoilsiú i gclusaibh a chroí don Spiorad Naomh. Agus is amhlaidh do bhí Cainneach an uair sin i ndiaidh seirbhíse Dé do chríochnú san eaglais dó, agus é ag suí dochum an bhoird ag tionscnadh an phroinn do bhí ina fhianaise do roinn ar chách, agus a leathbhróg uime agus a leathbhróg eile ina éagmais. Agus d'éirigh go ró-dheithniseach agus níor fhan ris an mbróg sin do bhí ina éagmais do chur uime, ná ris an mbia do bhí ina fhianaise do roinn ar chách, ach do chuir ina rith d'ionsaí na heaglaise é, agus do lean a chomhthionól é agus d'inis dóibh go raibh Colm Cille ag siúl na farraige agus go raibh an long a raibh sé i nguasacht a báite ó mhéad na doininne agus na stoirme do bhí uirthi, agus gur chuimhnigh sé air féin, agus gurb ag tabhairt taoibh ris do lig sé Dia do ghuí d'fháil fortachta dó ón ghuasacht mhór sin a raibh sé.

Leis sin, do lig Cainneach ar a ghlúinibh é agus do ghuigh sé Dia go dúthrachtach fá fhortacht d'fháil do Cholm Cille. Agus ar gcríochnú a urnaí dó, fuair Colm Cille ciúnas agus aimsir mhaith shíochánta, agus d'inis d'fhoireann na loinge gurb é Cainneach naomh fuair sin ó Dhia dóibh.

Agus tháinig Colm Cille ó spiorad an uair sin mar a raibh Cainneach san eaglais sin, ach gí gurbh fhada uaidh ó chorp agus ó ionad é, aus do labhair ris agus is ea a dúirt:

“A Chainnigh,” ar sé, “is furasta dúinn a thuiscint go n-éisteann Dia red ghuí agus red urnaí agus is maith do chuir an rith do rinnis dochum na heaglaise inniu rinne agus gan umat ach leathbhróg, óir fuairis ó Dhia ár saoradh ón ghuasacht rómhór a rabhamar ar an fharraige.”

D'imigh Colm Cille roimhe iar sin tar éis na cuairte ainglí sin do dhéanamh ag Cainneach. Gur móradh ainm Dé agus Cholm Cille agus Chainnigh de sin.

49. CUIREANN COLM CILLE LONG CREACHADÓRA GO TÓIN POILL

Do bhí drochdhuine d'fhuil na ríochta sa talúin sin agus do bhíodh sé ag sladaíocht agus ag creachaireacht ar na daoineibh neamhchiontacha, agus go háirithe do bhí sé ag déanamh móráin éagóra agus aindlí ar an duine seo thug Colm Cille ó dhaibhreas. Agus lá éigin dá raibh a chreach agus airnéis a thí leis dochum a loinge, tharla Colm Cille dó agus d'iarr sé aiseag dá charaid féin air, agus ní bhfuair sé sin agus ní raibh an drochdhuine místuama míghlic sin ach ag fonóid agus ag scige faoi, agus do chuaigh sé ina long iar sin agus do lean Colm Cille go nuige a ghlúinibh sa bhfarraige é agus do chuir sé i dtarraisne agus i neamhchion é ionas nach dtug sé freagra air.

Agus do bhí sneachta mór agus sioc ann an uair sin agus do bhí oighreog ar an uisce, agus do thóg Colm Cille a rosca agus a lámha suas dochum an Athar Naofa agus thug moladh agus buíochas mór dó ina ghníomharthaibh, agus tháinig i dtír iar sin mar a rabhadar a mhanaigh naofa féin agus do labhair go fáidhiúil riu agus is ea a dúirt:

“An drochdhuine seo thug easonóir do Chríost ina shearbhóntaí féin, ní thiocfaidh dochum an phoirt seo óna ndeachaigh sé,” ar sé, “agus ní mó rachas dochum poirt eile go brách arís; agus gí ciúin an aimsir, agus gí mín an mhuir, do chifidh sibh néal dorchá os cionn na farraige agus do chuirfidh na diabhaíl atá sa néal sin comhbhuaireamh agus stoirm mhór uirthi de thoil Dé ionas go mbáfar é féin agus a long gona bhfuil inti, agus béarfaidh na diabhaíl a anam leo i bpianaibh síoraí suthaine ifrinn.”

Agus do fíoradh sin i bhfianaise cháich uile ar an phonc sin féin amhail a dúirt Colm Cille. Agus is é ionad inar

báthadh an long sin idir Muile agus Colbasáid. Gur móradh ainm Dé agus Cholm Cille de sin.

50. CEANSAÍONN COLM CILLE OLLPHÉIST AR SHRUTH NEASA

Feachtas do Cholm Cille sa phroibhinse seo Pictora agus do bhí sé ag dul i long thar an sruth darb ainm Neasa agus do chonaic sé mórán daoine sa phort roimhe agus corp acu 'gá bhreith dá adhlacadh; agus do ligeadar ar lár ar bhruach na habhann é ag feitheamh ar ártach d'fháil i mbéaraidís thar an sruth é dochum na heaglaise. Do labhair Colm Cille go fáidhiúil ansin agus is ea a dúirt:

“Is é siúd corp an drochdhuine seo do rinne an fheall ar an duine seo do thaobhas-sa ris,” ar sé, “agus ní cead le Dia an corp, is a anam do chuaigh in ifreann agus do rinne gníomh adhuafar ar an saol seo i bhfianaise na ndaoine, d'adhlacadh i reilig choisreactha.”

Ar an phonc sin féin, do chonacadar péist adhuafar ag éirí as an sruth agus ag fuadach an choirp léi ina béal fón abhainn; agus do chuir Colm Cille fá aithne ar mhanach áirithe dá mhanachaibh naofa féin darbh ainm Lughaidh, do bhí fairis an uair sin, bád do bhí sa phort do thabhairt chuige. Agus níor chuir an manach cairde ar an umhlacht ach do chuir a éadach uile de, ach éadach a shicréide amháin, agus do lig ar snámh é. Agus d'éirigh an phéist chéanna agus d'oscail a béal agus dob áil léi an manach do shlogadh d'aonghreim ina craos agus ina bráid. Agus do chuir sí comhbhuaireamh agus anfa mór ar an bhfarraige ionas go raibh an long i raibh Colm Cille i nguasacht a báite.

Agus arna fheiscint sin do Cholm Cille, do chuir urnaí mhilis dhúthrachtach dochum Dé d'fháil fortachta don mhanach. Agus ar gcríochnú na hurnaí sin dó, do thóg a lámh agus do bheannaigh agus do choisric sé uaidh é, agus

do chuir fá aithne ar an phéist gan díobháil do dhéanamh dó féin ná do dhuine eile go brách arís.

Agus d'imigh an phéist go ciúin ceansa fón bhfarraige le briathar Cholm Cille iar sin, agus tháinig an manach slán thar a ais mar a raibh sé. Agus ar fheiscint na míorúile móire sin do na poibleachaibh do bhí sa phort an uair sin, do chreideadar uile do Dhia agus do Cholm Cille.

Agus fós, is é ábhar fár chuir Colm Cille fá aithne ar an mhanach dul ar cheann an bháid, do dhearbhadh umhlachta an mhanaigh féin, agus dochum go gcreidfidís an chuid nár chreid de na poibleachaibh roimhe sin an uair do chífidís an manach 'gá shaoradh ar an phéist.

51. *ATHBHEONN COLM CILLE MAC FIR A nDEARNA SÉ CRÍOSTAÍ DE*

Araile aimsir do Cholm Cille ag seanmóir sa phroibhinse a dúramar romhainn, agus ní raibh teanga choiteann na talún sin aige. Agus tháinig duine áirithe den phobal d'éisteacht ris, agus mar nár thuig sé na briathra a dúirt Colm Cille, d'iarr sé ar fhear teanga do bhí fairis a míniú dó. Agus arna dtuiscint ón fhear teanga dó, do ghabh sé chuige go géar ina chroí agus ina intinn iad, ionas gur chreid sé féin agus a bhean phósta agus a chlann agus a mhuintir do Dhia agus do Cholm Cille, agus do ghabhadar baisteadh uaidh.

Agus fá bheagán de laethaibh iar sin, teasta mac muirneach do bhí ag an duine sin, agus do chuadar na draoithe diabhláí, agus gach duine dá raibh in aghaidh creidimh sa tír, d'oirbhíre air fá chreideamh Chríost, ag nach raibh cumhachta, do ghabháil ó Cholm Cille, fá na déithibh cumhachtacha do bhí acu féin do thréigean, agus dúradar gurb iad na déithe sin thug bás dá mhac trí dhiúltú dóibh féin.

Arna chluinstin sin do Cholm Cille, do chuaigh sé go tigh na carad sin do bhí aige féin agus fuair é féin agus a bhean tuirseach dólásach fá bhás a mic, agus do labhair Colm Cille de bhriathraibh milse sólásacha riu agus is ea a dúirt:

“Bíodh creideamh daingean agaibh,” ar sé, “agus ná héirígi i mídhóchas ar thrócaire agus ar chumhachta Dé.”

Agus d'fhiafraigh cá raibh corp an mhacaoimh sin fuair bás. Agus mar do hinsíodh sin dó, do chuaigh os a chionn agus do lig ar a ghlúinibh é, agus do dhoirt a dhéara agus do labhair go milis dúthrachtach re Dia, agus is ea a dúirt:

“Ó, a Thiarna, a Íosa Críost,” ar sé, “ná lig an masla

seo d'fháil domsa agus dod chreideamh féin. Agus níor mhiste masla dá bhfaighinnse trí mo mhídhiongbhálacht féin, mura mbaineadh sin ribhse ná re bhur gcreideamh de chionn mise do bheith im shearbhóntaí agaibh, agus mo bheith ag labhairt ris na ciníochaibh as bhur n-ucht. Agus ná lig lúcháir ná sólás dochum na ndraoithe ndiabhláí agus dochum na ndrochdhaoine atá ina aghaidh creidimh, agus ná lig méadú ainme do na déithibh bodhara balbha dá gcreideann siad trí bhás an mhacaoimh seo, agus athbheoigí im onóirse é; agus gí mídhiongbhála mise do labhair ribh, a Thiarna, nó d'iarraidh a leithéide seo d'achainí ort, atá mian agus dúthracht agam do bhur n-ainmse do mhéadú, agus fortaigh orm mar d'fhortaís ar chairdibh Lasaraís an uair d'athbheois é, ar morgadh san uaigh dó, agus mar d'fhortaís go minic roimhe seo ar do dheisceabail féin fá dhaoinibh d'athbheo ina n-onóir."

Ar gcríochnú na hurnaí seo do Cholm Cille, do labhair go láidir dóchasach in ainm Íosa Críost ris an chorp, agus is ea a dúirt:

"Éirigh ar do chosaibh féin," ar sé.

Agus d'éirigh an macaomh i gcéadóir le briathar Cholm Cille, agus rug leis ar láimh é mar a raibh a athair agus a mháthair. Agus an pobal sin ag a raibh gártha goil agus tuirse roimhe sin fá bhás an mhacaoimh seo, do thógadar gártha lúcháire agus sóláis arna fheiscint ina bheatha dóibh; agus thugadar glóir agus moladh agus buíochas do Dhia agus do Cholm Cille ar a shon sin.

Agus is follas dúinn as an scéal sin gur chuir Dia Colm Cille i gcosúileas ris na fáithibh naofa, .i. re hEilias, agus re hEileseus, agus fós ris na haspalaibh, .i. re Peadar, agus re Pól, agus re hEoin Broinne, leith re gach fáidheadóireacht dá ndéanadh sé do bheith ina fírinne, agus leith re síoladh

an chreidimh agus re hathbheo na marbh, agus re scrios an tseachráin. Más ea, ó bhí Colm Cille cosúil in oibreachaibh riu sin, is deimhin go bhfuil sé anois cosúil i nglóir agus i suáilcibh i bhflaitheas Dé re gach duine díobh.

52. COLM CILLE AGUS AN DUINE A THÓG SÉ ÓN DAIBHREAS

Feachtas do Cholm Cille in ionad áirithe in Albain agus tháinig duine daibhir den phobal chuige agus do chuir i gcéill dó go raibh an oiread sin de bhochtaine air ionas go raibh sé féin agus a bhean agus a chlann i nguasacht bháis d'fháil d'uireasa na beatha d'fhónfadh dóibh, agus nach raibh dul ón mbás acu mura bhfortaíodhsan orthu. Do ghabh trua Colm Cille dó agus a dúirt ris an óglach dul fán choill ba ghaire dó agus slat do bhuain agus a tabhairt chuige féin.

Do rinne an t-óglach mar dúradh ris agus thug an tslat i láimh Cholm Cille iar sin. Do rinne Colm Cille rinn uirthi agus do bheannaigh í agus dúirt ris an óglach an bior sin do bhreith leis agus a sháthadh i dtalamh in ionad a mbeadh fiach nó éanach nó beithígh éigiallaí an fhásaigh ag taithí, nó a sháthadh in abhainn nó i loch nó i bhfarraige, agus nach rachadh sé aon uair dá fhéachaint nach bhfaigheadh sé a riachtanas a leas féin agus riachtanas leas a mhuintire d'fheoil nó d'iasc mharbh air. Agus dúirt Colm Cille nach ndéanfadh an bior seo díobháil do dhuine ná d'ainmhí cheansa ar bith an céin do bheadh creideamh ag an duine dhaibhir sin dó, nó go rachadh sé i mídhóchas air, agus dúirt go fáidhiúil ris gan comhairle a mhná do ghabháil air.

Agus arna chluinstin sin don óglach, do ghabh lúcháir mhór é agus rug an bior sin leis agus do sháigh i dtalúin in ionad a mbíodh fiach ag taithí é. Agus théid arna mhárach dá fhéachaint agus fuair fia mór bairr marbh air. Agus ní hea amháin, ach ní dheachaigh sé aon uair dá fhéachaint nach bhfaigheadh sé fia bairr nó agh nó beithíoch éigiallaí eile marbh air, agus an méid nach rigeadh sé féin ná a

mhuintir a leas d'ithe den fhiach sin, do reiceadh sé iad ionas gur líonadh de shaibhreas é.

Gí ea, do ghabh tnúth mór an diabhal uime sin ionas nárbh áil leis an oiread sin do dhul i sochar do na daoineibh gan toirmeasc a chur air. Agus do chuir sé fá mhnaoi an óglaigh sin buaireamh do chur air féin lenar bochtaíodh é, mar do chuir sé fá Éabha buaireamh do chur ar Ádhamh lenar bochtaíodh an cine daonna uile. Do labhair bean an óglaigh sin ar foláireamh an diabhair — go glic, dar léi féin — lena fear — ach gí míghlic do labhair sí ris — agus is ea a dúirt:

“Tóg an bior úd go luath,” ar sí, “as an ionad i bhfuil sé nó titfidh daoine nó spré ár gcomharsan leis, nó titfeamna agus ár gclann agus ár n-airnéis uile.”

“Ní thógfad,” arsa an t-óglaigh, “óir dúirt Colm Cille riom an uair do bheannaigh sé an bior nach ndéanfadh sé díobháil ná urchóid do dhuine ná d'ainmhí cheansa ar bith an céin do bheadh sé in aon ionad dá ndúirt sé féin a chur, nó an céin do bheadh creideamh agam dó.”

Agus gí ea, níor fhan an bhean sin dá mnáúlacht nó gurbh éigean dá fear an bior do thabhairt leis as an ionad i raibh sé agus d'iarr air a ghearradh nó a loscadh. Do bhí de ghrá aigesean ar Cholm Cille, agus de mhéid an fhónta do rinne an bior dó roimhe sin, nárbh fhurasta leis an chomhairle sin do ghabháil, agus do chuir in airde i dtaobh a thí féin é.

Agus i gceann beagáin aimsire iar sin, tharla gadhar muirneach do bhí ag an óglaigh fán mbior go bhfuair bás i gcéad-óir. Agus arna fheiscint sin dá mhnaoi, dúirt ris mura mbeireadh sé an bior as an tigh go luath, go dtabharfadh sé bás do dhuine acu féin nó do dhuine éigin dá gclann. Rug an t-óglaigh an bior leis ar chomhairle a mhná agus d'fholaigh

é ar choill ródhlúth, ró-uaigneach nach mbíodh daoine ná spré 'gá taithí.

Agus théid dá fhéachaint arna mhárach agus fuair gabhar marbh air. Agus d'inis sin dá mhnaoi agus dúirt sí ris, ó nár ghabh sé a comhairle féin ar an mbior do ghearradh nó do loscadh, a bhreith leis as an ionad sin d'eagla go muirbheadh sé tuilleadh de spré a gcomharsan ab éigean dóibh a íoc.

Rug an t-óglaigh an bior leis iar sin dochum srutha áirithe darbh ainm Dubhdheaca do bhí láimh rena thigh féin agus d'fholaigh san uisce fá bhruach an tsrutha sin é. Agus do chuaigh dá fhéachaint arna mhárach, agus fuair iasc rómhór marbh air. Agus do bhí de mhéad san iasc sin gurbh ar éigean thug sé féin agus a mhuintir dochum a dtí é. Agus thug sé an bior leis iar sin, agus do chuir i mullach a thí féin den taobh amuigh é. Théid dá fhéachaint arís agus fuair sé fiach marbh air. Arna fheiscint sin do mhnaoi an óglaigh, dúirt gur bior nimhe é agus nach ó ní mhaith do bhí cumhachta aige, agus go raibh an oiread sin d'eagla uirthi go dtabharfadh sé bás di féin, agus ó nach raibh seis-ean ag gabháil a comhairle air, go bhfuigfeadh sí é agus nach mbeadh sí féin agus an bior sin in éineacht aige.

Arna chluinstin sin don óglaigh, thug sé an bior chuige, agus do ghearr go mín le tua é, agus do loisc ar thine iar sin é; agus do mealladh go mór é le comhairle a mhná, mar is minic do mealladh duine roimhe le comhairle droch-mhná. Agus ar chur an tíolactha dhiaga sin thug Colm Cille dó i neamhchion agus i dtarcaisne mar sin, do chuaigh sé sa bhochtaine chéanna arís, ionas go raibh sé féin agus a bhean agus a mhuintir uile ag caoineadh an bheara do dhul uathu, go bhfuadarar bás de ghorta dá dhíth. Gur móradh ainm Dé agus Cholm Cille de sin.

53. CUIREANN COLM CILLE AN RUAIG AR SHLUA DIABHAL

Araile lá do Cholm Cille in Í agus do chuaigh sé in ionad uaigneach leis féin do rá a thráth agus a urnaí agus do dhéanamh a dhúthrachta do Dhia. Agus ar gcríochnú a urnaí dó, do chonaic sé slua rómhór diabhal ag cruinniú fara a chéile agus iad 'gá ndeisiú féin dochum cathaithe agus beara iarnaí agus a lán de dhrochionstraimintibh eile ina lámhaibh. Agus arna fheiscint sin do Cholm Cille, do ghabh a chulaith chathaithe uime féin, .i. an chulaith do bhí ag Pól aspal ag síoladh an chreidimh, .i. creideamh daingean agus dóchas láidir agus urnaí ghlan dhúthrachtach, agus do chuaigh do chathú ris an slua ndiabhal sin. Agus gí gur mhór iadsan ó uimhir, níorbh fhéidir leo bua do bhreith ar Cholm Cille agus é ina aonar, le daingne na culaithe sin do bhí uime. Agus ní raibh dearmad ag an té d'iontaíodh i ngach éigean roimhe sin air, .i. Dia na n-uile chumhacht; óir do chuir sé uimhir do-áirmhithe dá ainglibh féin do chúnamh leis an uair sin ionas gur scriosadar le chéile na droch-spioraid as an oileán sin Í, agus ní dhearnadar díth do na manachaibh ná don mhainistir ná do dhuine eile san oileán ó sin amach.

Agus tháinig Colm Cille thar a ais iar sin don mhainistir agus d'inis do na manachaibh gach ní dár imigh air féin, agus d'inis dóibh go rachadh an slua céanna sin na ndiabhal sa mhainistir do bhí san oileán darbh ainm Etica agus go bhfuígfídis plá agus galar inti, ionas go bhfaigheadh mórán de na manachaibh agus de na daoineibh eile do bhí san oileán sin bás.

Agus do fíoradh sin uile amhail do dhearbhaíodar cuid de na manachaibh tháinig as an mhainistir sin féin d'insint

scéil do Cholm Cille. Agus dúirt sé arís go rachaidís na diabhair sin i gceann dhá lá iar sin sa mhainistir a raibh Baoithín i machaire Luighne agus go ndéanfaidh seasamh agus ridireacht riu ionas nach ndéanfaidís de dhíth dó ach bás do thabhairt d'aon mhanach amháin dá chomhthionól. Agus do fíoradh sin, mar d'inis Baoithín féin do Cholm Cille agus dá mhanachaibh iar sin.

54. AN SOLAS A BHÍ FÁ CHOLM CILLE

Araile oíche gheimhridh, do chuaigh neach naofa darbh ainm Feargna dochum eaglaise Cholm Cille do rá a thráth agus a urnaí agus do bhí sé i stealla áirithe sa chóir. Agus níor chian dó ann an uair do chonaic sé Colm Cille ag teacht dochum na heaglaise agus solas agus dealramh ró-iomarcach gacha taoibhe de an méid seo ionas gurbh fhusa leis bheith ag feitheamh na gréine an uair is mó a dealramh sa mbliain gan a shúile d'iamh ar a chéile ná bheith ag feitheamh an tsolais sin. Agus do líonadh d'eagla agus d'uamhan é agus do bhí 'gá fholach féin mar is fearr gur fhéad sé; agus do bhí an oiread sin de neart agus de láidreacht sa dealramh do chonaic Feargna an uair sin go ndeachaigh brí agus spionnadh a choirp uile ar gcúl agus gur bheag nach ndeachaigh a spiorad uaidh.

Agus ar gcríochnú urnaí faide do Cholm Cille, do chuaigh as an eaglais amach agus d'imigh an solas sin leis. Agus ar dteacht an lae chucu, do ghair Colm Cille Feargna chuige agus do labhair ris agus is ea a dúirt:

"A mhic ghráigh," ar sé, "is glic a ndearnais aréir gan féachaint an dara huair ar an tsolas mhór do chonaicis; óir, dá bhféachtá, do dhallfaí thú fó chéadóir."

Agus do chuir fá aithne air gan an radharc sin d'insint d'aon duine eile an céin do bheadh sé féin ina bheatha. Agus d'inis Feargna, tar éis bháis Cholm Cille, é do shagart ba mhac seathar dó darbh ainm Comhghan. Agus d'inis an sagart sin d'Adhamhnán é.

55. NA FÁTHANNA A nDEACHAIGH COLM CILLE GO MÓRDHÁIL DHROMA CEAT

Is é seo an t-ábhar, iomorro, fá ndeachaigh Colm Cille in Éirinn ar gcaitheamh móráin dá aois agus dá aimsir in Albain dó.

Do ghabh cumha agus dobrón mór fir Éireann ina dhiaidh agus do chuireadar teachtaí dúthrachtacha ar a cheann dá iarraidh chucu go Mórdháil Dhroma Ceat do bheannú a laoch agus a gcléireach agus a mban agus a bhfear sul d'fhágfadh sé an saol seo; óir, ba dheireadh dá aois is dá aimsir an uair sin.

Nó is ar na hábharaibh seo eile do chuaigh sé inti, amhail a dúirt an file sa rann seo:

Trí fátha fríthe don dáil —
ar dhóigh fhuascailte Scannláin,
um Dhál Riada — ríoga an treas —
Is um díochur na n-éigeas.

An chéad ábhar ar a ndeachaigh Colm Cille a hAlbain in Éirinn go Mórdháil Dhroma Ceat, .i. d'fhostú na bhfilí in Éirinn, óir do bhíodar fir Éireann 'gá n-ionnarbadh ar a n-iomad agus ar a ngéire agus ar a ndoilí agus ar a n-ainbhriathra. Agus fós, mar d'aor siad Aodh mac Ainmhireach, Rí Éireann, um séad fine na ríora, .i. an dealg óir bhí aige gona gheim de lóg lómhar i gcumhdach ann dá mba comhsholas lá agus oíche, amhail a dúirt an file;

Bhíodar bliain i gClochar,
do Dhaimhin, ach gé'r dochar;
go mba ann d'aor siad Aodh
um an dealg n-óir n-iolarchaomh.

An dara hábhar ar a ndeachaigh Colm Cille a hAlbain,

.i. do dhéanamh síotha idir fearaibh Éireann agus Alban um Dhál Riada; óir do bhíodar fir Alban 'gá rá gur leo féin a mbunús, agus do bhí sin ina ábhar imreasna agus cathaithe idir fearaibh Éireann agus Alban, ach mura ndeachaigh Colm Cille do dhéanamh síotha eatarthu.

An treas ábhar ar a ndeachaigh Colm Cille in Éirinn, .i. d'fhuascailt Scannlái mhóir mhic Cinnfhaolaidh, .i. mac Rí Osraí, thug a athair féin i láimh Aodha mhic Ainmhir-each i mbraighdeanas agus Colm Cille i slánaíocht eatarthu fána ligean amach i gceann bliana agus fá bhrá eile do ghabháil ar a shon. Agus, mar tháinig ceann na bliana, níor ligeadh Scannlán amach agus níor gabhadh brá eile uaidh, agus do rinneadh cró caolaigh gan doras air ina thimpeall, agus ní raibh fuinneog ná ionad a dtiocfadh solas ar an chró sin ach poll beag a gcuirtí beagán d'fheoil shailhte dá ionsaí ón tráth go chéile, agus ní fhaigheadh sé de dhigh ina dhiaidh sin ach braon beag do ligtí as barr meoir chuige. Agus do ba mhó ba mhéadú tarta sin ná ba laghdú nó cosc tarta. Agus fós do bhíodar dhá chuibhreach déag idir ghlas agus ghéibheann agus iarann air sa chró chaolaigh sin, agus do bhíodar deichniúr agus dhá fhichid den laochra dob fhearr ag Rí Éireann i dtimpeall an chró sin 'gá choimhead. Agus ráinig an scéala sin Colm Cille go hÍ agus ba thrua leis, agus do chaigh go mór rena chluinstin; agus is é sin ábhar fár mhó a dheifir in Éirinn.

Is ionadh a rá go ndeachaigh Colm Cille in Éirinn arís agus gur gheall sé ag fágáil Éireann dó nach saltródh sé úir Éireann choíche agus nach bhfeicfeadh sé a fir ná a mná choíche agus nach gcaithfeadh sé a bia ná a deoch go brách.

Do chomhaill Colm Cille go hiomlán sin; óir, do bhí fód d'úir na hAlban fána chosaibh an fad do bhí sé in Éirinn, agus do bhí bréid chiartha thar a shúilibh, agus do bhí a

bhearád ar a muin sin anuas; agus do bhí atán a chochail
tharstu sin amuigh. Is amhlaidh sin nach bhfaca sé fir ná
mná Éireann, mar do gheall sé roimhe sin, amhail a dúirt an
file:

Gí tháinig Colm Cille caoin
anoir in eathar thar muir,
ní fhaca ní in Éirinn áin,
iar dtíocht ins an mhórdháil.

Agus rug lón bídh agus dí a hAlbain leis ar chor nach
gcaitheadh sé bia ná deoch na hÉireann an fad do bheadh
sé inti.

56. *CUIREANN COLM CILLE EASCAINE AR CHONALL,
A CHUIR INA CHOINNE AG AN MHÓRDHÁIL*

Do chuaigh Colm Cille d'ionsaí na Mórdhála ansin agus is é líon cléireach do bhí sé, .i. oiread a ndeachaigh leis a hÉirinn de chléireachaibh, .i. fiche easpag agus dhá fhichid sagart agus deich ndeocharan fichead agus deichniúr agus dhá fhichid de mhacaibh léinn.

Is iad ba neasa dó ins an Mhórdháil, .i. Conall mac Aodha mhic Ainmhireach gona mhuintir, agus ba mhac diongbhála don rí agus don ríon é, agus ba ábhar rí Éireann gan imreasain gus an lá sin é. Agus mar do chonaic sé Colm Cille d'ionsaí an oireachtais, do ghreas sé daoscarshlua agus drochdhaoiné a mhuintire in aghaidh Cholm Cille agus a chléireach, agus do ghabhadar 'gá leacú le clochaibh agus re fódaibh na talún, ionas gur leagadar mórán de mhuintir Cholm Cille agus do lig an daoscarshlua gáir mhór díobh 'gá leagan. Is ansin d'fhiafraigh Colm Cille dá mhuintir:

“Cé ligeas na gártha fonóide seo fúinn, nó cé d'fhearaibh Éireann do bheir an easonóir seo dúinn?”

Do hinsíodh dó gurb é Conall mac Aodha mhic Ainmhir-each, .i. mac Rí Éireann, do bhí ag tabhairt na heasonóra sin dó.

Is ansin do mhallaigh Colm Cille Conall agus thug sé ar a mhuintir a gcloig agus a gceoláin do bhuain in éineacht d'eascaine Chonaill. Go mba uime sin a deirtear “Conall clogach” ris. Agus do bhain sé ríocht agus tiarnas Éireann de, agus do rinne óinmhid gan chéill gan chuimhne de, ach an fad do bheadh sé ar an fhialteach amháin. Go mba ann do rinne an rann seo:

Bainidh bhur gcloig ar Chonall
do ní aindlí orainn;

gurab óinmhid is nárab rí,
go ndeachaigh a bhrí i neambrí!

57. BREITH CHOLM CILLE AR NA FILÍ AG MÓRDHÁIL
DHROIM CEAT

Is ansin d'iarr Colm Cille Dónall mac Aodha mhic Ainmhireach leis i gceann Rí Éireann agus do bhí eagla ar Dhónall fá dhul ar cheann an rí, agus dúirt Colm Cille nárbh eagal dó aon ní, agus go mbeadh an Spiorad Naomh 'gá choimhead. Do chuadar iar sin d'agallamh an rí agus do ghabh eagla mhór an rí re fheiscint Cholm Cille chuige, agus tríd na míorúilibh móra do rinne sé roimhe sin san oir-eachtas; agus d'éirigh an rí roimhe agus d'fhear fáilte ris. Is ansin a dúirt Colm Cille nach ngéabhadh sé an fháilte sin ón rí mura bhfaigheadh sé a bhreith féin uaidh. Agus do gheall an rí sin dó.

"Is í breith bheirimse — na filí d'fhostú in Éirinn," ar Colm Cille.

"Ní furasta linn a bhfostú," ar an rí, "óir is mór agus is iomarcach iad, agus is doiligh a bhfreastal re méad a n-ainbhreith."

"Ná habair sin," ar Colm Cille, "óir is buan agus is marthanach na molta do dhéanfaid duit, mar is marthanach do Chormac mac Airt mhic Coinn na molta do rinneadar na filí dó; óir mairid na molta agus ní mhairid na seoid ná na maoine tugadh ar a son."

Go mba ansin do rinne sé an rosc seo darb ainm *Dubhlaidh*, .i. —

Cormac caoin
buich neoid
nua a mholta
críon a sheoid, srl.

"Agus is mar sin theagmhós duitse, a Rí," ar Colm Cille. "Mairfidh na molta do dhéanfar duit de cheann na bhfilí

d'fhostú in Éirinn, agus ní mhairfidh do mhaoine thar t'éis. Agus biodh a fhios agat nach mbeadh an náire ná an fhéile sna daoineibh mura mbeadh daoine acu dá dtabharfaidís ní, d'eagla a gcáinte nó a n-aortha, mar atáid, na filí; mar nach mbeadh trócaire ná déirc ann mura bhfaightí daoine bochta ar a ndéanfaí trócaire agus dá dtabharfaí déirc ar son Dé.”

Go mba ann do rinne an rann seo:

Ní bheadh déirc mura mbeadh bochta,
clamha trua tarnochta;
ní bheadh féile thiar ná thoir,
mura mbeadh éigse ag achainí.

“Agus fós, biodh a fhios agat gur cheannaigh Dia féin trí chaoga salm molta ó Dháibhí rí.”

Agus do rinne na rainn seo:

Do cheannaigh Dia féin go fíor
trí chaoga salm ó Dháibhí;
thug dó rath ar thalúin tigh
is neamh dá anmain ainglí.

Níor dhiúlt Dia re dreach nduine
an fad do bhí ar bhith bhuí;
níor dhiúltadar ina dhiaidh sin,
a aspail ná a dheisceabail.

Níor dhiúlt Pádraig poirt ná clár,
níor dhiúlt Comhghall ná Ciarán,
níor dhiúltas féin — ní saobh sin —
níor dhiúlt naomh de na naomhaibh.

Céin mhairfeas an diagacht ghlan,
agus an daonnacht íon,
mairfidh an déirc dhlítheach
is an fhéile fhíordhlítheach.

Níor scríobhadh i leabhraibh sin
is níor ordaigh canóin chuí,
go mba é ba naomhadh do neach
bheith gan fhéile, gan eineach.

“Agus ar an ábhar sin, is cóir duitse duana na bhfilí do cheannach is iad féin d’fhostú in Éirinn, agus ó nach bhfuil ach bréag sa saol uile, is dílis duitse an bhréag is buaine do cheannach ar an mbréig is díomuaine.”

Agus do rinne na rainn seo:

Mása bréag gach dán sua,
is bréag brat, is is bréag bia,
is is bréag an domhan uile,
is is bréag fós an duine cria.

De cheann na bréige is buaine,
do-bhéar bréag is díomuaine;
ní bheidh liom chun na huaighe
gorm ná dearg ná dea-uaine.

Ní dhearna Dia duine
do shíol Ádhaimh fholtbhuí
gan cheard ndaonna re díol bhfir
nó gan cheard ndiaga n-fon.

Gach saor, gach gabha, gach ceard,
is gach lia lúcháir lámhdhearg,
níor ordaigh Dia díl
a cheard d’fhágáil in aisce.

“Ní mise chuirfeas a hÉirinn iad feasta,” ar an rí.

Agus do fostaíodh na filí in Éirinn ansin ar chomhairle Cholm Cille agus do réitigh sé eatarthu agus fir Éireann, agus do bhain a nimh den dán amhail a dúirt sé féin sa rann seo:

Bainfead a nimh den dán
i nDroim Ceat na Comhdhál’,
is cuirfead aigne na gcliar
ag rá maítheasa ar aon rian.

Óir, do mharaídís na daoine lena n-aoradh go nuige sin, nó d’fhásadh bithainimh ar a ngnúisibh agus ar a n-aigh-thibh. Agus do chum Colm Cille ceart agus dlí áirithe ar

fhearaibh Éireann dóibh, .i. ollamh gach tuaithe do choimh-
éad a nginealach agus a gcraobh coibhneasa d'eagla a
n-uaisle agus a bhfoláíocht do dhul i mbáthadh, amhail a
dúirt an file sa rann seo:

Do saoradh de na filí
trí Cholm an chaomhdhlí —
file gach tuaithe — ní trom —
is é d'ordaigh Colm.

Agus ní thug sé a chead d'fhile tuaithe eile in Éirinn dul
dh'iarraidh spré ná airnéise i dtuath eile, nó dán do dhéan-
amh do thiarna tuaithe eile gan chead dó féin. Agus dá
mba chead leis é dá dhéanamh dána dó, a fhile féin do
chur go hor críche ina choinne, agus dá moladh a dhán, a
cheannach uaidh, agus mura moladh, gan teacht thairis sin
ach éalú dá thír féin. Agus thug a bheannacht dóibh sin fá
fhuireach air sin, agus thug a bheannacht d'fhearaibh Éir-
eann fána gcomhall dóibh.

Agus do scaoil Colm Cille na filí fó Éirinn iar sin agus
níor lig dóibh bheith ar aon slí ó shin amach.

58. DALLÁN FORGAILL AGUS CUMADH AMHRA CHOLM CILLE

Is ansin d'fhiafraigh cách de Dhallán Forgaill, .i. d'ard-ollamh na hÉireann, an raibh moladh aige do Cholm Cille. Dúirt Dallán go raibh agus do thionscain sé Colm Cille do mholadh. Dúirt Colm Cille re Dallán gan a mholadh an fad do bheadh sé ina bheatha agus gur chead leis é dá mholadh i ndiaidh a bháis.

"Tabhairse domsa an uair atá tú id bheatha luach an mholta," ar Dallán, "óir is fearr liom a iarraidh ort anois ná tar éis do bháis."

"Do ghéabha tú ba agus capaill, ór agus airgead," ar Colm Cille.

"Ní ghéabh," ar Dallán, "óir do ghéabhsa sin ó ríthibh agus ó thaoiseachaibh agus ó ardmhaithibh Éireann ar son a molta."

"Do bhéarsa flaitheas Dé duit," ar Colm Cille.

"Ní ghéabhsa sin uait," ar Dallán, "óir ní foráil liom flaitheas Dé d'fháil ar mo dhea-ghníomharthaibh féin."

"Béaradsa anam i bhflaitheas duit in aghaidh an ruainne dá bhfuil id bhrat," ar Colm Cille.

"Ní ghéabh," ar Dallán.

"Do bhéarsa duit cill d'ainmniú uait, agus neamh do gach aon adhlacfar inti," ar Colm Cille.

"Ní ghéabh," ar Dallán.

"Do bhéarsa neamh do gach aon mheabhrós an moladh," ar Colm Cille.

"Géabhadsa sin," ar an dall.

"Is amhra an luach," ar Baoithín.

"Ba *Amhra* ainm an mholta," ar Colm Cille.

Go mba *Amhra* ainm an mholta ó shin i leith.

“Níl ansin,” ar Baoithín, “ach dá ndéanadh duine gach uile olc, agus meabhraíodh sé an moladh seo, go dtabharfaí neamh dó.”

“Olc sin, a Bhaoithín,” ar Colm Cille. “Ní teirce ba maola odhara ná duine ag a mbeidh an moladh úd; agus gibé duine is deimhin dó dom do dhamnú, ní fhéadfaidh sé a mheabhrú mar is cóir, .i. gona chéill agus gona thuis-cint.”

Agus is minic do dearbhadh seo; óir, do mheabhraigh cléireach uisce Arda Macha an chéad leath den mholadh seo agus do bhí dá olcas féin nár fhéad sé an leath dhéanach de do mheabhrú, agus fós do throisc sé ar thuama Cholm Cille fán leath dhéanach den *Amhra* do bheith aige. Thug Colm Cille sin dó, óir dúirt sé an leath dhéanach di de mheabhair ar maidin, agus do chuaigh an chéad leath do bhí aige uaidh, ó nár thuill a dheaghníomhartha ó Dhia a shlánú, agus ó nár ghuigh sé Colm Cille fána chuimhniú dó re chéile.

Is ansin a dúirt Dallán Forgaill:

“Conas a bheidh a fhios agamsa an uair do ghéabhasa bás agus tú in Albain agus mise in Éirinn?”

“Do bhéarsa comhartha duit,” ar Colm Cille, “.i. amharc do theacht duit an fad bheas tú ag déanamh an mholta.”

Óir ní fhaca Dallán aon ní roimhe sin riamh.

“Comhartha eile,” ar an dall.

“Do bheirim,” ar Colm Cille, “.i. marcach eich bhric d’insint mo bháis duit ar maidin Dé Máirt, agus an chéad fhocal a déarfadh sé, ba é sin tosach an mholta.”

Go mba dá dhearbhadh sin a dúirt an file na rainn seo:

Marcach an eich alaidh áin
gona eachlasc ina leathláimh

d'inis an scéal go ngráin
bás Cholm Cille dhreachnáir.

An tan do chuaigh ar neamh nár
Colm fíorbhreathach fallán,
do chuaigh Axal — aingeal án —
dá insint do Dhallán.

Do scar Colm Cille agus Dallán re chéile ansin agus do chaith Dallán a aimsir iar sin nó gur mhithid le Dia Colm Cille d'fháil bháis. Agus ar bhfáil bháis dó, do foilsíodh do Dhallán na comharthaí seo do gheall Colm Cille féin dó, .i. a amharc do theacht chuige agus marcach eich bhric d'insint a bháis dó. Agus is é chéad fhocal a dúirt sé: "Ní díisceoil d'uibh Néill", .i. ní bheith gan scéal do chlannaibh Néill naoighiallaigh Colm Cille d'éag. Agus is é sin tosach an mholta, .i. *Ní díisceoil d'uibh Néill.*

59. AN SOCRÚ A RINNEADH FÁ DHÁL RIADA

Labhram anois mar do rinne Colm Cille síoth idir fearaibh Éireann agus Alban um Dhál Riada. Óir do bhíodar fir Alban 'gá rá gurb ar shliocht Chairbre rífhada mhic Conaire do bhíodar féin agus uaisle Dhál Riada agus nár chóir do rí Éireann imreasain do dhéanamh riu ina dtimpeall, ós ar aon sliocht do bhíodar. Deiridís fir Éireann gur leo féin an fearann i rabhadar agus go gcaithfidís dlíodh a bhfearainn do thabhairt dóibh féin.

Tháinig Colmán mac Coimhghealláin mar a raibh Colm Cille an uair sin; agus is dó do rinne Colm Cille an fháidheadóireacht ag dul soir dó, agus go mba é do bhéarfadh an bhreith idir fearaibh Éireann agus Alban um Dhál Riada, amhail a dúramar romhainn. Do hiarradh ar Cholm Cille an bhreith sin do bhreith agus dúirt Colm Cille nach dó féin do bhí i ndán a breith ach do Cholmán mac Coimhghealláin.

Rug Colmán iarum an bhreith amhlaidh seo, .i. a gcíos agus a gcáin agus a n-éirí amach ag fearaibh Éireann, óir is i ndiaidh an fhearainn atá an cíos agus éirí amach, mar a dúirt Colmán:

Slógadh le fonnaibh de ghréas,
cabhlach thar muir go mbithbhéas:
mo bhreith bhéalghlic gan bhinne,
is éiric le dearbhfhine.

Agus thug sé a gcabhlach d'fhearaibh Alban agus roinn éirice uathu dá chéile, óir ba d'aonfhine iad, agus cibé feacht nó dámh Albanach do thiocfadh in Éirinn, Dál Riada dá mbiathadh agus dá n-ionlacadh mura bhfaighidís treoir eile. Do mhol Colm Cille agus cách an bhreith sin rug Colmán mac Coimhghealláin. Go mba amhlaidh sin do fíoradh

fáidheadóireacht Cholm Cille um gach ní díobh sin. Agus
atá an file 'gá dhearbhadh sin sa rann seo:

Colmán mac Comhghaill gan chleith,
rug um Dál Riada an ríbhreith,
uair do-shia thar Muir na Meann,
a ndlíodh do rí Éireann.

60. MAR A SHAOR COLM CILLE SCANNLÁN MÓR MAC CINNFHAOLAIDH

Labhraímid anois mar do shaor Colm Cille Scannlán mór mac Cinnfhaolaidh, do bhí ar dtitim i mbraighdeánas ag Rí Éireann. D'iarr Colm Cille Scannlán ar Aodh mac Ainmhireach.

“Ní bhfaighfear,” ar Aodh, “nó go bhfaighe sé bás sa chró chaolaigh i bhfuil sé.”

“Ní leanfaidh mé ort tar a éis sin,” ar Colm Cille, “ach, más toil le Dia é, gurab é bhéarfas mo bhróga domsa ag éirí dom dochum cloig an mheán oíche anocht i nDoire.”

Do ghluais Colm Cille ansin as an Mhórdháil agus thug grá Dhoire Chalgaigh air dul ar cuairt ann sul do rachadh sé in Albain. Agus ar n-imeacht dó, agus ar dteacht na hoíche, tháinig lasair thintí ar feadh an tslua uile, agus tháinig néal mór solas taitneamhach d'ionsaí an chró sin i raibh Scannlán, agus do labhair an guth ris as an néal agus is ea a dúirt:

“Tar amach, a Scannlái,” ar sé.

“Conas do rachainn,” ar Scannlán, “óir atá dhá chuibhreach déag d'iarann athleáite orm, agus atá cró dlúth daingean gan aon doras air im thimpeall, agus atá deichniúr agus dhá fhichid de thréanfhearaihb an tslua i dtimpeall an chró fós ag mo choimhead?”

Is ansin a dúirt an guth céanna:

“A Scannlái,” ar sé, “fág do ghlais agus do ghéibhinn agus tar amach as an chró ina bhfuilir, agus tabhair do lámh im láimhse, óir is mise aingeal Dé atá ag do ghairm ar chomhairle Cholm Cille.”

D'éirigh Scannlán agus do thit a iarnach de mar nach mbeadh sé air riamh. Tháinig Scannlán amach iar sin agus

ní fheadar conas tháinig sé as an chró sin do bhí gan aon doras air, agus do ghluais sé leis an aingeal, agus do chualadar lucht an choimhéada an torann tharstu agus d'fhiafraíodar cé do bhí ann.

“Scannlán atá ann,” ar an t-aingeal.

“Dá mba thú, ní ineosfá,” ar siad.

Agus rug an t-aingeal Scannlán uathu re filleadh na súl amhlaidh sin nó go ráinig go hairm i raibh Colm Cille sa Duibhreibhléas i nDoire.

Is ansin do bhí Colm Cille ag éirí dochum cloig an mheán oíche agus d'iarr sé a bhróga.

“Do bhéarsa duit iad,” ar Scannlán.

“An tú Scannlán?” ar sé.

“Is mé, cheana,” ar Scannlán.

“Nár cheiliúir tú don rí?” ar Colm Cille.

“Deoch!” ar Scannlán.

“Conas tháingais, a mhic, as an chró i rabhais?” ar Colm Cille.

“Deoch!” ar Scannlán.

“Fágaim bailbhe theanga agus cúngach uirghill ar do shliocht i do dhiaidh go brách!” ar Colm Cille.

“Ná fág,” ar Scannlán, “óir beidh a gcíos agus a ndlíodh duitse go brách.”

“Ní féidir an eascaine úd do chur ar gcúl feasta,” ar Colm Cille, “agus fágaimse ríthe agus easpaig ar do shliocht-sa choíche — agus do bhéarfar deoch duit.”

Tugadh chuige iar sin díol triúir de leann in aon soith-each, agus d'ibh Scannlán sin d'aon digh. Agus tugadh bia chuige ina dhiaidh sin, .i. naoi mbáiríní agus seacht gcodanna feola, agus aduaigh Scannlán sin uile d'aon sháith. Agus do chodail iar sin, agus do bhí trí lá agus trí oíche sa chodladh sin. Agus d'éirigh Scannlán iar sin as a chod-

ladh agus do shléacht sé do Dhia agus do Cholm Cille agus thug sé é féin, agus fear a ionaid ina dhiaidh, fá umhlacht agus fá chíos do Cholm Cille.

61. TAGANN AN DIABHAL CHUIG COLM CILLE I RIOCHT MNÁ

Feachtas do Cholm Cille in Í agus do ghabh tinneas agus easláinte ábhalmhór é ionas go ndeachaigh a aithne agus a urlabhra uaidh; nó, de réir móráin de leabhraibh eile, a spiorad uile do dhealú ris. Tháinig an t-áibhirseoir i riocht mná rósciamhaí d'ionsaí na manach do bhí ag déanamh onóra an choirp rónaofa, róbheannaithe, róchoisreactha sin Cholm Cille, agus leanbh sciambhach ina hucht, agus dúirt gur Béadain a hainm agus gur de mhnáibh na ríochta sin féin na hAlban di; agus dúirt gur mac di féin agus do Cholm Cille an leanbh sin, agus d'fhiafraigh de na manach-aibh, agus go háirithe de Bhaoithín naofa, do bhí do láth-air an uair sin, nár chuimhnigh Colm Cille, ria mbás d'fháil dó, oidhreacht ar bith d'fhágáil ag a mhac féin.

"A bhean, ná habair sin," ar Baoithín, "óir atá a dheimh-in againne gur bréag chuireas tú ar Cholm Cille, óir do thogh Dia i mbroinn a mháthar mar shearbhóntaí dhílis dó féin é, agus do choimhéad sé ina ógh rónaofa, róbheannaithe, rógulan ó do rug a mháthair é gus an phonc sin a bháis gan truailliú a óghachta leith riotsa ná re mnaoi eile."

Is é ábhar, iomorro, fá tháinig an diabhal do dhéanamh na háibhirseoireachta seo ar Cholm Cille d'éis a bháis mar nár fhéad sé bua ná mealladh do bhreith air rena bheo, gurb áil leis míchlú d'fhágáil ina dhiaidh sa saol i gcluas-aibh na ndaoine air.

An té do choimhéad Colm Cille go nuige sin de thaobh na ngrás n-iomarcach thug sé dó, gan a theacht de féin a milleadh uime, do choimhéad sé ansin é leith ris an mhíchlú mhór sin a chur ar gcúl, .i. Dia na n-uile chumhacht, agus thug sé aiseag a spioraid agus a urlabhra féin dó ansin,

agus d'éirigh ina shuí i bhfianaise cháich uile agus do ghair sé an bhean sin an linbh chuige agus dúirt nár leis féin an leanbh, agus dúirt, dá gcuirte aghaidh óir ar an talamh uile dó agus saol d'fháil go lá na breithe dá chaitheamh sin, nach dtruaillíodh sé a chorp féin ria-se, ná re mnaoi eile. Agus do rinne sé rithim dána ansin agus *Duan na dTuilíoch* a hainm, agus do ghabh sé i bhfianaise na mná sin í, agus níor fúlaingíodh sin leis an mhnaoi, ach d'éirigh sí féin agus an leanbh i bhfianaise cháich in airde san aer, ar gcluinstin an duain di, agus dúirt Colm Cille ria:

"A Dhiabhail," ar sé, "imigh romhat in ifreann agus bí ann an fad bheas Dia ina fhlaithiúnas féin, agus ná déan áibhirseoireacht ar aon duine go brách arís."

Agus dob éigean don diabol sin do dhéanamh ar foráileamh Cholm Cille. Is ansin a dúirt Colm Cille:

"An duan seo re ar theith an bhean úd do bhí ag cur an mhic bhréige chugamsa, fágaimse mar bhuaibh uirthi, gach bean bheas ag cur linbh i mbréig dochum fir go brách, má ghabhtar os a cionn í, gan a bliain do chomhall di."

Agus do dearbhadh sin go minic ó shin i leith ar an duan sin. Agus do bhí Colm Cille ina bheatha aimsir éigin iar sin de réir mar thuigimse é; óir is deimhin liom, dá mba in aimsir a bháis d'imeodh seo air, go meabhródh Adhamhnán air é sa mBeatha do dheacht sé féin. Agus is é tosach an duain sin na dtuilíoch, .i.

Mac nach liom litear ormsa, srl.

62. CUID DE SEACHRÁN CLÉIREACH CHOLM CILLE

(Chuir Colm Cille dís cléireach dá mhuintir le teachtaireacht chuig Donnchadh mac Aodha mhic Ainnhireach, Rí Éireann)

Iomthúsa mhuintire Cholm Cille, do cheiliúradar don rí agus dob áil leo dul thar a n-ais go hÍ, agus dúirt an rí ríusan gan imeacht go deireadh earraigh agus go tosach samhraidh, agus is cumha do bhí 'gá rá, agus dúirt an laoi ann:

Déanaidh ainmne is foistine,
a chléireacha Choilm Cille,
go dtí an t-am iomramha,
go mba lánréidh na linne.

Glasfhuar earrach oighreata,
mór a thonna is a threathan,
iomaí ceatha ag comhéirí
fán linnfharraige leathan.

Snámh thar an rinnmhuir rianaigh
fó shion tsamhraidh shíorálainn:
gach re cuideachta i gcianaibh
ba choim dhe dár gcurachánaibh.

Snámhaid eoin ar inbhearaibh;
bí a mbláth ar gach mbuinne;
lingid éigne ilbhreaca
thar dromchla gach toinne.

Géabhaidh, a chléireacha — ní cheillimse —
reigléas deirrid, diamhaire,
adhuara, glana, glasa,
a deirimse ribh, déanaidh. Déanaidh.

Do rinne siad na cléirigh an chomhairle sin agus do hionlacadh go Camas Chomhghaill fá thuaidh iad, agus tugadh reigléas deirrid, diamhair dóibh ann, agus do freastalaíodh agus do friotháladh go maith iad ón rí go dtáinig a gcairde isteach. Agus do thiomnaíodar ceiliúradh don rí iar sin,

agus thug siad a gcurach amach ar muir, agus d'iompaigh an ghaoth ina n-aghaidh agus do ghabh íota ábhalmhór iad nó gur thit támh mhór orthu, gur chodlaíodar as a haithle; gurb é ní do dhúisigh iad fuaim toinne re tír. Is ansin fuaradar oileán féarghlas, fíorálainn agus sruth linnglan leamhnachta ar a lármeán. Agus d'ibh siad a leordhóthain as agus ní fhuaradar neach d'agallfadh iad ann. Agus do ghabhadar 'gá mholadh go mór agus dúirt siad an laoi ann:

Beannacht ort, a inis ghlan,
thugais dúinn dígh dár sásamh;
fuaramar díol ár dtarta
de mhionsruth lomleamhnachta.

Álainn do bhláth fó bharr scoth,
álainn do ghrian fád ghlanloch;
suairc do niamh thall um do thoinn,
a ghlan bharrghlas bhithálainn.

Dá mba dheoin le Rí Neimhe,
le Mac Muire Iníne,
do ba mhian linn bheith abhus
um do chaladh is um do chaomhphort.

Ní ceadaithe dúinn, is dóigh,
áitreabh na talún tonnabháine;
ní-d-ria olc, ná gléire graf,
is é Dia féin do bheannaigh.

Do ligeadar a gcurach ar muir agus ar mórfharraige.

"Ligeam dár n-íomramh," ar siad, "agus seolfaidh an ghaoth an leith is áil le Dia sinn."

Agus do bhíodar go ceann trí lá agus trí n-oíche mar sin go bhfacadar oileán uathu agus crainn dhuilleacha, dhoshmhara ann, agus sonnach airgid ar lármeán na hinse agus cora fíoruisce inti, agus stiall airgid aonghil i dtimpeall na cora sin; agus ba méadaitheach le colpach bliana gach bradán bláith, ballchorca ag baorthléimnigh suas ris an chora.

“Is dearbh linn,” ar siad, “is iad muintir do Dhia a bhfuil anseo, agus caitheam ní den iasc agus beiream linn ár ndíol de.”

Agus do rinne siad amhlaidh sin. Do bhíodar trí lá agus trí oíche ann, agus do rinne siad an laoi:

Inis róghlan rángamar
ní rángamar riamh roimhe,
aingil Dé dá dhea-choimhéad
's ag forchoimhéad a bhfleidhe.

Cora álainn airgid ghil
ar lármheán na hinse,
éigne breaca ballchorcra
do lingidís os a cionnsa.

A uisce saor, rómhilis,
a iasc i gcnuas a chítear;
ní fheicfeam a hiontsamhail
nó go sroicheam an ríchead.

A shíorghnáis, a shíoráitreabh
do ba mhian ar a mhilse,
is na ceola do chualamar,
is fuaramar san inse. Inis.

63. TAIRNGRÍONN COLM CILLE A BHÁS FÉIN

Do chuaigh Colm Cille an Satharn iar sin d'fhéachaint agaird na manach agus fuair sé dhá chruach arbha ann. Agus bhí a dheisceabal féin maille ris, .i. Diarmaid. Agus arna fheiscint sin dó, thug buíochas mór do Dhia agus do na manachaibh trí fheabhas an tís do rinneadar. Agus do bheannaigh sé féin na cruacha iar sin agus dúirt, ó dob éigean dó a gcaidreamh sin d'fhágáil agus dul do chaithreamh na glóire suthaine maille rena Thiarna, gur mhaith leis lón na bliana sin d'fhágáil acusan. Agus do fíoradh sin, óir do bhí sáith an chomhthionóil go ceann bliana sa dá chruach bheaga sin trí mar do bheannaigh Colm Cille iad.

Agus mar do chuala Diarmaid é sin ag labhairt dá bhás féin, do chaigh go géar tuirseach agus dúirt gur minic a thug sé dólás dóibh an bhliain sin trína mhinicí d'insíodh dóibh go bhfaigheadh sé bás. Arna fheiscint sin do Cholm Cille, do bhí sé ag tabhairt sóláis do Dhiarmaid mar is fearr gur fhéad agus do bhí sé 'gá theagasc de bhriathraibh ró-bheannaithe, rónaofa. Agus dúirt sé ris go raibh sicréid aige leith rena bhás féin d'inseodh sé dó dá mb'áil leis rún do dhéanamh air an céin do mhairfeadh sé féin. Agus arna ghealladh sin do Dhiarmaid, do labhair Colm Cille ris agus is ea a dúirt gurb é an Satharn do ba lá ciúnais nó saoire ag cách sa seanrecht agus gurb ann do rinne Dia ciúnas ar gcrichtnú an oibrithe sé laetha dó, de réir mar a deir an dara caibidil de *Genesis*, .i. an chéad leabhar den Scriop-túr: "Do rinne ciúnas an seachtú lá ó gach oibriú dá ndearna".

"Agus do naomhaigh agus do bheannaigh Dia an lá sin agus do ghabh sé ina lá chiúnais dó féin é; agus dá réir sin, dob áil le Dia ciúnas do thabhairt domsa ón mhíchiúnas i

bhfuilim ag cathú ris an saol agus ris an diabhal agus ris an chorp dhaonna seo atá umam. Agus, ós é an Domhnach is lá ciúnais anois ins an reacht nua, do ghéabhsa bás sa mheán oíche anocht ionas go mbeinn i gciúnas na glóire suthaine amárach, Dé Domhnaigh.”

Mar do chuala an deisceabal sin, Diarmaid, do chaígh go géar agus do theagasc agus do bheannaigh Colm Cille é ar chor go raibh sé naofa fá dheoidh trísan mbeannú sin Cholm Cille.

Is follas dúinn as an scéal seo nach ea amháin do chuir Dia Colm Cille i gcosúileas ris féin leith re hoibreachaibh do bhí os cionn an nádúir dhaonna do dhéanamh, ach gur chuir sé i gcosúileas ris féin é re ciúnas do dhéanamh ó gach saothar dá ndearna sé comhainm an lae a ndearna sé féin ciúnas, ar gcríochnú an oibrithe sé laetha dó.

64. FÁGANN COLM CILLE SLÁN AG A GHEARRÁN BHÁN, AGUS BEANNAÍONN EAGLAIS Í

A haithle na mbriathar sin a dúirt Colm Cille re Diarmaid san agard, do thionscain dul ar ais dochum na mainistreach; agus gí gearr uaidh í, dob éigean dó suí de leataoibh an bhealaigh agus scís do ligean, óir do bhí a chorp éagrua, anbhann trí chruas na beatha do bhí aige go nuige sin.

Agus tháinig gearrán bán do bhí ag tarraingt bainne dochum na manach chuige, agus do chuir sé a cheann in ucht Cholm Cille agus do shil frais de dheoraibh fola thar a ghruaibh; agus do bhí ag caí agus ag tuirse aimsir fhada amhlaidh sin amhail do bheadh duine ag dealú rena chompánach ghrách agus gan súil aige a fheiscint go brách arís, ach gur mhó do chuaigh an cumha do bhí ag an ghearrán bhán os cionn chúrsa an nádúir.

Agus mar dob fhada le Diarmaid do bhí Colm Cille ag fuireach ag an ghearrán, dob áil leis a chur uaidh, agus níor lig Colm Cille sin dó. Agus do labhair re Diarmaid agus is ea a dúirt, ach gí do bhí sé ina dhuine agus anam réasúnta aige, gurbh fhearr do bhí fios a bháis féin ag an ainmhí bhrúidiúil sin, mar do thoiligh Dia a fhios do bheith aige, ná ag Diarmaid, ach an méid d'fhoilsigh sé féin roimhe sin dó é.

D'imigh an gearrán bán uaidh iar sin agus do bheannaigh Colm Cille é ionas go dtáinig de bhrí an bheannaithe sin gurbh fhearr é, agus gur mhó do níodh sé de thairbhe do na manachaibh an céin do mhair sé acu, ná do nídís uimhir mhór de ghearránaibh eile.

Do chuaigh Colm Cille iar sin ar chnocán bheag do bhí láimh ris an mhainistir agus do thóg a lámha agus a rosca

suas dochum neimhe agus do bheannaigh an mhainistir uaidh agus do labhair go fáidhiúil agus a dúirt, gí gur bheag, dhearóil an eaglais sin, nach iad ríthe na hAlban ná a poib-leacha amháin do bhéarfadh onóir di, ach go dtabharfaidís mórán de ríthibh agus de chiníochaibh eile an domhain onóir di; agus fós, go dtabharfaidís naoimh agus pátrúin eaglais Éireann agus Alban agus iarthair domhain uile onóir mar an gcéanna di. Agus do fíoradh sin uile amhail a dúirt Colm Cille; óir do bhí togha ríora Alban, agus coda de ríora Éireann, don mhainistir sin an céin do bhí an t-ord sa staid inar fhág Colm Cille iad.

65. BÁS CHOLM CILLE

Ar mbuain cloig an mheán oíche iar sin do shaicriosta na manach, do chuaigh Colm Cille ria cách leis féin dochum na heaglaise agus do lig ar a ghlúinibh i bhfianaise na haltóra é, agus do bhí ag guí Dé go dúthrachtach ó chroí, gion gur fhéad sé a ghuí ó bhriathraibh. Agus do lean a dheisceabal grách féin é, .i. Diarmaid, agus ar dteacht i ndoras na heaglaise dó, d'fhéach sé isteach agus do chonaic sé an eaglais uile ar chomhblasadh de shoilse agus de dhealramh iomarcach i dtimpeall Cholm Cille, amhail shoilse agus dhealramh na gréine an uair is mó a dealramh sa mbliain.

Agus ar ndul do Dhiarmaid isteach iar sin, do theith an solas uaidh agus do bhí sé ag iarraidh an athar naofa fána lámhaibh sa dorchadas. Agus arna fháil dó, do shuigh fairis agus do chuir a cheann ina ucht. Agus níor chian dó amhlaidh sin an uair thángadar na manaigh chucu maille re mórán de choinnlibh agus de lóchrannaibh ar lasadh leo. Agus mar do chonacadar Colm Cille ag fáil bháis dáiríribh, do bhíodar ag caí agus ag tuirsiú go hiomarcach ina thimpeall.

Agus atá Adhamhnán naofa 'gá mheabhrú gur insíodar daoine naofa áirithe do bhí do láthair an uair sin dó féin gur oscail Colm Cille a shúile ansin, agus é sa mbás, agus gur fhéach gach taoibhe de ar na manachaibh, maille re dealramh naofa ainglí do bheith ina aghaidh. Arna fheiscint sin dá dheisceabal féin, .i. do Dhiarmaid, gur ghlac sé lámh dheas Cholm Cille agus gur thóg í do bheannú na manach, agus an méid dob fhéidir le Colm Cille, go dtug cúnamh dó dochum na láimhe do thógáil. Agus an ní nárbh fhéidir leis d'fhoilsíú ó bhriathraibh, gur fhoilsigh ó chomh-

artha é ionas gur thuigeadar na manaigh gur bheannaigh sé iad féin.

Tar éis an tuarastail dhéanaigh sin thug sé dóibh, gur scar a spiorad rena chorp ar an phonc sin féin, gur líonadh an eaglais uile den bholtanadh neamhaí tháinig de an uair sin, amhail de thúis nó mhiorr nó spíosraibh, nó de luibheannaibh dea-bholaidh an tsaoil uile; agus go raibh an méid sin de ghile agus de dheirge ina aghaidh nach cosúileas duine do ghéabhadh bás do bhí air, ach cosúileas duine do bheadh ina chodladh.

Do chríochnaigh sé amhlaidh sin beatha ghearraimseartha, theamporálta an tsaoil seo agus do thionscain sé an bheatha shíoraí, shuthain, mharthanach ar nach bhfuil críoch ná foirceann, mar a bhfeiceann Dia na nDia ina dhiagacht agus ina dhaonnacht, atá beo agus do bhí beo agus a bheas beo trí shaol na saol.

66. ADHLACADH CHOLM CILLE: CONSPÓID FÁ IONAD A AISÉIRÍ

Rugadar na manaigh corp Cholm Cille leo as an eaglais don phroinntigh i mbídís fara Colm Cille roimhe sin, agus gí gur mhinic leo bheith go subhach, sólásach fara a chéile ann, gan fhéachaint do chruas a mbeatha ná d'airde a bhfuireachrais, do ba dhubhach, dhobrónach caidreamh na manach an uair sin ris. Gí ea, do bhíodar ag déanamh onóra an choirp rónaofa, róbheannaithe sin mar is caithisí agus mar is onóraí gur fhéadadar, agus do bhí sé trí lá agus trí oíche acu mar sin.

Agus ar gcur na haimsire sin tharstu dóibh, do chuireadar éadach rógħlan, rógħléigeal uime agus do chuireadar i gcónra iar sin é agus d'adhlacadar go honórach i mainistir Í é. Agus atá Adhamhnán 'gá mheabhrú gur insíodar cuid de na manachaibh naofa do bhí do láthair an uair sin dó féin gur mar sin do rinneadh re corp Cholm Cille tar éis a bháis.

Agus gí ea, fós, atá Bearchán naofa 'gá mheabhrú go bhfuil corp Cholm Cille i nDún dá Leathghlas in aon tuama re Pádraig agus re Bríd. Agus is mar seo dhearbhas sé a theacht ann: a adhlacadh in Í, agus Mannar, mac Rí Lochlann, do theacht cabhlach cogaidh don bhaile agus iad do bheith ag milleadh an bhaile agus uaigheanna an bhaile, agus adhlactha do thochailt dóibh, agus cónraí do thógáil dóibh d'iarraidh éadála iontu; agus an chónra chrainn i raibh corp Cholm Cille do thógáil dóibh. Agus do shíleadar gur cófra i raibh ór nó airgead nó maitheas saolta eile í, agus rugadar leo amach ina long ar farraige gan oscailt í. Agus i ndiaidh dul ar an fharraige dóibh, d'osclaíodar an chónra agus, mar nach bhfuaradar inti ach corp duine, do

dhruideadar an chónra arís fán chorp agus do theilgeadar i bhfarraige í.

Agus tháinig de mhíorúilibh Dé agus de ghrásaibh an choirp bheannaithe sin do bhí inti, nach ndearna an chónra cónaí go ráinig sí go Dún dá Leathghlas. Agus d'éirigh ab Dhúin amach ar maidin agus do chonaic an chónra arna cur i dtír don fharraige agus d'oscail í agus fuair sé an corp inti. Agus d'aithin gurb é corp Cholm Cille é, agus do thóg an t-ab an corp naofa sin arna aithne dó agus do phóg é agus thug glóir agus moladh do Dhia de chionn a chur chuige mar sin. Agus do thonaich é iar sin agus do chuir sa tuama i raibh Pádraig agus Bríd é, mar a dúirt Bearchán, 'gá dhearbhadh sin:

A ordán in Í gan choire,
is a ansa ar Dhoire,
is a chorpán fón lic
fá atá Bríd is Pádraig.

67. COMPARÁID IDIR COLM CILLE AGUS PEARSANA SA SEANTIOMNA

Ní cóimheas do rachadh in easonóir do na huasalaith-reachaibh ná do na fáidhibh, ná do na haspalaibh, ná do na soiscéalaithibh, ná do na mairtíribh, ná do na coinfeasóiribh, ná do na naomhaibh eile, ná do na hóghaibh, dob áil linn do dhéanamh eatarthu anseo, ach nach áil linn na tíolactha agus na suáilcí ró-arda thug Dia dá shearbhóntaibh féin i gcéimibh os cionn gach aon duine gan a bhfoilsíú do chách. Agus fós, nach cóir dúinn oibreacha Dé do mhúchadh gan a bhfoilsíú sa té inar fhoilsigh sé féin go hiomarcach iad.

Dá dhearbhadh go dtug Dia an fhoirfeacht seo a dúramar romhainn do Cholm Cille, do bhí sé i gcosúileas sa sean-reacht ris an uasalathair, .i. re hAbrahám mac Tara, leith rena thír dhúiche d'fhágáil agus dul ar deoraíocht i dtíorthaibh ciana, coimhthíocha. Agus is follas dúinn gur thuig agus gur ghabh sé an chomhairle thug Dia féin d'Abrahám, amhail mheabhraíos Maoise mac Amhra i n*Genesis Reachta*, .i. an chéad leabhar den Bhíobla, .i. "Fág do thír agus do thalamh agus do ghaol agus d'athartha dílis agus éirigh sa tír fhoilseodsa duit". Agus is féidir linn a rá go ndeachaigh Colm Cille i gcéim foirfeachta os cionn Abraháim an méid gur searbhas agus dólás agus anshocair fuair sé de thaobh a choirp sa talúin i ndeachaigh ar deoraíocht, agus gurbh aoibhneas agus saibhreas agus gach uile mhaitheas aircheana do gheall Dia d'Abrahám agus dá shliocht ina dhiaidh sa talúin i ndúirt sé ris dul.

Agus fós, do chuaigh sé i gcéim foirfeachta os cionn Abraháim an méid gur fhág sé a bhráithre agus a chomhghaoil agus a chairde uile do bhí rólíonmhar, ró-ualas, ró-

shaibhir agus do bhí grách uime agus fá raibh sé róghrách, agus go ndeachaigh a bhráithre agus a chomhghaoil agus a chairde uile le hAbrahám ar an deoraíocht i ndeachaigh sé.

Do bhí sé fós i gcosúileas re Maoise mac Amhra leith re troiscthibh fada agus re huisce do bhuain as na carraigibh; agus féadtar a rá go ndeachaigh sé i gcéim foirfeachta os cionn Mhaoise an méid nach ea amháin do bhaineadh sé an t-uisce as na carraigibh, ach go ndéanadh fion de.

Do bhí Colm Cille i gcosúileas re hEasáias fáidh leith re fáidheadóireacht; agus is féidir linn a rá go ndeachaigh sé i gcéim foirfeachta os cionn Easáias an méid go mbíodh a lán d'fháidheadóireacht Easáias dorchá, do-thuisceana, agus an méid nár comhlíonadh an fháidheadóireacht do rinne sé ar bhás Ezekias, .i. rí clainne Iosraeil, an uair a dúirt sé go bhfaigheadh an rí bás arna mhárach; agus do chuir Dia cúig bliana thairis sin ar a shaol, amhail a deir an fichedú caibidil den cheathrú leabhar de *Leabhraibh na Ríthe*. Ní hamhlaidh sin, iomorro, do bhí fáidheadóireacht Cholm Cille, ach do bhí sí solas, so-thuisceana, agus do thigeadh sí go fírinneach, gan cairde ar bith do chur uirthi, san uair áirithe a ngealladh sé féin a teacht.

68. COMPARÁID IDIR COLM CILLE AGUS PEARSANA SA TIOMNA NUA

Do bhí Colm Cille i gcosúileas re hEoin Broinne leith re hóghacht; agus fós, is féidir linn a rá go ndeachaigh sé i gcéim foirfeachta os cionn Eoin leith re coimhéad a óghachta (gion go dtáinig ógh ris nár chomhghlan Eoin), an méid go rabhadar a lán de nithibh 'gá bhrostú dochum a óghachta do bhriseadh nach raibh ag brostú Eoin dá briseadh, mar atá, uaisle, agus scéimhe, agus óige agus saibheas. Agus gion gurbh fhurasta do Cholm Cille a óghacht do choimhéad idir gach guasacht díobh seo, do choimhéad sé i gan a briseadh go beag ná go mór ar feadh a bheatha gona bhás.

Is follas dúinn as seo gur thuig Colm Cille an focal a dúirt an fealsamh nádúir, .i. gurb ó nithibh dochracha, do-dhéanta d'iompar do gheibhtear an tsuáilce ró-ard. Agus is follas dúinn gur thuig sé an focal a dúirt Greagóir naomh, an méid is mó an cathú gur móide an luaíocht é.

Fós, is féidir linn a rá gur mó an fhoirfeacht do Cholm Cille a óghacht do choimhéad sa chorp dhaonna seo i raibh sé idir na guasachtaibh a dúramar romhainn ná do na hainglibh a nglaine féin do choimhéad, de réir mar a deir an dochtúir naofa, .i. Ambrós, gur mó an bua agus an láidreachta do na daoineibh a nglaine agus a n-óghacht do choimhéad ná do na hainglibh a nglaine, atá ó nádúr acu féin, do choimhéad.

Do bhí Colm Cille i gcosúileas re Peadar leith re grá iomarcach do thabhairt dá Thiarna féin, .i. d'Íosa Críost; agus fós, is féidir linn a rá go ndeachaigh sé i gcéim foirfeachta os cionn Pheadair i ngrá a Thiarna ar an ábhar seo: óir, do dhiúlt Peadar fó thrí do Chríost in aimsir na Páise,

agus níor dhiúlt Colm Cille dó ó do thionscain sé seirbhís do dhéanamh dó nó go bhfuair sé bás, ach d'iompair gach anshocair agus gach trioblóid agus gach dólás dá bhfuair sé ar a shon.

Do bhí sé i gcosúileas re Pól aspal leith re síoladh bhriathair Dé agus ris na ciníochaibh do tharraing dochum creidimh. Agus is féidir linn a rá go ndeachaigh Colm Cille i gcéim foirfeachta os cionn Phóil an méid go raibh Pól ar dtús ag scrios Eaglaise Dé agus go raibh sé ag cúnamh leis an lucht do chuir Stiofán mairtír dochum báis, agus go rabhadar litreacha leis ó phrionsaíbh Iarúsailéim go Damaisc ina raibh scríofa cumhachta do bheith aige ar gach aon duine do ghéabhadh sé ag admháil ainme Chríost do chur dochum báis, nó a mbreith i láimh leis go hIarúsailéim an uair do ghair Dia é, mar dhearbhas an leabhar dá ngairtear *Gníomhartha na nAspal*. Ní hamhlaidh sin, iomorro, do bhí Colm Cille i dtosach ná i ndeireadh a bheatha, ach gach duine ag nach bhfaigheadh sé creideamh Chríost ná admháil ainme an Tiarna, do bhíodh sé ag cathú riu agus ag seanmóir bhriathair Dé dóibh d'eagla go bhfaighidís bás ar seachrán chreidimh, nó go dtugadh dochum Iarúsailéim firinní iad, .i. dochum flaitheasa Dé.

Do bhí fós Colm Cille i gcosúileas re Stiofán mairtír ar mhartra d'iompar ar a chorp féin sa saol seo, agus féadaimid a rá gurbh fhusa do Stiofán an mhartra a fuair sé féin d'fhulaingt le giorra na haimsire i raibh sí 'gá tabhairt dó ná do Cholm Cille an mhartra d'iompair sé i gcroich an tsaoil re feadh sé mbliain ndéag agus trí fichid bliain ar a chorp féin, leith re hurnaí fhada agus re codladh gairid agus re gorta thoilteanach agus re trí chaoga salm do rá gach oíche agus é ina sheasamh in uisce gona smig, agus re héadach roinnigh do bheith um a chneas iar sin, agus gur

charraig chloiche ba leaba dó, agus gur chloch eile ba chearachall dó, amhail insíos tuarascáil a chrábhaidh féin i ndeireadh an leabhair seo.

Agus dá dhearbhadh gur fíor sin, do smaoiníodh Colm Cille go minic dul d'iarraidh martra ar aithris na n-aspal agus na mairtíreach, go dtáinig aingeal Dé chuige dá rá ris gur pianúla agus gur mó a luaíocht go mór dó a bheith beo i bhfad ag iompar na bánmhartra do chuir sé ar a chorp féin ná deargmhartra ghearr d'fháil mar do fuaradar na mairtírich.

Labhróimid anois méid éigin de riail Cholm Cille agus de chruas a chrábhaidh, .i. do ghnáthaíodh sé bheith ina aonar ina dhairthigh féin nó in ionad uaigneach eile d'éis na dtráth agus an Aifrinn do rá dó ag déanamh dúthrachta do Dhia. Agus do ghnáthaíodh a chorp do nochtadh agus do sciúrsadh go minic sa tseachtain agus go háirithe comhainm na huaire inar sciúrsadh Íosa. Agus níorbh áil leis taithí daoine ar bith do bheith chuige ansin, mura dtigeadh beagán de dhaoineibh cráifeacha, eagnaí i laethaibh sollúnta chuige do bheadh 'gá gcóineartú i dtiomna Dé agus i mbriathar an Scrioptúir. Agus na daoine do bheireadh scéala díomhaoineacha an tsaoil chuige, ní ghabhadh ina choinbhearsáid iad. Agus níorbh áil leis caidreamh na ndaoine saolta ach an uair do thigeadh d'aon toisc do sheanmóir dóibh, agus níorbh áil leis a shuáilcí d'fhoilsíú do dhuine eile air, d'eagla a ndul i nglóir dhíomhaoin dó, mura bhfoilsíodh féin as ábharaibh áirithe iad, dá gcur i dtairbhe do chách eile.

Do ghnáthaíodh Colm Cille obair do dhéanamh gach aon lá, agus do roinneadh sé an obair sin i dtrí: an chéad chuid di, do bhíodh ag seanmóir tiomna Dé do chách, agus d'aithníodh dóibh eagla Dé do bheith orthu agus a ghrá do bheith acu os cionn gach uile ghrá, agus grá do thabhairt dá gcomharsain amhail do bheiridís dóibh féin, agus guí go dúthrachtach ar anam na marbh. Do ghuíodh féin, agus d'aithníodh do chách mar an gcéanna guí ar bheoibh agus ar mharbhaibh an chine dhaonna, amhail ba chomhionúin leis uile iad.

An dara cuid di, do ghnáthaíodh bheith ag scríbhneoir-eacht nó ag fuáil éadaí na manach. An treas cuid di, do níodh obair éigin do rachadh i dtairbhe shuthain don

mhainistir agus do na manachaibh, agus ní scoirfeadh den obair sin nó go dtigeadh a allas.

Ní chaitheadh Colm Cille aon mhóimint dá aimsir go díomhaoín gan bheith ag déanamh dea-oibreacha éigin do rachadh in onóir do Dhia agus i dtairbhe anama dó féin agus in eiseamláir do chách.

Théadh Colm Cille go minic re cois na farraige do chnuasach agus do dhuánacht dá mhanachaibh. Agus do bhíodh seal eile ag roinn bia agus dí dá lámhaibh beannaithe, naofa féin ar bhochtaibh Dé; agus do théadh sé ina dhiaidh sin i gcarcair chúng chloiche do thabhairt péine dá chorp, amhail a dúirt sé féin sa rann seo:

Treall ag buain duilisc de charraig,
seal ar aclaí,
seal ag tabhairt bidh do bhochtaibh,
seal i gcarcair.

70. SAORANN COLM CILLE FEAR Ó CHUMHACHT AN DIABHAIL

Feachtas dár gabhadh mac Thaidhg mhic Thoirealaigh uí Bhriain le Rí Mumhan ar shlánaibh maithe Leithe Mogha, agus Turcaill, rí Gall, agus Ueinne, ardeaspag na hÉireann. Agus d'eitigh an rí a ligean amach ar chomhairle na slána sin uile. Agus ar mbeith aimsir fhada i láimh dósan amhlaidh sin i bpríosún fá anshocair mhór, agus ar mbuain a shúl d'fhortacht d'fháil do thaobh eile dó, is é smaoineamh do rinne sé ina intinn féin, .i. muintearas do dhéanamh ris an diabhal dá fhios an saorfadh sé ón bhraighdeanas sin é.

Agus ar gcríochnú an smaointe sin dó, tháinig an diabhal chuige do dhéanamh a choir ris. Agus níor chian dóibh ann iar sin an uair tháinig Colm Cille ó fhlaithreas Dé anuas chucu agus uimhir do-áirithe d'ainglibh neimhe maille ris agus do labhair ris an diabhal agus is ea a dúirt: “Ní cead duit óglachas do ghabháil ón duine sin,” ar sé, “óir is óglach domsa é”.

“Conas sin?” ar an diabhal.

“Do mheabhraigh sé an leabhar darb ainm *Amhra Cholm Cille* agus ní háil le Dia thusa do ghabháil re duine ar bith dá ndéan seirbhís domsa,” ar sé.

“Ní miste,” ar an diabhal. “Má do shaor tusa a anam ormsa, díoghlódas ar a chorp é.”

Thug a anáil faoi iar sin agus do rinne lobhar ar an phonc sin féin de.

“Is cead liomsa an phian sin do bheith ar a chorp sa saol seo trí mar do thug a dhroch-chreideamh féin air muintearas do dhéanamh riotsa, a Dhiabhail,” ar Colm Cille, “agus mar do chuaigh sé in amhras agus i mídhóchas ar Dhia. Gí ea fós, ligfear as a bhraighdeanas é agus beidh sé

ina uachtarán os cionn lobhar Leasa Mhóir Mhochudha gona bhás, agus do ghéabhsa flaitheas Dé dá anam fá dheoidh.”

Do fíoradh sin uile. Gur móradh ainm Dé agus Cholm Cille de sin.



NÓTAÍ AR NA SLEACHTA

Ionann na figiúirí i lúibíní agus na hailt in eagrán O'Kelleher agus Schoepperle de BCC.

1. (§§1-7)

Thug Colm Cille a chúl le gradam an tsaoil go toildeonach agus ghlac go fonnmhar le mairtíreacht na deoraíochta suthaine mar aithris ar a mháistir, Críost.

Níl a fhios agam cad iad na foinsí a bhí ag Ó Dónaill do na hathfhriotal atá anseo aige as Greagóir, as Agaistín agus as Bearnard naofa.

do chosnamh luaíochta: féach sliocht 10 thíos.

Greagóir: sliocht as *Breviarium Romanum*, Coitiantacht na gCoinfeasóirí-Easpag, Lectio vii.

Agaistín: sliocht as an *Confessio*?

Matha: XVI, 24.

Bearnard: *Sermone super cantica*, xxii agus lxi.

2. (§§8-13)

Foinsí agus cur le chéile: BCC.

dhá bhliain . . . Tiarna: *i.* 1532 A.D.

3. (§§33)

Fís a nochtadh do Phádraig naofa ina dtairngríonn sé meath an chreidimh in Éirinn i ndiaidh a ré féin agus teacht Cholm Cille mar lóchrann sa dorchadas.

Níl a fhios agam cad é foinse an tsleachta seo.

4. (§§43)

Iarrann aingil ar Fheidhlimidh Reachtmhar diúltú don reacht pháganach agus go nginfear Colm Cille ar a shliocht má dhéanann. Níl a fhios agam cad é an foinse.

5. (§§51-3)

Dhá thraidisiún faoi bhreith Cholm Cille atá i mbéal na ndaoine inniu féin.

Leac na Cumha: go dtí ar na mallaibh, ba ghnách le Conallaigh a bhíodh ag dul ar deoraíocht an oíche roimh imeacht dóibh a chaitheamh ina luí ar Leac na Cumha i nGartán le go dtógfaí an cumha díobh.

Is beag teach i dTír Chonaill (agus i nDoire) nach bhfuil dornán de chré Ghartáin ann agus é de bhua aici muintir an tí a shábháil ar a loscadh. Duine de bhunadh Ghartáin a chaitheas an chré a "thógáil".

Luaítear buanna eile leis an chré anseo nár éirigh liom rian

díobh a fháil i measc na ndaoine inniu.

do lig an leanbh a chros uirthi: luigh sé uirthi agus a lámha sínte amach aige.

an Chloch Rua: go bhfios dom, níl an traidisiún seo beo inniu, ach tá tagairt ag O'Kelleher agus Schoepperle as *Cal. P.R. Ja.I* (lch. 381b) — "*O'Nahan, corbe of Gartan, carries the 'read stone'*".

(Féach alt leis an Ath. P. Ó Gallchair, "Where Was St. Colm Cille Born at Gartan?" *Donegal Annual*, Iml. 5.)

6. (§64)

Níl a fhios agam foinse an scéil seo faoi aingeal choimhdeachta Cholm Cille.

Axal: fréamh Gréigise nó Eabhraise, b'fhéidir? (Tá focal Gréigise ann, *axios*, a chiallaíonn "fiúntach, measúil, uasal".)

7. (§67)

Foinse: an *Bheatha* as *Leabhar Leasa Móire* (féach Lis. Liv., 301). Toghann Colm Cille an bás is rogha leis (tairngreacht).

8. (§69)

Foinse: Adam, II, 1 (f. 53a-54a). Cuntas giorraithe, Lis. Liv., 173. Déanann Colm Cille fion d'uisce.

Is suimiúil go gcreidtear i nGarbhchríocha Alban go ndéantar fion d'uisce ar "Fhéil Fíonán" (11/12 Nollaig). Féach *Béaloideas*, III, ii (1931), lch. 145, agus lch. 80 (alt ag J. G. McKay).

9. (§72)

Foinse: Adam., III, 3 (f.105b-106b).

Ós rud é gur tharla an scéal seo i gCluain Ioraird, is dócha gur Sionóid Tailteann (562 A.D.) atá i gceist. Féach réamhrá thuas. *easpaig na talún sin*: .i. Cluain Ioraird.

"*Gibé ní cheanglóir . . .*": Matha XVI, 19.

10. (§76)

Foinse: *Féilire Óengusso (Aonghasa)*, gí nach ionann go díreach an dá leagan.

Tá rian an bhéaloidis air seo: féach go gcáineann Colm Cille a lucht leanúna i dtús an scéil as breith thobann a thabhairt ar an easpag is go mallaíonn sé féin i ndeireadh an scéil é.

Is dócha gur cumadh an scéal seo le míniú cad chuige nach raibh céim easpaig ag Colm Cille riamh. Is fearr a thuigimid inniu nach raibh a oiread béime ar an easpagacht le linn Cholm Cille is a bhí in aimsir Phádraig, nó i ndiaidh leasú an 12ú céad. B'fhéidir gur bunaíodh an scéal seo ar thoghadh Elisha mar fháidh sa tSean-Tiomna (1 *Rithe*, XIX, 19-21). (Bhí Elisha amuigh ag treabhadh nuair a tháinig Elijah air.)

11. (§82)

Déanann Colm Cille marbhánach beo. Tabhair faoi deara (i) Colm Cille a bheith ag bagairt ar Dhia gan éirí óna ghlúine mura bhfaighe sé a achainí, (ii) an éifeacht a mheas siad a bheith in aithris na saltrach, díreach mar bheadh ortha ann, agus (iii) tagairt do *bhachall* Cholm Cille, gí nárbh easpag é. (Tá cumhdach bhachall Cholm Cille ar marthain go fóill.)

De réir AU, bhí Maolcabha ina rí ar feadh trí bliana nuair a mharaigh Suibhne Meann é i gCath Shliabh Bealgadáin (615): níl iomrá ar bith ar é bheith ag dul faoi ord bheannaithe, mar deirtear anseo.

12. (§85)

Foinse: an traidisiún, déarfainn, óir tá an scéal seo i mbéal an phobail inniu féin. Féach S. Ó Súilleabháin, *Scéalta Cráibh-theacha*, (1952), §12c (scéal as Muighinis, Gaillimh) agus §14 (scéal as Rann na Feirste, Tír Chonaill), agus An Seabhac, "Scéalta Creidimh agus Crábhaidh," *Béaloideas*, III, i (1931), uimh. 4 — "Ár Slánaitheoir agus a Dheisceabail".

13. (§87)

Scéal Cholm Cille agus Mhongáin mhic Fhiachna. Bíodh is go bhfuil an scéal seo faoi Mhongán (athbheo ar Mhanannán mac Lir, cf. Innéacs Daoine thíos) lán de ghnéithe ón bhéaloideas (an cuarán ag athrú ó chois go cois, athrú crutha, an comhrá cliste, srl.), tá cuid mhaith de ghnéithe litríochta na "fise" (*iomramha, eachtraí* — cf. nótaí do Shliocht 46 thíos) fite fuaite isteach ann chomh maith (m.sh. an radharc ar ifreann is ar na flaithis). Tá dán ar an téama seo (deirtear gur Mura Fothana a chum é) le fáil in Laud 615, lch. 21, a thosaíonn leis na línte seo:

Coinne Mhongáin is Choluim chaoimh
mhic Fheilimidh an ardnaoimh;

(Féach *Ériu*, V, i-ii, lch. 9, agus ZCP, II, lch. 313-20.)

14. (§§89-90)

Foinse: na véarsaí a thugtar sa sliocht, is dócha.

15. (§93)

Foinse: píosa *dinnseanchais* is cosúil (.i. cumadh é leis an log-ainm, an Tearmann, a mhíniú.)

Níl a fhios agam an bhfuil bunús staire leis na deartháireacha uilig a luaitear anseo le hathair Cholm Cille.

16. (§97)

Foinse: Adam., II, 2 (f.54ab). Leagan giorraithe, Lis. Liv., lch. 175. Tá cuma an bhéaloidis ar an scéal seo fosta.

17. (§104)

Foinse: Lis. Liv., lch. 177. Agus tá scéal mar é ag Adhamhnán

(I, 5 — f.16b-17a), áit a bhfeiceann Colm Cille i bhfís Colmán mac uí Shailne á tharrtháil.

18. (§105)

Foinse: ón traidisiún, is dócha. Tá scéal a bhfuil an téama céanna ann in Ó Súilleabháin, *op.cit.*, uimh. 11 (as Ciarraí), agus in An Seabhac, *op.cit.*, uimh. 3, “Ar Slánaitheoir agus a Dheisceabail”. Tá cuid den scéal atá cosúil leis an chomhrá idir Dia agus Ábraham faoi scrios Sodom (*Genesis*, XI, 1-13).

19. (§§109-10)

Foinse: ón traidisiún scéal Leac na Cumha (féach nótaí do uimh. 5 thuas) agus Fhód an Bháis: tá an dá rud ar eolas ag daoine i dTír Chonaill go fóill. Sa leagan atá ag Ó Dónaill anseo, ní iarrtar ar an fhear luí ar an leac, ach uisce a ól uaithi.

20. (§113)

Is léir liomsa anseo iarsmaí as an litríocht eachtraíochta (ar nós “Eachtraí Mharco Polo”), a raibh ráchairt mhór uirthi sa 14ú, sa 15ú is sa 16ú céad in Éirinn; is léir liom fosta iarsmaí an *dinnseanchais* (míniú na logainmneacha “Port an Mhórsheisir” agus “Teampall an Mhórsheisir” i dToraigh). Ó fhilíocht chúirtéiseach ghrá na Meánaoise an téarma *grá éagmaise* a fhaightear anseo. Agus tá tionchar an bhéaloidis le sonrú sa chuid den scéal a bhaineann le Cré Thorai. Bíonn dornán den chré seo i mbunús gach aon teach i dTír Chonaill (agus — go dtí ar na mallaibh, cibé ar bith — i nDoire). Cuireann sí an ruaig ar luchóga agus ar fhrancaigh (cionn is nach bhfuil a leithéid i dToraigh?). Féach H. P. Swan, *Highlights of the Donegal Highlands* (1969), lch. 36, agus Seán Ó hEochaidh, “Seanchas Iascaireachta is Farraise,” *Béaloidéas*, XXXIII (1965), lch. 77, agus nóta lch. 96.

21. (§115)

Foinse: an traidisiún: tá an scéal seo ar eolas ag óg is ag aosta i dTír Chonaill. Téann Abhainn Bhun Linneadh isteach in uisce na Maoile Rua agus sin an fáth a n-insítear an scéal faoi iasc-airí na Maoile Rua inniu. Féach Ó Súilleabháin, *op.cit.*, §§83-4, lgh. 195-6., agus *Béaloidéas*, II, 360. (Is spéisiúil gur ó fhear i nGartán scéal §83 i leabhar Uí Shúilleabháin.)

22. (§118)

Foinse: ón traidisiún, de réir cosúlachta. Deirtear go raibh trí pheata ag Mochua, de réir scéal atá ar eolas go maith sa tír — coileach, luchóg agus cuileog. Ar éag dóibh, chuir sé méid a bhuartha in iúl do Cholm Cille: is é ar thug Colm Cille de shólás dó ná “Ní bhíonn tubaiste ach mar a mbí spré (*i. maoin*). Féach Osborn Bergin, *Scéalaíocht Chéitinn*, (BAC, 1930), §22, lch. 35.

23. (§120)

Foinse: *Liber Flavus Fergusiorum* (I, f.26v) — LS ón 15ú céad san Acadamh Ríoga.

Seantraidisiún é go mbeidh cead ag Pádraig breithiúnas a dhéanamh ar na Gaeil Lá na Bhrátha. *Féach Tripartite Life*, 1, 31 & 117; agus scéal as Maigh Eo in Ó Súilleabháin, *op.cit.*, §78, lgh. 191-2. Tá greann taitneamhach sa chomhrá idir Críost agus na naoimh Ghaelacha sa sliocht seo.

24. (§123)

Foinse: Nótaí in *Féilire Óengusso* (Aonghusa). Féach Lis.Liv., 302. (Molaisse in áit Bhaoithín.) Tá an scéal céanna seo i mBeatha Laisréan. Féach P. Grosjean, S.J., *Études Celtiques*, II (1937), §III, "La vision de S. Baithín".

25. (§124)

Foinse: Dán de na dánta a chuirtear i mbéal Cholm Cille. Féach ZCP VII, lch. 301, agus S. Ó Súilleabháin, *Handbook of Irish Folklore*, (1942), §4, lch. 635.

26. (§127)

Tá cáil le fada ar na tairngreachtaí a fhágtar ar Cholm Cille, ach níl bunús staire leo: de ghnách, bíonn siad an-ghinearálta agus is léir gur le hiareolas a cumadh a bhformhór. Tá traidisiún seo na dtairngreachtaí bunaithe ar dhánta a scríobhadh i bhfad i bhfad i ndiaidh ré Cholm Cille, dánta mar "Measca Cholm Cille" (Laud 615, agus dhá LS i gColáiste na Tríonóide, H.1.10 agus H.4.13), "Teamhair Bhreagh, gí líonmhar libh líon a fear" (Laud 615), "Tiocfaidh aimsir, a Bhréanainn" (LSS H.1.10 & H.4.13) agus "Tiocfaidh aimsir dhubhach" (Laud 615). Tá siad seo curtha in eagar ag K. Meyer in "Mitteilungen aus irischen Handschriften", ZCP X (1914) 49-53 & ZCP XIII (1919) 9.

27. (§129)

Foinse: Scéal i homaile ar Cholm Cille sa *Leabhar Bhreac*, f.260, col. 2.

28. (§§138-9)

Foinse: Bunaíodh an sliocht seo ar an dán a bhfuil véarsaí as anseo, "Déan. a Ghuaire, maith um ní". Tá an dán féin le fáil in Laud 615, 23. Tá sé in eagar ar K. Meyer, *King and Hermit*, (Londain, 1901), lch. 28.

Tá cáil ar fhéile Ghuaire: de réir an scéil seo ba é Colm Cille a spreag chun féile é.

29. (§145)

Foinse: Adam., I, 40 (f.4lab).

30. (§149 cuid de)

Níl a fhios agam cad is foinse don scéal seo.

Tá an ceart ag Ó Dónaill nach raibh Conghalach mac Maol-mithidh agus Colm Cille comhaimsearach le chéile; de réir ACM, maraíodh Conghalach sa bhliain 954 A.D.

31. (§157)

Foinse: *Tromdhámh Ghuaire*. Féach eagrán Maud Joynt, BÁC, 1931. Téama coitianta sa tseanlitríocht troscadh ar uaigh duine le hachainí a fháil. Téann an creideamh seo siar go dtí ré na págántachta. Féach Dillon & Chadwick, lgh. 131-2.

Móitíf eile sa scéal seo atá an-choitianta sa tseanlitríocht duine a athbheoítear ó ré eile, mar Fhearghas anseo, go mbíonn sé níos mó ná na daoine a fheiceann sé ar fhilleadh dó. Féach mar shampla Oisín ina fhathach i measc na “marlaí beaga” ar fhilleadh as Tír na hÓige dó.

Ní raibh Colm Cille comhaimsearach le Guaire (+663) ná le Seanchán Torpeist (+650).

“*Trí chaoga éigeas nach mín*”: cf. *Transactions of the Ossianic Society*, Iml. V, lch. 108.

32. (§168)

Foinse: Tá an scéal seo ag Céitinn agus deir sé gur as *Leabhar Dubh Molaga* é. (Tá an leabhar sin caillte anois.) Is dócha gurb é sin ab fhoinsé d’Ó Dónaill leis.

Tabhair faoi deara go ndeirtear anseo go raibh corr mar pheata ag Colm Cille, óir i sliocht uimh. 45 thíos insítear gur tháinig corr ar cuairt as Éirinn go hÍ chuig Colm Cille.

Is minic a dhéantar tagairt don tsolas a bhíodh fá Cholm Cille agus é san eaglais. Féach sleachta 54 & 65 thíos.

Sa chuid den scéal a thráchtann ar Churnán mac Aodha, tugtar dúinn an eachtra a chuir tús le cath Chúil Dreimhne. Féach réamhrá thuas.

33. (§182)

Foinse: *Imagallamh Cholm Cille agus Chruimhthir Fraoch*, dán a thosaíonn leis an líne, “Mochean, a Choilm na gclog,” as Laud. 615, 40.

Féach *Ériu*, V, lch. 13, agus P. Grosjean, S. J., *Analecta Bollandiana*, XLV (1927), lgh. 75-83.

Ní heol dom cérbh é Cruimhthir Fraoch ná Mudhán, ná cá háit a raibh Cill Mhuháin ná Eisceart na dTráth.

I dtaca leis an mhóitíf fá fheoil a thabhairt don naomh ar an Aoine, féach scéal a bhfuil an téama sin ann in S. Ó Súilleabháin, *op. cit.*, §32, lgh. 61-2 (as Tír Chonaill).

34. (§§183-92)

Foinse: Bunaíodh an scéal ar na véarsaí a thugtar anseo, véarsaí

a chuir file anaithnid éigin i mbéal Cholm Cille deoraí. Tá flúirseacht véarsaí mar iad seo ann, agus cuireann daoine cuid acu le chéile mar dhánta.

"Is uime charaim Doire": tá seo i mBeatha an naoimh (homaile) sa *Leabhar Bhreac* (cf. W. Stokes, *Three Middle-Irish Homilies from the Leabhar Breac* (1877), lch. 108. (Tá "is aire charaim Doire" ann.)

"Is anbha luas mo churaigh": as bailiúchán véarsaí atá ag Reeves ina eagrán de VSC, lch. 285.

Do bhí an oiread sin de ghrá aige ar an mbaile sin: Tá cloch ar bhruach an Fheabhail i dtailte Chlochar na Trócaire, Cnoc na nDealg (Thornhill, in aice leis an Chúil Mhór) agus tá sé creidte ag bunadh Dhoire gur ón áit sin a chuaigh Colm Cille ina churach is é ag imeacht go hAlbain: b'fhéidir gurb í an chloch sin atá i gceist ag Ó Dónaill anseo.

Os a choinne sin, tá traidisiún eile le fáil sa leabhar *Derry Columbkille* (1899), lgh. 48-9:

When finally he tore himself away from his church and entered the boat, the crowd walked along the shore as far as Glas-am-nionlaid [sic] (Greencastle), below Moville . . . At the very mouth of Lough Foyle there is a small creek known as Port Kill. Tradition says Columba disembarked there, and climbing the steep cliff, took a last look towards his loved Derry.

Luann H. P. Swan an traidisiún céanna seo ina leabhar *Romantic Inishowen* (1947), lch. 15. Níor éirigh liom féin teacht ar eolas ar bith fá Ghlas an Ionlaidh, agus ní chreidim gur seanainm ar an Chaisleán Nua (Greencastle) é. Is léir (a) ó chiall an fhocail *gla(i)s* (sruthán) agus (b) ó scéal Uí Dhónaill anseo, gur abhainn nó sruthán atá i gceist.

do chuaigh corr ar cuairt dochum Cholm Cille ó Éirinn in Albain go hÍ: féach uimh. 45 thíos.

35. (§§201-8)

Foinse: Lis.Liv., lgh. 30-1. Samplaí eile anseo de na véarsaí fán-acha a luadh thuas (nótaí do §34).

"Mo radharc thar sál sínim," "Fuil súil nglais": tá an dá véarsa seo sa chnuasach véarsaí as eagrán Reeves de VSC.

ar naoi dtonnaibh amach de: chreidtí riamh anall go raibh draíocht faoi leith leis an naoú tonn — an "tonn bháite" mar thugtar i dTír Chonaill uirthi.

Bíodh is go gceapfaí ón chuntas anseo go ndeachaigh Colm Cille caol díreach as Éirinn go hÍ, deir Anderson & Anderson go bhfuil gach cosúlacht ann nach ndeachaigh (cf. lgh. 74-80).

Tá rian ar bhás Odhráin, mar insítear anseo é, den "íobairt bhunaidh". Féach Seán Ó Súilleabháin, "Foundation Sacrifices," JRSAL, Iml. LXXV (1945), lgh. 45-52, agus nóta ag Enrí Ó Muir-

gheasa ina alt, "Features Common to Irish, Welsh and Manx Folklore," *Béaloideas*, VII, ii (1937), lch. 169.

36. (§212)

Foinse: Tá an scéal céanna seo ag Dáibhí Ó Bruadair (c. 1625-1697), agus déarfainn gur ón fhoinsé chéanna an dá leagan. Féach *Duanaire Dháibhí Uí Bhrúadair*, I, lgh. 106-7 (in eag. ag J. McErlean, S.J.). Téama a fhaightear sa bhéaloideas feoil a athchur ar chnámha ainmhithe. Féach scéal as ceantar Theilinn (Tír Chonaill) ag Seán Ó hEochaidh ina *The Well of the Holy Women*, lch. 115, agus in alt leis an údar chéanna, "Colm Cille sa tSeanchas," in *Irisleabhar Mhaigh Nuad*, 1963, lch. 43.

37. (§216)

Níl a fhios agam cad é is foinse don scéal seo.

Níl aon chruthúnas staire ann gur chuir Colm Cille a dhán *Altus Prosator* ionsar an Phápa Greagóir. Mar a léirítear anseo, chreidtí buanna míorúilteacha a bheith leis an *Altus*, mar an gcéanna le *Amhra Cholm Cille* (féach uimh. 58 thíos). Deirtí an *Noli pater* — dán eile a deirtear a chum Colm Cille — mar órtha in aghaidh tine agus toirní (féach BCC §77 — sliocht nach bhfuil sa leabhar seo). Tá sé creidte ag muintir Dhoire gur fhág Colm Cille mar bheannacht ar an bhaile nach marófaí éinne ann le linn toirní is tintrí, agus aisteach go leor, ní cuimhin le duine ar bith as Doire duine ón bhaile sin bás a fháil le slanc tintrí.

38. (§220)

Foinse: Ón traidisiún, b'fhéidir, nó eachtra i mbeatha naoimh éigin.

39. (§223)

Foinse: Traidisiún, nó eachtra i mbeatha naoimh éigin, b'fhéidir. Is ionann Findia mac uí Fhiathach agus Finnian Mhaigh Bhile.

40. (§§233-4)

Foinse: Adam., I, 19 (f.24b-25b).

41. (§238)

Foinse: Adam., I, 43 (f.43b-45b).

Meascadh "cell Rois sa Mhumhain" agus "Cill Rois" i gceantar Fhearnmhaí i Muineachán. Is é atá ag Adhamhnán "Cellrois in provincia Maudgornorum", is é sin i gceantar Fhearnmhaí.

"Is aithne dom duine": as litir Naomh Pól, 2 Cor. XII, 2.

42. (§241)

Foinse: réamhrá do *Amhra Cholm Cille*. Féach RC XX, lch. 284. Is aisteach go gcuirtear in iúl dúinn anseo go raibh Aodhán mac Gabhráin ag beartú oile do Cholm Cille: tá gach cruthú

ann go raibh ardmheas ag Aodhán ar Cholm Cille. Ba é Colm Cille a shocraigh gnoithe ríocht Dhál Riada Alban dó ag Mórdháil Dhroim Ceat, agus is follas gur chuir Aodhán an naomh mar thaidhleoir chuig Rí na bPíocht. Féach réamhrá thuas, agus Anderson & Anderson, lch. 45, §36.

43. (§248)

Tugann Aodh mac Bric bodach leis chun na bhflaitheas in ionad manaigh nár mhithid leis dul ann chomh luath sin, d'ainneoin gur impigh sé níba luaithe ar Aodh mac Bric é a thabhairt leis. Tá an eachtra chéanna le fáil in "Beatha Aoidh mhic Bhric". Féach Plummer, *Vitae Sanctorum Hiberniae*, I, lch. 45, §36.

44. (§§255-6)

Foinse: Luaitear "Beatha Eoghain" agus "Beatha Mhacairius" mar fhoinsí. Níl iomrá ar bith ag Kenny, *Sources*, ar an dá théacs seo. Ní raibh mé in ann teacht ar fhianaise ar bith faoi Mhacairius a bheith ina easpag ar Tours. Féach Kenny, *Sources*, 549-50.

Níl cruthú ar bith againn go ndeachaigh Colm Cille chun na Róimhe. Deir an *Bheatha* as *Leabhar Leasa Móire* go ndeachaigh Colm Cille chun na Róimhe agus go hIarúsailéim, agus ina dhiaidh sin go Tours agus gur "thug sé leis an Soiscéal a bhí ina lúí ar ucht Mháirtín ar feadh céad bliain" agus gur "fhág i nDoire é". Ag trácht air sin, deir eagarthóir *Derry Columbkille* (1899):

Cardinal Moran found a corresponding tradition, still clinging to St. Peter's in Rome, of his [i.e. Colm Cille's] visit there, and there seems nothing improbable in such journeys for a man so accustomed to travelling as Columba.

Ag tagairt do leabhar soiscéil Mháirtín, a deirtear a thug Colm Cille leis go Doire, deir eagarthóir an leabhair chéanna:

It was not [Colm Cille] who brought . . . [the] copy of the gospels transcribed by St. Martin, but Martin's own kinsman, St. Patrick. It was buried with him, as was the custom, and when, in 556, St. Columba presided at the enshrinement of St. Patrick's relics, he . . . took possession of St. Patrick's Gospel for Derry . . . He had a shrine built purposely for it, and dedicated to St. Martin. A "holy well" adjoined the shrine, and, in the course of time, a cemetery was formed around it. Traces of that cemetery are still visible, which, together with the military map of the 17th century, enable us to locate it at the extremity of the street known as St. Columb's Wells.

45. (§265)

Foinse: Adam., I, 48 (f.48a-49a). Féach fosta uimh. 32 thuas, áit

a ndeirtear go raibh corr mar pheata ag Colm Cille.
